# Iorras Aithneach 2022

Carna/Cill Chiaráin














An Fóram do Phobal Iorras Aithneach €10

# Siopa Dowd

Carna, Co na Gaillimhe.

H91NCW7




Ph:00353-95-32882

siopadowd@gmail.com

siopadowd

*Míle buíochas as ucht bhur dtacaíochta le linn na bliana.Nollaig Shona agus Bliain Nua faoi shéan is faoi mhaise dhaoibh ón bhfoireann ar fad.*

## FOCAL ÓN EAGARTHÓIR -

Bliain a bhí intí seo a bhain stangadh as chuile dhuine. Shíl muid go raibh linn ach ar cuireadh an víreas bradach Covid 19 ag cúlú. Ach ní túisce é sin déanta no gcur thárla eachtraí i bhfad ó bhaile a d'fhág a lorg ar phobail bheaga i gConmara. Bhí muide ar cheann acu.

De bharr ionsaithe na Rúise ar a dtír féin, tháinig cuid mhaith do chéad de mhuintir na hÚcráine chun cónaíthe sa bpobal seo, bíodh an thréimhe sin acu inár measc fada no gearr.

Tá súil againn uilig go mbeidh deis acu filleadh ar a dtír dhúchais amach anseo agus guíonn muid sonas agus suaimhneas orthu.

Ar ndóigh, ní raibh aon cheapadh ag duine ar bith i dtús na bliana seo 2022 go mbeadh an praghas ar mhórán chuile rud ardaíthe thar cuimse agus muid ag teannamh leis an Nollaig seo.

Níor shamhlaigh muid go mbeadh baol ann go múchfaí an solas faoi Nollaig.

Ach beagbeann ar an tarringreacht go bhfuil geimhreadh crua bagartha orainn, ní chaillfidh muid an mhisneach, an dóchas as an saol atá romhainn agus an acmhainn ghrinn agus dhiabhlaíochta atá go smior ionann mar mhuintir Chonamara. Tá na feitheacha sin sa bpobal seo go láidir.

Beagbeann ar chuid de na hiarrantaí atá fáighte ag an bpobal, níor leagadh fós muid….agus ní leagfar.

Go raibh Nollaig mhaith agaibh uilig agus go mba fearr a bheidh sibh bliain ón Nollaig seo.

## NÁR LAGA DIA SIBH

Thuig Coiste Pleanála Teanga Chonamara Láir cuidiú mór dúinn i mbliana. Laghadaíonn an tacaíocht sin an t-ualach oibre atá orainn agus go n-éirí leo ina gcuid oibre. Glacann an Coiste Pleanála Teanga leis go neartaíonn leabhar bliantúil Iorras Aithneach stadas an chultúr, na hoidhreachta agus an Ghaeilge sa taobh seo tíre.

Bhí Údarás na Gaeltachta linn go láidir freisin aríst – tá muid ina dtuilleamaí go mór. Níort loic an comhlacht Corio atá ag plé le scéim ghaoithe na Sceirdí orainn ach an oiread.

Agus, ar ndóigh, na comhlachtaí agus na heagraíochtaí a thugann urraíocht agus fógraíocht dúinn go féiltiúil, go raibh rath ar a ngnó agus a gcuid gníomhaíochtaí.

Tá míle buíochas dlite do Choiste an leabhair as seasamh leis an iarracht seo bliain i ndiaidh bliana. Is breá go deo an tseirbhís atá tugtha agaibh don phobal seo sa mbaile agus thar sáile.

Thug Annette Seoige-Uí Mhainnín cúnamh iontach aríst i mbliana; munach an cúnamh sin ní fhéadfaí an leabhar seo a chur amach. Bhí Eileen Uí Dháibhís ar na maidí go láidir freisin ar go leor bealaí. Is iontach an tacaíocht don phobal seo an bheirt acu.

Bainigí sult as leabhar "Iorras Aithneach 2022". Sin é an t-údar go bhfuil sí ann – eolas a thabhairt faoi shaol an lae inniu, súil siar a na sean laetheanta, súil chun cinn agus súil anonn agus anall; cabhar racht gháirí a dhúiseacht sa gcroí agus chuimhní cinn a spreagadh san intinn.

Go raibh Nollaig mhaith agaibh agus go mba fearr a bheidh sibh bliain ó inniu.

**Máirtín Ó Catháin**

### NA PICTIÚIR AR AN gCLÚDACH

**Barr, ó chlé:** Bríd Ní Mhaoilchiaráin as Roisín na Mainíoch, Carna -buaiteoir Chorn Uí Riada ag Oireachtas na bliana seo i gCill Áirne. Seo é an triú huair an phríomhdhuais ar an sean-nós buaite ag Bríd.

**Barr, ó dheis:** Éabha Ní Chathasaigh as an Duibhithir, buaiteoir an teidil "An Cailín Gaeleach' ag Comórtas Náisiúnta Peile na Gaeltachta i mbliana. Iníon le Mae agus John Ó Cathasaigh. Bhí Cumann Peile Charna/an Chaisil an-bhródúil as an gradam mór seo a fuair Éabha.

**Sa lár:** Albert Mac an Riogh (ar chlé) agus Pádraic Chóilín Sheáin Dhúdara. Pictiúr tógtha i mbliana.

**Íochtar ar chlé:** Ag tacú le Gaillimh. Dream óg Chill Chiaráin – gliondar agus dóchas ina gcroíthe roimh chluiche ceannais peile na hÉireann idir Gaillimh agus Ciarraí i mí Iúil.

**Íochtar ar dheis:** Giofte an cheoil agus na n-amhrán acu – Séamus Ó Flatharta ar dheis agus a dheirfiúr, Caoimhe. Tádar in Áras an Uachtaráin sa bpictiúr seo in éineacht le Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn.

## *Cúrsaí Saor in aisce / Free of Charge Courses!*

# Ionad Breisoideachais Ros Muc

## Glinn Chatha, Ros Muc, Co. na Gaillimhe

Tel: 091 574411 / 086 0653897 mairead.seoige@gretb.ie www.fetchcourses.ie

Tá spás ar na cúrsaí seo a leanas. Déan teagmháil linn ag na huimhreacha thuas nó seol ríomhphost chugainn.

Ros Muc Further Education centre is offering the following courses free of charge. Please contact us at the above number or email address for further information.

- ***Múinteoirí le taithí na mblianta*** *(Experienced Teachers)*
- ***Ranganna Beaga*** *(Small Class Sizes)*
- ***Spás Páirceála Saor in Aisce*** *(Free Parking Spaces)*

- ***Riarachán Gnó & ICDL*** *(Business Administration & ICDL)*
- ***Gairneoireacht*** *(Horticulture)*
- ***Cúram agus Oideachas na Luathóige*** *(Early Childhood Care and Education)*
- ***Tacaíocht Cúraim Sláinte*** *(Healthcare Support)*
- ***Teicneolaíocht Fáisnéise agus Cumarsáide*** *(Information and Communication Technologies)*

# Cúrsaí i Leitir Móir & Carna

## (Courses in Lettermore & Carna, Co. Galway)

- ***Tógáil Bád Beag Adhmaid*** *(Small Wooden Boat Building)*
- ***Lónadóireacht*** *(Catering – Kitchen Skills & Short Order Cooking)*
- ***Dobharshaothrú*** *(Aquaculture)*
- ***Stair Áitiúil*** *(Local History)*

Tuilleadh eolais (For more information please contact):
Mairéad Ní Chonaire: 086 – 0331351 / mairead.uichonaire@gretb.ie

gretb
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
*Galway and Roscommon Education and Training Board*

BTEI
BACK TO EDUCATION INITIATIVE

QQI AWARD

VTOS
Vocational Training Opportunities Scheme

# Cloch an Mhíle

*le Máirtín Ó Catháin*

“Cloch an Mhíle”. Bhí tú gar go maith do Theach an Phobail i gCarna anois – míle eile siúil agus bhéifeá ar do ghluine ar aghaidh na haltóra. Sách tugtha a bhéifea i ndiaidh do chuid siúil ar maidin lá Nollag. Ní raibh greim ite agat. Bhí ort a bheith in do throscadh ó mheán oíche roimhe sin. Bhéifeá ag glacadh na Comaoineach. Dlí na hEaglaise san am sin; gan peaca ar do choinsias ná lorg beatha ar do cholainn agus tú ag dul i bpáirtíocht le Críost.

Tá na ruibricí sin ar lár agus níl aon ocras ag “Cloch an Mhíle” níos mo.

I gceantar Dhú Leitir atá Cloch an Mhíle. Ní cloch an-fheiceálach anois í. Níl sí sa gcaint; níl sí sa saol; ní bhaineann sí le Eaglais ná le Comaoineach níos mo. Na daoine a shiúil ó cheann thuaidh an phobail seo go hAifreann Charna i bhfad siar, chuirfeadh Cloch an Mhíle gliondar ina gcroithe. Gan ach míle amháin fágtha anois in aistear maidne sé nó seacht de mhílte; aistear a thosaíodh go minic le solas gealaí. Aistear chuig Teach Dia, coisméig in ndiaidh coisméige. Ócáid bheannaíthe, ócáid a mbeadh trácht uirthí ar feadh na bliana agus, go deimhin, ar feadh na mblianta.

Sin é nádúr na gclocha míle. Marc ar an mbóthar, marc ar muir, mar i gcosán an tsaoil. “ Carraig an Mhíle” nó “Cloch an Mhíle”. Marcanna an tsaoil.

Shroich ceathrar ban as an bpobal seo clocha míle i mbliana - 100 bliain agus tuilleadh lena chois sin.

De réir an nádúir cuireadh glaoch chun cille ar bheirt acu níos deireannaí i mbliana, tamaillín i ndiaidh dóibh ceiliúradh a dhéanamh ar chothrom a gcuid laetheanta beirthe – Kate Ní Chlochartaigh as an oileán Bior Mór ó dhúchas, agus Annie Uí Mháille as Doire Iorrais (Annie Ní Labhra as Roisín na Mainíoch ó dhúchas). Go raibh suaimhneas síorraí acu.

Agus muid ag scríobh i mí na Samhna, 2022, guíonn muid saol suaimhneach anseo inár measc ar Mháire Mhadaoín as Oileán Fhínnse agus ar Bhríd Uí Dhubháin as Roisín na Mainíoch. Tá Máire ag ligean a scíthe anois i dTeach Altranais Charna; cónaíonn Bríd ina teach féin, an-ghar don áit ina dtáining sí ar an saol i 2022.

Cé go bhfuil go leor daoine ag maireachtáil níos sine anois ná a bhíodh san tsean aimsear, is iontach an éacht, agus is iontach an chloch mhíle é an CÉAD. Thug na mná seo misneach agus árdú croí don phobal. An bóthar a shiúil siad, ní bóthar mín, réidh a bhí ann go minic. Is iomaí sin cloch mhíle a bhí le baint amach acu.

Scríobh iriseoir Meiriceánach arb ainm, Tom Brokaw leabhar aitheanta ar ar tugadh “The Greatest Generation”. Bhfachtas dó go raibh an ghlúin a mhair thrí aimsir an “Depression” sna Státaí, agus a mhair thrí aimsir an Dara Cogadh Mór agus, a bhí fite fuaite san sruth oibre a thug Meiriceá go barr feabhais sna 1950aidí ar an nglúin a bhfearr sa tír sin. Mairg a shéanfadh nach raibh na mná seo a shroich CÉAD, agus blianta lena chois sin, sa bpobal seo i mbliana 2022 imeasc Glúin na Laoch in Éirinn. Ta tuilleadh futhu i leabhar “Iorras Aithneach 2022”.



**Máirtín Ó Catháin**
Eagarthóir “Iorras Aithneach 2022”

Níl an treampán céanna ag baint leis an saol – ná a leath oiread- anois agus a bhí le linn don cheathrar ban uasal sin a bheith ag treabhadh i dtreo chloch an mhíle. Ar bhealaí eile, tá an pobal níos “boichte”. Níl na daoine ann leath chomh fairsing agus a bhíodh; tá na daoine óga ag imeacht leo i gcónaí agus tá an lear gasúr sna scoileanna an-íseal i gcomórtas leis an gcaoi a mbíodh sé.

Ar bhealaí tá muid ag Cloch an Mhíle.

D’fhéadfadh muid casadh ar ais; d’fhéadfadh muid fanacht anseo agus scith a ligean ag Cloch an Mhíle – nó d’fhéadfadh muid an chuid dheireannach den aistear a shiúl go háit níos fearr.

Cuimhníodh muid ar na dúshláin a chuir an ceathrar a shroich an CÉAD i mbliana dhíobh, agus ar an gcaoi ar sháraigh siad chuile ghoimh, no gur shroicheadar cloch mhíle an CHÉID.

Thugadar sampla dúinn ar dháiríreacht agus ar mhisneach.

Tá ceacht le foghlaim againn uathu. Teastaíonn misneach agus dáiríreacht i gcónaí.

Sé é atá le déanamh anois sa bpobal seo – carraig láidir eacnamaiochta, fostaíochta agus sóisialta a dhaingniú in Iorras Aithneach.

Cloch an Mhíle

# Máire Ní Chlochartaigh

## – ceannródaí i bPeil na mBan.

*le Máirtín Ó Catháin*

Déanann Máire Ní Chlochartaigh píosaí móra rothaíochta, scaittí. Bean í atá aclaí agus folláin. Ach, í ag dul thar pháirc peile, le linn a cuid rothaíochta, tagann splanc ina croí – ar feadh cupla second. Ansin: " Bhuel, uaigneas ar bhealach. Tuigim go bhfuil mé réidh leis na laetheanta sin. Ach, níl aon ghlacadh agam leis fós! Cuireann sé cumha orm".

Bhíodh a máthair i Muigh Inis ag rá léi ina cailín óg gur dóigh go dtabharfadh sí an liathróid a chodhladh léi. Pé ar bith áit ar a dtabharfadh sé a haghaidh, bhíodh sí dá preabhadh ón gcóis go dtí an lámh – an "toe-to-hand' – ar bun aice.

"Bé an rud ba nádúraí faoin domhan agam é', arsa Máire.

Bhí an trá ar an taobh eile den doras, trá gheal Mhuigh Inse. Bhí spás agus fairsingeacht ansin. Tú féin agus do liathróid.

Chaith Máire deich mblian fichead, no tuilleadh, ag imirt. Ach, i gcónaí caitheann sé súil siar ar chluichí na scoile, ná cluichí idir Scoil Náisiúnta Mhuigh Inse agus Scoil Náisiúnta an Chlocháir i gCarna, go háiríthe. Thagadh Packie O'Brien as Muigh Inis chuig an scoil áitiúil ag cur oiliúna orthu. Ar ndóigh, bhí Packie - go ndéana Dia grasta air – ina pheileadóir cumasach ina óige. "Thug sé an-chúnamh dúinn", adeir Máire.

Bhíodh fóirne as na scoileanna náisiúnta uilig i gCarna agus i gCill Chiaráin san iomaíocht sna comórtais sin agus neart imreoirí acu sna 1970óidí, ní hionann é agus an lá inniu. Bhíodh comórtas ann thart ar aimsir Fhéile Mhic Dara agus scoileanna Charna, Chill Chiaráin agus Ros Muc ag cur a chéile. Cupán a bhí curtha suas ag Éamon Ó Malóid a bhíodh ag na buaiteoirí.

Bunaíodh an chéad fhoireann ban pheileadóirí i gCarna I 1979. Bhí Máire ina peileadóir óg cumasach faoin am sin agus roghnaíodh í ar fhoireann na Gaillimhe. De réir mar a chuaigh na blianta thart, shocraigh Máire agus Gráinne Ní Chearrbhaláin a dhul ag imirt do fhoireann Naomh Greallán i mBéal Átha na Slua, an dream ba láidre sa gcontae i bpeil na mban san am sin. Ba mhór an saothar a bhí ann; théadh siad dhá oíche sa tseachtain soir go Béal Átha na Slua ag traeneáil ar Pháirc Uí Dhúgáin. Ach bhí a fheileacht orthu. Bhuachadar Craobh Chonnacht i 1989.



**Máire Uí Chlochartaigh**

Bhain Máire tréimhse eile amach ag imirt le Gaillimh agus i 1993 toghadh í freisin mar Rúnaí ar Bhord an Chontae do Pheil na mBan.



**Máire - an liathróid aice - ina caiptín ar Ghaillimh.**

Bhí sí ag feidhmiú mar Oifigeach Gaeilge don Bhord freisin. Thart faoin am sin freisin bhí cluiche ceannais contae ann idir Leitir Móir agus Naomh Greallán agus Máire ina caiptín ar fhoireann Bhéal Átha na Slua.

Ansin, an mí-ádh atá chuile imreoir báire de chineál ar bith ag iarracht a sheachaint. Ghortaigh Máire an "cruciate ligament" ina glúin. Bhí sé ina imní go raibh a cuid peile imríthe. Ach ní gheillfeadh bean Mhuigh Inse chomh réidh sin! Bhí ré eile in ann dí leis an bhfoireann nua a bunaíodh sa taobh ó thuaidh de Chonamara – Cumann Ghráinne Mhaol a bunaíodh i 1995. Tháing siadsan aníos na grádanna uilig no gur shroich siad na sinsir i nGaillimh. Bhuagh Máire craobhacha contae aríst agus craobh Chonnacht uilig sna sóisír.

In imeacht na mblianta, feictear d'í gurb í Cora Staunton as Muigheo an peileadóir a bhfearr ar imir sí ina haghaidh. Ní raibh a fhios agat ar abhus no tháll a bheadh sí", adeir Máire. "Bhí sí cumasach ar chuile bhealach. Ní raibh a sárú ann."

Creideann Máire go láidir go dtagann bua na peile leat ón mbroinn. "Tá sé fior-shoiléir domsa i gcónaí gur bua nádúrtha é. Aithníonn tú ar dhaoine é". Ach, níl Máire ar an téad chéanna le go leor daoine faoin gcoimhlint a thabhairt isteach i bpeil na mban no go mbeidh na cailíní caite dhá bhliain déag, ar a laghad. "Silim nar cheart go mbeadh comórtais ann no go mbeadh 12 bliain, ar a laghad, caite amach acu".

Tá díomú ar Mhaire go bhfuil peile na bhfear báite go mór anois i dtaictící cosanta agus moilliú ar an imirt. "Níl dabht acu go bhfuil scoth na bpeileadóirí ann ach tá go leor den mhaith bainte as an gcluiche".

Is cúis áthais do Mháire go bhfuil fóirne maith ag Carna anois i bpeil na mban. Téann sí ag breathnú orthu ag traeneáil agus ag imirt ar an bPlantation. Agus í ag caitheamh súil orthu, caitheann sé súil siar scaittí freisin agus feiceann sí beag óg eile ar an bpáirc. "Tagann focla im mo intinn…céad faraior…céad faraíor".



Sweeney Oil
Teas Tí
ó 1987
An bealach is teolaí...
CLOCHÁN
MAIGH CUILINN
GAILLIMH BÓTHAR ÁTH CINN
ÓRÁN MÓR
TUAIM
BAILE AN RÓBA
ARAN
ROS COMÁIN
Sweeneyoil.ie
Home Heating
Since 1987
1800 555 999
www.sweeneyoil.ie
Celebrating 30 years! of service
The warmer way to heat your home
Sweeney Oil
Since 1987
Easy Pay BudgetPlan
Spread the Cost of Heating your Home throughout the year
Affordable monthly payments
No large home heating oil bills
Excellent Customer Service
Quality Fuel & Fast Delivery
the warmer way to heat your home!
Scaip an costas chun do Theach a Théamh amach i rith na bliana
ÍOC ÉASCA Plean Buiséid
1800 555 999
www.sweeneyoil.ie
An bealach is fearr le do theach a théamh

# Tús maith, leith na oibre!

*le an tAthair Shane Ó Súilleabháin – Sagart Pobail Charna.*

Ba é 1ú lá Deireadh Fómhair 2022 cothrom lae ar tháinig mé anseo i bParóiste Mhaíros bliain ó shin. Is breá liom gach nóiméad de mo chuid ama anseo. Bhí dúshláin ann, go leor a d'fhoghlaim mé i mo chéad bliain mar Shagart Paróiste, mar a bhí leis an teanga go háirithe. Bhí amanna deacra ann freisin, nuair a bhí mé le teaghlaigh áitiúla de bharr méala agus cásanna struis. Ach don chuid is mó, tá go leor, go leor beannachtaí marcáilte ag an mbliain.

Ar cheann de na beannachtaí is suntasaí ó mo dhearcadh, tá fáilte a chur roimh cheathrar fear agus ban óg chuig an bParóiste, atá ag tuiscint gairm ar an saol reiligiúnach. Tugann siad leo an fuinneamh agus an díograis atá mar bhronntanas speisialta do dhaoine óga. Agus thar aon rud eile, tugann siad leo torthaí an Spioraid Naoimh. Sin iad táscairí a láithreachta agus torthaí a chuid oibre: grá, áthas, síocháin, foighne, cineáltas, flaithiúlacht, dílseacht, naofacht, féinsmacht. Mar sin, go pearsanta cuireann siad an oiread sin le mo shaol agus le saol an Pharóiste, agus tugann siad rud éigin Dé leo pé áit a dtéann siad.

Beirt fhear agus beirt bhan iad. Is as an Ghearmáin í Annika, is as Luimneach í Ruth, is as Dún na nGall é Chonchubhair agus is as Muineachán é Mháitiú. Chuir siad tús le bliain thiomnaithe sa Pharóiste i mí Mheán Fómhair a chríochnóidh i Meitheamh na bliana 2023. Ansin cinnfidh siad an bhfuil Dia ag tabhairt cuireadh dóibh leanúint ar aghaidh lenár órd óg nó é a leanúint ar chosán éigin eile. Leanfaidh siad ar aghaidh ag obair laistigh de roinnt scoileanna, sa teach altranais, ag tabhairt cuairteanna baile agus ag cabhrú leis na hAifrinn.



**An tAthair Shane Ó Súilleabháin**

Is bronntanas iontach iad domsa, don Pharóiste agus don cheantar ar fad. Gabhaimid buíochas le Dia ar a son agus iarraimid a bheannacht orthu agus iad ag caitheamh na bliana seo inár measc.

**NÓTA ÓN EAGARTHÓIR –**

I Chicago a rugadh agus a tógadh an tAthair Shane. Tá cruthaíthe thar cionn aige ar an nGaeilge ó tháinig sé anseo – idir Ghaeilge labhartha agus scríofa. Go n-éirí go geal leis ina chuid oibre sa bpobal seo.

*Ag cosaint cearta teanga*

*www.coimisineir.ie*

An Coimisinéir Teanga

*An Coimisinéir Teanga,*
*An Spidéal, Co. na Gaillimhe, Éire.*
*Fón: 091-504 006 / 1890-504 006*
*Ríomhphost: eolas@coimisineir.ie*

# I nGáirdín Dé

*Ar dheis Dé go raibh siad*

**Daoine a fuair bás agus a cuireadh sa bpobal ó Meán Fómhair 2021 - Deireadh Fómhair 2022.**

**Barbara Fitzpatrick**
**Padraic O'Brien**
**Raymond Flaherty**
**Caroline Ridge**
**Mairtín O'Brien**
**Áine Uí Mháille**
**Maire Dundass**
**Coilín Lydon**
**Patrick Maloney**
**Peadar Kelly (Ó Ceallaigh)**
**Pádraic Madden**
**Kate Greene**
**Paraic Keane**
**Máire Uí Bhriain**
**Máirtín Ó Cualáin**
**Joe Kelly (Ó Ceallaigh)**
**Máirín Uí Cuirrín**
**Rita McDonagh**
**Mary T. Cunningham**
**Dara Khate Flaherty**
**Coilín Seoighe**
**Patrick (Patsy) Keane**
**Coleman Ó Máille**
**Bríd Ní Chualáin- Uí Mhaoilchiaráin**
**Colm Ó Cathasaigh**

**AN LÍON GASÚR SNA BUNSCOILEANNA**

| | 1990 | 2000 | 2010 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cill Chiaráin | 73 | 54 | 25 | 31 | 25 | 30 |
| An Aird Mhóir | 50 | 66 | 51 | 18 | 18 | 17 |
| Carna | 78 | 54 | 33 | 53 | 59 | 61 |
| Muigh Inis | 30 | 26 | 16 | 18 | 7 | 7 |
| An Aird Thiar | 61 | 35 | 26 | 33 | 27 | 24 |
| Muighros | 38 | 13 | Dúnta | Dúnta | Dúnta | Dúnta |
| **IOMLÁN:** | **330** | **248** | **151** | **153** | **136** | **139** |


**AN LÍON DALTAÍ I SCOIL PHOBAIL MHIC DARA**

| 1990 | 2000 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|
| 217 | 194 | 103 | 115 |

## Céad Fáilte Romhaibh:

*Baisteadh na gasúir seo leanas i bParóiste Iorras Aithneach idir 02.10.2020 agus 20.10.2022. Tá dhá bhliain i gceist anseo.*

Seán Patrick Einniú
Caragh Joanna Ní Dhonncha
Mícheál Colm Donohue
Máitiú Mícheál Ó Cualáin
Penny Anne Casey
Joe Fearín Mylotte
Aoife Belle Loftus
Ferdia Thomas Mac Donncha
Michael Patrick Connolly
Roisín Grace Ní Fhlatharta
Saoirse Bríd Frances McStay
Eileanóra Ní Chillín
MacDara Burke
Seamus Rí Ó Ceannabháin
Senán Mícheál Ó Súílleabháin
Dara Patrick Kennedy
Iarlaith Macdara Nihil
Ailbhe Jo Buckley
Sienna Harper O'Donnell
Liam Mason Mulkerrin
John Patrick Fallon
Coilín MacDara Devane
Sadie Rose Mulkerrins
Aodhán Simon McDonagh
Coleman Sean Connolly
Sonny Patrick Conroy
Stevie Ó Cuirrín
Eleanor Saoirse Lydon
Emily Rose Lydon
Siobhán Nic Dhonncha
Ciara Marie Ní Chlocharta
Aine Maggie Ni Chlocharta
Ciarán Joseph Murphy
Iarlaith Shane Sheil
Bianka Martyna Kasza
Darcey Keane
Aonghus Gerard O'Toole
Fiach Cian Pádraic Ó Cúaláin


Údarás na Gaeltachta
Gaeltacht
na hÉireann
Gaeltacht
na hÉireann
Branda – Gaeltacht na hÉireann
Réigiún cruthaitheach bríomhar é an Ghaeltacht ó thaobh teanga, stair, cultúr, fiontraíocht, daoine agus tírdhreach de.
Tá branda nua faoi leith forbartha ag Údarás na Gaeltachta le húsáid chun iontais an réigiúin seo a chur chun cinn.
Tá an branda ar fáil do chuile dhuine le n-úsáid – ár gcuid cliaint, comhlachtaí eile lonnaithe sa nGaeltacht, eagraíochtaí pobail, an earnáil turasóireachta, na healaíona agus earnálacha eile.
Chuile eolas le fáil ag www.udaras.ie
eolas@udaras.ie
www.udaras.ie

# Plean Gníomhaíochta 5 Bhliana Iorras Aithneach

*le Mícheál Ó hÉanaigh*

**Mairfidh tréimhse an Phlean Gníomhaíochta Iorras Aithneach bliain eile. Sé Micheál Ó hÉanaigh, mar Phríomhfheidhmeannach ar Údarás na Gaeltachta san am, a leag amach an Phlean seo. Caitheann Micheál a shúil anonn agus anall anois ar Phlean Iorras Aithnigh.**

Tá gá go mbunófaí forbairt ceantair tuaithe ar acmhainní nádúrtha í gceantair ar nós Iorras Aithneach. Tá acmhainní ar leith ar fáil do cheantair ar leith. Is acmhainní iad seo gur féidir iad a fhorbairt ar bhonn inbhuanaithe agus gur féidir leas a bhaint astú don fad-théarma.

Tá gá le cur chuige iomlánaithe agus straitéiseach a bheith ann chun an leas seo a bhaint amach. Tá gá le soiléireacht a bheith ann faoi na hacmhainní atá ar fáil, agus a bheith soiléir faoin slí is éifeachtaí chun tabhairt faoin bhforbairt. Tá eolas áitiúil agus comhpháirtíocht sna pobail áitiúla riachtanach dó seo.

Is ar bhonn co-oibrithe agus comhpháirtíochta a chaithfear tabhairt faoi phróiseas forbartha inmharthanachta. Tá pobail áitiúla agus gnóthaí áitiúla lárnach. Tá gá le ionchur ó eagrais stáit ábhartha a bhfuil dualgais forbartha orthu. Tá gá chomh maith le comhpháirtíocht na n-údaráis áitiúla, ag tabhairt san áireamh an ról pleanála atá ag na húdaráis seo.

Tá sé soiléir nach féidir le haon dream na spriocanna atá leagtha síos san phlean seo a bhaint amach leo féin. Tá comhoibriú agus comhpháirtíocht ag teastáil.

Leagan an phlean seo amach na deiseanna suntasacha atá ann don cheantar sna hacmhainní éagsúla atá ar fáil. Tá gníomhartha aitheanta bunaithe ar acmhainní mara, an acmhainn ghlas, fuinneamh in-athnuaite, turasóireacht agus forbairt fiontar. Tá na féidearthachtaí a bhaineann le cian-oibriú trí forbairt G-Teic aitheanta in Iorras Aithneach chomh maith.

Tá tograí den chéad scoth aitheanta in san phlean – an G-Teic, Páirc na Mara, Ionad Cuimhneachán na nImirceach agus tograí mar Dhrioglann an Chnoc Bhuí. Tá féidearthachtaí den scoth ag baint le pleananna Fuinneamh Sceirde Teo. don cheantar. Is tograí iad seo a d'fhéadfadh cruth Iorras Aithneach agus Conamara trí chéile a athrú ar bhealach fíor





Micheál Ó hÉanaigh

dhearfach nuair a thiocfadh siad chun cinn. Is tograí iad a chuirfidh borradh faoi shaol eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha an cheantair. Is tograí iad a chruthóidh agus a chothóidh fostaíocht suntasach agus inmharthanach.

Tá dúshláin ag baint leis na tograí seo a chuir i bhfeidhm, dúshláin phleanála, rialacha timpeallachta, infheistíocht agus mar sin de. É sin ráite, tá sé soiléir gur fiú tabhairt fúthu mar go bhfuil todhchaí an cheantair ag braith orthu.

Ach ta buntáistí ag an cheantar, ina measc na hacmhainní agus na tograí atá luaite anseo. Tá fíor acmhainn ag an cheantar i bpobal an cheantar féin. Tá pobal gríosaithe agus gníomhach sa cheantar. Tá coistí an cheantair tagtha le chéile i gCoiste Comhairleach Iorras Aithneach. Tá Comharchumann pobal réamhghníomhach sa cheantar i FCL Teo. Tá na dreamanna seo ag obair chun gar-spriocanna an Ghníomh Phlean a bhaint amach. Tá páirtíocht láidir cruthaithe idir an pobal agus leithid Údarás na Gaeltachta agus Acadamh na hOllscoile.

Is cinnte go bhfuil deiseanna ann. Is cinnte freisin gur féidir iad a shárú agus torthaí dearfacha a bhaint amach don cheantar ach leanúint leis an phlean agus leis an chomhpháirtíocht.


ANIAR
Scéal an Phobail
Féile an Earagail 2022
Comórtas Peile na Gaeltachta 2022
Céim Chun Cinn
Bailte
RTÉ RnaG 50
Ómós - Michael D
Ceolaireacht
Bláth na hÓige
LÉIRITHEOIRÍ TEILIFÍSE AGUS SCANNÁN
CORCA DHUIBHNE | CONAMARA

# Caoga Bliain ó Shin
## - Súil ar an mbliain 1972.

*le Seosamh Ó Cuaig*

**An Scoil Phobail**

D'oscail Scoil Phobail Mhic Dara. Cuireadh an cheardscoil agus an mheánscoil le chéile agus rinneadh scoil amháin díobh. Bhí beirt ar an mbord bainistíochta ar son na ceardscoile, beirt ar son na meánscoile agus beirt ag na tuismitheoirí. Ba iad Pádraig Ó Cosgordha agus Stiofán Ó Cualáin a thogh na tuismitheoirí.

**Eachtra ar farraige**

Cuireadh fios ar bhád tarrthála Árann agus ar héileacaptar an Airm nuair nár tháinig Marcas Ó Cathasaigh agus Páraic De Búrca isteach den fharraige. An t-inneall a chlis orthu. Ba é Richie Mac Donncha a tharraing an bád i dtír.

**Saoire do ghasúir as an Tuaisceart**

Tugadh saoire i gCarna do ghrúpa mór ógánach as Doire agus as Béal Feirste. Bhí na trioblóidí ag éirí go dona ó thuaidh. Sa gClochar a thug na mná rialta lóistín don dream a tháinig aduaidh.

**Mícheál Mac Oireachtaigh**

Dúradh leis an gComhairleoir Contae Mícheál Mac Oireachtaigh go gcuirfí caoi ar an mbóthar go dtí an teach caidéil i gCarna ach meabhraíodh dó nach bóthar poiblí a bhí ann.

**Candáil**

Bhí candáil ag Mac Moylette ar throscán, ar bháid agus ar innealra.

**Céilí**

Socraíodh sa gcúirt nach dtabharfaí ceadúnas damhsa i hallaí Charna agus Chill Chiaráin go dtí go mbeadh an t-oifigeach tine sásta leo.

**Tine**

Lasadh monarcha Ghael Linn.

**Scrios tine réimse de Choill an Chnoic Bhuí.**



**Seosamh Ó Cuaig.**

**An Comhargadh**

Bhí Éamon Ó Conghaile ar choiste a bhí ag iarraidh nach ngabhfadh Éire sa gComhargadh.

**Pósadh**

Phós Páraic Mac Donncha as Cill Chiaráin agus Cáit Ní Shúilleabháin as Loch Con Aortha.

Phós Áine Ní Cheannabháin as an mBántrach Ard agus Thomas Glavey as Achadh Mór, Béal Átha hAmhnais, Co. Mhaigh Eo.

Phós Mícheál De Búrca as Carna agus Peigí Ní Cheoinín as Leitir Ard.

**Gealltanas pósta**

Bhí gealltanas pósta idir Ina Ní Eidhin as Cill Chiaráin agus Pádraig Ó Cearúill as Dumhach Thrá i gCo. Átha Cliath.

**Arramara**

Bhí Arramara ag déanamh thar cionn. Bhí dhá thriomaitheoir acu agus na fir ag obair chuile

Dhomhnach agus chuile lá saoire. D'ardaigh siad praghas na feamainne agus d'iarr siad cead pleanála le fánáin a thógáil ar an gCoillín, Carna, agus ag an Sruthán, an Cheathrú Rua. Bhíodh ócáidí sóisialta acu freisin. Bhí oíche acu an bhliain sin sa gClochán agus oíche eile ar an gCeathrú Rua.

**Capall**

Fuair Pat Gannon as Caladh Fhínse duais ar bhromach dhá bhliain ag Seó an Chlocháin.

**Cruinniú i gCarna**

Bhí cruinniú ag an V.E.C. i gCarna.

**Na Ceannabháin**

Lean Tomás agus Páraic Ó Ceannabháin orthu ag fáil duaiseanna ar a gcuid ceoil. Bhí Tommy agus Frankie Gavin ag casadh in éineacht ag an Oireachtas. Fuair siad an chéad áit sa gcomórtas i gcomhair píobaí agus veidhlín.

**Joe Éinniú**

Bhí Joe Éinniú sa mbaile as Nua Eabhrac.

**Badmantan**

Bhuail foireann as Carna foireann as Tuaim i gcluiche badmantain.

**Damhsa**

Bhí féile damhsa i gCloch na Rón. Ba é an chéad uair é ar tugadh ollphuball (marquee) ann. Bhí comórtas waltz ar an sean-nós ann. Ba iad Cóilín Ó Gaora agus a dheirfiúr Máirín (Máirín Vaughan) as Carna a bhuaigh é.

**Mícheál Ó Móráin**

Ceapadh Mícheál Ó Móráin (37) ar Údarás RTE.

**Nora Ní Chlochartaigh**

Bhí Nóra Ní Chlochartaigh, Carna, ina heagraí ceantair ag Bantracht na Tuaithe.

**Ticéad**

Fuair Seosamh Ó Cuirrín agus Seosamh Mac Donncha ticéad scipéara.

**Domhnach na Fola**

Chuaigh mé féin, Mícheál Ó Móráin, a bhean Mairéad agus Deasún Fennell go Doire chuig sochraid na ndaoine a maraíodh Domhnach na Fola.

**Amhránaíocht**

Bhuaigh Josie Sheáin Jeaic duais ar amhránaíocht ag Fleá Cheoil na Gaillimhe.

**Teach an tSagairt**

Cuireadh Teach an tSagairt i gCill Chiaráin ar candáil.

**An scéim uisce**

Thosaigh scéim uisce Chill Chiaráin/Charna. Ní raibh an píopa le dhul soir go Loch Con Aortha i dtosach ach socraíodh sa deireadh é a chur chomh fada le Droichead Flannery. Ní raibh muintir Loch Con Artha sásta leis sin agus ba é deireadh na cúise gur socraíodh an t-uisce a ligean chomh fada le Scoil Loch Con Aortha.

**Conradh**

Tháinig dream as Conradh na Gaeilge, an Tulach Mhór, go Carna agus chaith siad oíche anseo.

**An Lab**

Tógadh an tIonad Taighde Sliogéisc i Maínis

**Péint ar Tí Gheoghegan**

Péinteáladh focla in aghaidh an Chomhargaidh ar Tí Johnny Geoghegan. Bhí an teach folamh ag an am. Rinne na Gardaí fiosrúchán mór faoi.

**Colm Ó Loideáin**

Bhí Colm Ó Loideáin as Carna ó dhúchas ar dhuine de ghrúpa a chuaigh ar stailc ocrais i nGaillimh mar thacaíocht le príosúnaigh Poblachtacha a bhí ar stailc ocrais i bpríosún Bhóthar Chroimghlinne i mBéal Feirste.

**Éigse**

Thug Pat Mór Mac Donncha scata amhránaithe agus ceoltóirí chuig Éigse Chois Fharraige.

**Buíon cheoil**

Bhí Buíon Cheoil Loch an Óir gnóthach.

**Aois mhaith**

Bhí James O'Donnell as Leitir Ard 99 bliain d'aois.

**Bás**

***Cailleadh na daoine seo a leanas:***

Máirtín Bairéad, Dúithir.

Hannah Ó' Shaughnessy as an Aird Mhóir ó dhúchas. Bhí sí ina mátrún ar Ospidéal Peamount sa gCaisleán Nua i gContae Átha Cliath.

Patrick Walsh, an Aird Thiar.

Bertie King , Dúithir.

Bríd Uí Chlochartaigh, Carna.

**Cead pleanála**

*D'iarr na daoine seo a leanas cead pleanála:*

Máirtín Ó Cualáin, Carna - teach nua.

Mícheál Ó Madaoin, Cill Chiaráin - teach nua.

Colm Breathnach, Roisín an Bholgáin - teach nua.

Bairbre Bean Mhic Dhonncha, an Aird Thiar - dhá sheomra agus seomra folctha.

Eíbhlín Bean Uí Tháibhéis, Carna - dabhach séarachais.

Máirtín Ó Malóid, Carna - siopa oibre.

Páraic Bairéad, Maínis - dhá sheomra agus seomra folctha.

Páraic De Búrca, Carna - teach nua.

Áine Bean Uí Loideáin, Roisín na Mainiach - dabhach séarachais agus seirbhísí uisce.

Bríd Bean Uí Chualáin, Maíros - cúlchisteanach agus seomra folctha.

Páraic Ó Madaoin, Coill Sáile - teach nua.

Ann Sullivan (Ciarán), Loch Con Aortha - teach nua.

Bríd Bean Uí Chlochartaigh, Cill Chiaráin - teach nua.

**Lóistín**

Bhí Úna Mhic Dhonncha, Cill Chiaráin, ag cur lóistín do chuairteoirí ar fáil.

**Rásaí curach**

Rinne foireann Roisin na Mainiach éachtaí móra sna rásaí curach . Ba iad sin Cóilín Ó hIarnáin (19). Séan De Búrca (19) agus Páraic De Búrca (31). Bhí rás an-ghéar idir iad féin agus muintir Mhic Dhonncha na Ceathrún Rua sa Spidéal. Dúradh gur tharraing muintir na Ceathrún Rua trasna roimh fhoireann Roisín na Mainiach. Thug na moltóiri an bua d'fhoireann Roisin na Mainiach. Ar dhuine acu siúd a bhí míshásta leis an mbreithiúnas bhí an t-iardhornálaí Máirtín Thornton. D'fhéadfadh sé go raibh airgead curtha aige ar mhuintir na Ceathrún Rua. Fear mór cearrbhachais a bhí ann.

**Rásaí na hAirde Móire**

Ba é Mícheál Breathnach, Cill Chiaráin, a bhuaigh an rás báid innill ag geallta na hAirde Móire. Bhí rásaí cos ann an lá sin fresin. Seo iad na torthaí:

Faoi 12: Colm Ó Cualáin, Maínis.

Faoi 14: Colm Guairim, Roisín na Mainiach.

Faoi 16: Seán Ó hÉanaí, Roisín na Mainiach.

Faoi 18: Marcas Ó Maoilchiaráin, Bántrach Ard.

**Cniotálaithe**

Bhí cniotálaithe á lorg i gCarna, ar an Mám agus i gCorr na Móna.

**Duais Oireachtais**

Fuair Máirtín Ó Cosgordha an dara háit sa gcomórtas amhránaíochta sean-nóis ag an Oireachtas.

**Peil**

Rinne foirne peile Charna thar cionn an bhliain sin. Bhuail na mionúir Cois Fharraige. Tugadh moladh ar an gConnacht Tribune do Cholm Seoige, do Sheán Ó Loideáin agus do Mharcas Ó Maoilchiaráin.

Bhuaigh an fhoireann shóisearach Corn Uí Chadhain in aghaidh na mBreathnach. Dúradh go raibh Seosamh Ó Loideáin, B. Ó Cadhain, Mícheál Ó Cionnaith agus Lúc Mac an Iomaire go rímhaith. Dúradh freisin gur chuir Páraic Ó Coirbín slacht ar na tosaithe.

Socraíodh an bhliain sin an Mongan Cup a chur ar fáil arís i gcomhair cómortais idir foirne an cheantair. Ba é seo an corn a bhronn an Teachta Dála Josie Mongan.

**Banaltra**

Thosaigh Nóra Ní Ghuairim as Leitir Ard ag obair mar bhanaltra in Ospidéal an Chlocháin. I Huddersfield agus i nDún Éideann a rinne sí an chuid ba mhó dá cuid traenála.

Jackie Folan Limited

# Jackie Ó Cualáin
# Conraitheoir Tógála
# Carna

CUIREANN MUID SEIRBHÍS AR FÁIL AR FUD CHONAMARA



Jackie Folan Limited

**Fáigh i dteagmháil linn:**

**Fón:** 095-32331

**Mobile:** 087-7835810 / 087-2249498

**Lean muid ar Facebook ag 'Jackie Folan Limited**



**Foireann Peile na bhfear Charna/an Chaisil**
ag an gcluiche stairiúil idir iad féin agus na Connemara Gaels as Boston
ar an bPlantation i mí Meitheamh 2022

**Líne cúil: ó chlé –** Tomás Ó hAlmhuráin, Máirtín Mhike, Seoamh Ó Cathasaigh, Dillion Ó Coise, Cillian Dunne, Máirtín Mac Craith, Tom Óg Ó hAlmhuráin, Seán Ó Cillín, Séamus Ó Maoilchiaráin, Liam Mac Donncha, Riocard Guairim, Cathal Ó Cadhain, Éamon Ó Malóid, Seán Ó Cualáin, Dónal Ó Maoilchiaráin, Dara Ó Flatharta, Pádraic Ó Cualáin agus Seán Seosamh Ó Cuirrín.
**Líne Láir: ó chlé –** Jeaic ó Cualáin, Seosamh Ó Guairim, Dillon Seoige, Seán Ó Coirbín, Mikie Ó Flatharta, Colm Ó Dúbháin, Séamus Mac an Rí, Joe Joe Ó Malóid, Seán Ó Cathasaigh, Maitiú Ó Niaidh, Seosamh Breathnach, Colm Ó Neasa, Éamon Ó Cualáin agus Cathal Ó Loideáin.
**Chun tosaigh (na daoine óge) ó chlé –** Dara Ó Cillín, Ruán Ó Conghaile, Seán Leavy, Cóilín Ó Cualáin, Alex Ó Loideáin, Gearóid Ó Maoilchiaráin, Cathal Mac Donncha, Tadhg Ó Coise, Eoin Ó Coistealbha, Liam Ó Cualáin, Naoise Standún, Nathan Ó Maoláin agus Cian Mac Donncha.

# Ag taisteal arís –

## daltaí Scoil Phobail Mhic Dara san Iodáil.




**Ar chúl, ó chlé**:
Ciarán Mac Craith, Máirtín Ó Cuirrín, Stephen Breathnach, MacDara Ó Maoláin,
Mark Ó Conaola, Jacob Ó Conaire, Martina Ní Cheannabháin, Oisín Mac Giolla Pháraic,
Sinéad Ní Allmhuráin, Rachel Ní Iarnáin, Kerina Ní Chathasaigh, Seán Ó Cathasaigh,
Abaigh Bairead, Gráinne Breathnach (An múinteoir i gceannas ar an turais),
Ciara Ní Loideáin agus Róisín Ní Chlochartaigh.

**Chun tosaigh, ó chlé:**
Aidan De Burca, Leon De Burca, Dara Ó Cualáin, Michael Ó Gríofa, Cathal Ó Cadhain,
Ciara Ní Chualáin, Saoirse Ní Cheannabháin, John Jennings, Siobhán Grealish,
Ciara Ní Mhaoilchiaráin, Sinéad Breathnach agues Clíona Dunne.

# Oíche na Debs



Fionn de Brún, Aoife Ní Dhúnaird, Shaunadh Ní Chlochartaigh agus Shauna Ní Chormaic.



Páraic Seoige agus a ghar iníon Shaunadh Ní Chlochartaigh.



David Ó Conaola agus Rosa Ní Cheallaigh.



Martin Ó Conaola agus Aoife Ní Dhúnaird.

# Ag ceiliúradh 75 Bliain in Arramara







*Ó chlé:* **Máirtín Ó Tuathail, Seamus McGarvey & Paddy Cleary** (baill fóirne in Arramara Teo sna blianta a caitheadh).

Ag Ceiliúradh 75 Bliain
Arramara Teo
Príomhphróiseálaí feamainne na hÉireann

**Ag cur na scine sa gcáca!**
**Ó chlé:** Josie Ó Conghaile (Coill Sáile), Peadar Ó Cualáin (Roisín na Maithníoch) agus John Feeney (Roisín na Maithníoch) - triúr a d'éirigh as an obair le tamall anuas agus a raibh blianta fada seirbhíse tugtha acu do Arramara Teo.

# Ainmhíthe Iorras Aithneach



Pónaí – Coill Sáile



Gadhar Bhríd Ní Ghríofa i Muigh Inis



Minc ar thrá Ruisín na Mainíoch



Cait i nGhabhla

# Cailíní faoi 14 Charna/an Chaisil -

## buaiteoirí na Sciatha san Iarthar




**Líne cúl, ó chlé:** Abbey Whorley, Cliona Ní Mhurchú, Sorcha Ní Dhuinshléibhe, Niamh Ní Chonghaile, Katlyn Níc Dhonncha, Fia Ní Cheoinín, Ellie Mae Ní Dhúnaird, Ella Ní Mhadaoin, Zara Ní Mhaoilchiaráin, Ríona Níc Chonaire, Caoimhe Ní Chlochartaigh, Síofra Ní Mhurchú, Alannah Ní Chlochártaigh, Aisling Seoige agus Ruth Ní Shuilleabháin.

**Chun tosaigh, ó chlé:** Chloe Burke, Sinead Ní Chuinneain, Róisin Nic Craith, Niamh Ní Chualáin, Saoirse Nic Dhonnacha, Orla Nic Giolla Phádraic, Sorcha Ní Mhaoilchiaráin (C), Aisling Ní Chadhain, Katie Ní Loideáin, Claire Ní Mhaoilchiaráin, Laura Ní Chualáin agus Máire Nóra Ní Chonbuí.

# Foireann f14 Cárna Caiseal / Na Piarsaigh

## a bhuach Craobh an Chondae mí Lúnasa i gcoinne Cill Chóirín / Chluain Beirn / Cill Fhir an Iarainn



**Líne Cúl:** Conall Ó Cuirrín, Máirtín Ó Clochartaigh, Micheal John Ó Droighneáin, David Ó Conaire, Fiachra Ó Niadh, Beachla Breathnach Maxwell, Mícheál Mac Giolla Pháraic, Peadar Ó Máille, PJ Mac Donnacha, Liam Ó Madaoin agus Cathal Ó Mainnín.

**Líne Tosaigh:** Mícheál Ó Tuathail, Jack Seoighe, Cathal MacDonnacha, Joe Ó Cuanaigh, Páraic Ó Neachtain, Daragh Ó hEithir Gionnáin, Gearóid Ó Maoilchiaráin, Liam Mac Craith (c), Jeaic Ó Cualáin, Fionn Ó Cearra agus Breandán Ó Ceallaigh.

# Cómhneartú



Na gasúir as Scoil Náisiúnta Naomh Treasa ar an gCaiseal agus an Príomhoide, Gráinne Ní Ghriallais, a ghlac le Saicrimint an Chomhneartaíthe i Séipéal Réalt na Mara i gCloch na Rón i mbliana, 2022. Ba é Sagart Pobail Chloch na Rón, an tAthair Krystoff Sikora a bhí i mbun an tsearmanais.



**Gasúir Scoil Naomh Ciarán a rinne an Cómhneartú ar an 25 Márta 2022**
Ó chlé tá Róisín Breathnach, Leah Ní Chlochartaigh, Ayla Nic Craith, Cliona Ní Mhadaoin, Clodagh Ní Mháille, Amy Ní Cheannabháin, Sarah Ní Dhonnacha, Róisín Nic Dhonnacha agus an Mháistreás Cáit Ní Choisdealbha agus an tAthair Shane suite os a gcomhair.

## Cád é an Gníomhachtúcháin Pobail agus Cuimsiú Sóisialta?

**Cé muid féin:** Is clár Rialtais é an Clár Gníomhachtaithe Pobail um Chuimsiú Sóisialta (SICAP) atá á reáchtáil ag Forbairt Tuaithe na Gaillimhe i gContae na Gaillimhe.

**Céard a dhéanann muid:** Tacaíonn muid leo siúd is mó a bhfuil treoir ag teastáil uathu chun theacht ar fhoinsí oiliúint, fostaíocht agus oideachas chomh maith le Grúpaí Pobail Áitiúla a fhorbairt.

**Na tacaíochtaí atá ar fáil duit:** Oibríonn muid le Grúpaí Pobail Áitiúla chun iad a dhéanamh níos láidre, chun aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanas féin agus chun tacú lena bpobal féin. Ar bhonn duine le duine, cabhrú leat do shaol féin a fheabhsú, chun post a fháil, gnó a bhunú, chun filleadh ar oideachas, chun d'fhéinmhuinín a fhobairt, nó páirt a ghlacadh i do phobal áitiúil.

**Cuireann muid cúrsaí Oideachais agus Oiliúna SAOR IN AISCE ar fáil i:**

- Láimhsiú Láimhe
- Pas Sábháilte
- Sábháilteacht Tine
- HACCP
- Tástáil Teoirice an Tiománaí
- Ceardlanna CV
- Forbairt Phearsanta Ranganna GRETB: Fuála, Gruagaireacht, Garraíodóireacht, Yoga, Ealaín, Cócaireacht agus Scileanna Digiteacha

**Is féidir leat leas a bhaint as Clár SICAP má tá tú:**

- Dífhostaithe Bainteach leis an Lucht Siúil nó leis an bpobal
- Romach Teaghlach
- Aontuismitheora
- Faoi Mhíchumas
- Teaghlaigh atá ar ioncam íseal
- Do chónaí i gceantar tuaithe nó ceantar atá faoi mhíbhuntáiste
- Imirceach, dídeanaí nó iarrthóir tearmainn
- Duine óg ag lorg poist nó oiliúna
- Feirmeoir ar ioncam íseal
- Ar Scor

Glaoigh ar Oifig Ros Muc chun labhairt le Oifigeach: 091 574858 ríomhphost: rosmuc@grd.ie

**Mícheál** 087 1946890
Oifigeach Forbartha Pobail - Grúpaí Pobail

**Nórah** 087 9740572
Oifigeach Forbartha Daoine Aonair

**Deirdre** 087 9695937
Oifigeach Fiontar agus Fostaíocht, Daoine Aonair & Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair

**Téigh go dtí ár suíomh gréasáin:** www.ftng.ie

*Tá an Clár Gníomhachtúcháin Pobail agus Cuimsiú Sóisialta (SICAP) 2018 – 2023 maoinithe ag rialtas na hÉireann trí an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus arna chómhaoiniú ag Ciste Sóisialta na hEorpa faoi an Clár um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (PEIL) 2014-2020.*

# Leas a bhaint as cumhacht na gaoithe
## – Feirm Ghaoithe Carraigeacha Sceirde.

*le Micheál Ó Clochartaigh*

5 km amach ó chósta Leithinis Iorras Aithneach a beartaíodh Feirm Ghaoithe Carraigeacha Sceirde a lonnú, í mar an gcéad mhórthionscadal gaoithe amach ó chósta thiar na hÉireann.

Feirm Ghaoithe 450 meigeavata a bheadh ann agus bheadh sí ar na tionscadail bhonneagair is mó a chonacthas riamh sa cheantar. Tá sé i gceist í a chríochnú faoi 2030, agus bheadh sé ar a cumas dóthain leictreachais in-athnuaite a chur ar fáil do níos mó ná 350,000 teach dá mba rud é go dtarlódh sé.

"Foinse nua giniúna leictreachais is ea an ghaoth amach ón gcósta, foinse atá glan, ar phraghas réasúnta, le fáil go háitiúil, agus a bhfuil ríthábhacht léi," arsa Tim Coffey, Stiúrthóir Tionscadail Feirm Ghaoithe Carraigeacha Sceirde. "Laghdóidh sé seo spleáchas na hÉireann ar bhreoslaí iontaise agus rachaidh sé i ngleic leis an athrú aeráide, chomh maith le billí fuinnimh a ísliú agus slándáil fuinnimh a chur ar fáil."

Tá Feirm Ghaoithe Carraigeacha Sceirde ar an líon mór tionscadal gaoithe amach ón gcósta a bhfuil súil ag rialtas na hÉireann go mbainfidh siad amach an sprioc acmhainneachta 7,000 meigeavata faoi 2030. "Táimid ag tabhairt tacaíocht iomlán don fhís seo agus táimid meáite ar oibriú go dlúth le pobail áitiúla agus leis an rialtas araon chun a chinntiú go gcuirfidh Feirm Ghaoithe Carraigeacha Sceirde leis an sprioc seo go mór agus a luaithe is féidir."

I mí Mheán Fómhair, thug Tim agus baill eile d'fhoireann an tionscadail cuairt ar Ionaid Cuimhneacháin na nImirceach mar ar thug na saineolaithe áitiúla Máirtín, Eileen agus Martina blaiseadh dóibh ar stair agus ar sheandálaíocht an cheantair.



**Micheál Ó Clochartaigh**
Pháirtí Leasmhar agus Ceannaire Comhthola
e haghaidh an tionscadail na Sceirdí.

Chuaigh an fhoireann síos ar Thrá Mhaoiris agus thug siad faoi thuras treoraithe thar bhealach Lúibín Mhaoiris siar go Ceann Mása. Bhí tábhacht leis sin maidir le tuiscint níos láidre a fháil ar an tírdhreach ina mbeidh an tionscadal lonnaithe.

Duine de na baill is déanaí a ceapadh ar fhoireann tionscadail Fheirm Ghaoithe Carraigeacha Sceirde, Micheál O Clochártaigh as Leitir Ard, is i mí Lúnasa a rinneadh é a cheapadh mar Pháirtí Leasmhar agus Ceannaire Comhthola le haghaidh an tionscadail. "Creidimid gur féidir leis an tionscadal seo tionchar an-dearfach a imirt ar an réimse seo agus gur féidir leis tacú le deiseanna fostaíochta agus fiontraíochta sa cheantar," arsa Michael.



**Seo í an fhoireann a bhfuil sé mar dhualgas orthu Feilm Ghaoithe na Sceirdí a thabhairt go ceann scríbe. Sin é ansin ar thaobh na láimhe clé – agus a lámh crochta aige – Tim Coffey as Corcaigh, an bainisteoir ar an iarracht uilig.**

"I gcás tionscadal mar seo, cuid ríthábhachtach den mhéid a dhéanaimid is ea an tacaíocht a thugann muid don phobal áitiúil."

Mhínigh Michael go mbunófar ciste sochair pobail tríd an tionscadal, ciste a bheidh oscailte do ghrúpaí pobail agus d'eagraíochtaí áitiúla sa cheantar. "Nuair a bheidh an tionscadal feidhmeach, beidh an ciste seo ar fiú roinnt milliún euro é ar fáil do ghrúpaí i nDeisceart agus in Iarthar Chonamara thar thréimhse 15 bliana agus ina dhiaidh sin, chun tacú le réimse tionscnamh pobail inbhuanaithe," a mhínigh sé.

"Déanfar an ciste a bhainistiú i gcomhréir le treoirlínte an rialtais náisiúnta atá ceaptha chun a chinntiú go dtabharfar tacaíocht don phobal áitiúil chun an leas is éifeachtaí is féidir a bhaint as na cistí.


"Táimid ag tnúth le tuairimí daoine ar an tionscadal agus ar an gciste pobail a chloisteáil le linn ár rannpháirtíochta leis an bpobal áitiúil sa bhliain amach romhainn."

Is tionscadal é Feirm Ghaoithe Carraigeacha Sceirde a d'fhorbair an gnó gaoithe amach ón gcósta Corio Generation trí Fhuinneamh Sceirde Teoranta, fiontar Éireannach atá lonnaithe sa Ghaeltacht.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin tionscadal, téigh chuig nó déan teagmháil le Michael ag 095-49009 agus ag:
enquiries@sceirderockwindfarm.ie.



**Radharc ar charraigreacha Sceirde.**
D'fhéadfadh an Fheilm Ghaoithe atá le lonnú ansin cumhacht leictreachais a thabhairt do 350,000 teach.


Ionad
Cultúrtha
An Phiarsaigh
Conamara
Teach &
Ionad Cultúrtha
Oscailte 7 lá sa
tseachtain
Cottage & Cultural Centre
Open 7 days a week
CAIFE DEN SCOTH
& BIA ÚR
GREAT COFFEE &
FRESH FOOD
OPW
DD Catering

# Ráiteas eolais ón gCoiste Forbartha Áiseanna Spóirt i gCarna agus an Cumann Luthchleas Gael.

**TOGRA FORBARTHA ÁISEANNA SPÓIRT AR NA BLOCÁIN SA gCEANTAR**

Trí bliana ó shoin rinne CLG Cárna Caiseal cinneadh iarratas a dhéanamh Comórtas Peile na Gaeltachta Náisiúnta a reachtáil go h-áitiúil sa mbliain 2028 nuair a bheidheas an club ag comóradh 100 bliain ar an bhfód. Tugadh coiste neamhfhoirmeálta le chéile ag an am le staidéar a dhéanamh ar na féidearthachtaí agus ba é tuairim an choiste sin ná go mbeadh sé iontach don pharóiste agus don cheantar an ócáid mhór a cheiliúradh agus ag an am céanna go mba deis iontach é forbairt a dhéanamh ar áiseanna spóirt ag an áit a bhfuil páirc an CLG ag an bPlantation. Cuireadh an Coiste sin ar bhunú foirmeálta mar Choiste Forbartha Áiseanna Spóirt i gCárna agus tosaíodh ar an obair.

Níl aon dabht ach go bhfuil gá ghéar le forbairt a dhéanamh ar áiseanna spóirt sa gceantar, ceantar a bhfuil an aos óg ag glacadh páirt sa traenáil, sna cluichí agus in imeachtaí eile spóirt. Thabharfadh áiseanna breise spórt údar don óige níos mó dá gcuid aimsire a chaitheamh go h-áitiúil, a gcuid imeachtaí aclaíochta a dhéanamh go h-áitiúil, rudaí a chuideoidh leo an cineadh a dhéanamh amach anseo cur fúthu sa mbaile seachas a n-aghaidh a thabhairt ar na bailte móra.


Seo a leanas an fhorbairt atá ar intinn ag an gCoiste:

- Talamh a cheannacht siar ó dheas den pháirc CLG le páirc nua imeartha a thógáil. Tá cuid den talamh seo ceannaithe cheana féin ag an gCoiste agus tá ceannacht an chuid eile faoi lámh.
- Seastán a thógáil ag an bpáirc nua.
- Spórtlann a bheadh oscailte don phobal thógáil ar an suíomh. Leis seo bheadh seomraí feisteas, seomraí cruinnithe agus eile.
- Cosán siúil / reatha thógail.
- Carchlós a thógáil ar an suíomh.

Tá súil go mbeidh an méid talún atá ag teastáil ceannaithe roimh dheireadh 2022. Beidh an dearadh agus cúrsaí pleanála le réiteach i 2023, chomh maith le dul i gcomhairle leis an bpobal trí lá oscailte eolais a reachtáil. Iad seo déanta, tá súil tosnú ar an tógáil céim i ndiaidh céim idir 2024 – 2027 sa gcaoi go mbeidh an áit réidh do cheiliúiradh 100 bliain CLG Cárna Caiseal agus Comórtas Peile na Gaeltachta i 2028.

Is togra mór agus togra uaillmhianach é seo, togra a ghabhfaidh i leas an phobail agus i leas an óige sna blianta atá amach romhainn. Is togra do phobal an cheantair é agus teastóidh tacaíocht iomlán an phobail chun an fhorbairt spóirt i mó i ndeisceart Chonamara leis na blianta a thabhairt chun críche.

**Coiste Forbartha Áiseanna Spóirt i gCárna**


Faigh Aip
Tuairisc.ie
T
Tuairisc.ie

# Cine agus cúlra mhuintir Mhic Oireachtaigh





Is fada iad muintir Mhic Oireachtaigh fite fuaite sa bpobal seo. Bhí stór agus siopa Tí Gheraghty ar cheann de phríomh ionaid gnó an phobail seo ar feadh na scórtha bliain. Cé go bhfuil an cineál gnó atá ar bun ansin anois athruithe, leanann seirbhísí eile ar aghaidh ar an láthair céanna.

Ba as ceantar Chathair na Mart i Muigheo a tháinig muintir Mhic Oireachtaigh i dtosach. Ba é Patrick (Patch) Geraghty a thosaigh an gnó i gCarna.

Chuir Micheál Mac Oireachtaigh na pictiúir, agus an cuntas seo ar fáil dúinn:

**Ar barr, ar chlé:** Seo hiad Patrick (Patch) Geraghty agus a bheanchéile Maisie (Gibbons) as Bóthar na Céibhe i gCathair na Mart. Bhí Patch pósta faoi dhó. Ba í Ellen McGroarty as an taobh ó thuaidh d'Éirinn a chéad bhean ach thárla sé go tragóideach gur bhásaigh síse ag tabhairt linbh ar an saol. Tháinig Ellen go Carna mar theagascóir san Scoil Lása agus Crochet. Tógadh an mac a bhí aicse agus ag Patch – bhshin é Edward – i gCathair na Mart.



**Íochtar, ar chlé:** Seo é Michael Geraghty (Michael Phatch) agus a bhean, Ellen Wallace as Bóthar Chaisleán an Bharraigh i gCathair na Mart.

**Ar barr, ar dheis:** Micheál Geraghty – mac le Michael Phatch - anseo agus a bhrídeóg, Margaret Kennedy (Margaret Mhic Oireachtaigh go ndéana Dia grásta uirthi) as Cladach an Chláir i gContae Shligigh.

Ár ndóigh, is deirfiúr agus dearthái iad Micheál Geraghty agus Máirín Uí Dhúbhda, an t-ealaiontóir, anseo i gCarna. Tá an bheirt eile den chlann, Rita agus Pádraig imíthe ar shlí na firinne

# Rita Geraghty Uí Ghaora 1940 - 2022
## - Céad Slán Léi

*Scríofa ag a deirfiúr, Máirín Uí Dhúbhda.*



**Rita Geraghty-Uí Ghaora agus a fear, Cóilín Ó Gaora sna 1980idí.**

Rugadh agus tógadh Rita i gCarna ach chaith sí blianta i Meiriceá. Bhí sí ag smaoineamh ar na laethanta a bhí agus ar na céilithe i gCarna agus í ag éisteacht le 'Ceol na nGael', clár Radio i Nua-Eabhrac ar 90.7 fm, idir 12 nóin agus 4 i.n Dé Domhnaigh.

D'fhreastal sí ar Scoil an Chlochair i gCarna, ar Choláiste Mhuire, Tuar Mhic Éadaigh, agus ar Choláiste Oiliúna, Baile Átha Cliath. Bhain sí M.A in oideachas amach i Nua-Eabhrac.

Le linn laethanta saoire scoile bhíodh sí ag obair i siopa a muintire, tigh Geraghty i gCarna Bhíodh bróga, bréidín, agus éadach eile ar díol seachas tae, siúcra, tabac agus plúr. Chomh maith leis sin bhíodh earraí a bhain le feilméaracht agus le hiascaireacht dhá ndíol.

Thaitin obair siopa léi. Ba mhór an cúnamh do mo mháthair é sin. Bhí an-chairdeas idir í féin agus na custaiméirí. Bhíodh an siopa mar ionad sóisialta amanta!

Bhíodh obair tigh le déanamh, ba le bleán, móin le triomú agus neart eile. Thaithín léi bheith amuigh faoin aer le Deaide. Théidís amach sa gcurach anois agus arís agus bhíodh corr bhreac acu ag teacht abhaile.

Bhí creideamh láidir aice agus ní shásódh tada í ach bheith ag scaipeadh an dea-scéil i bhfad i gcéin.

Nuair a bhí sí réidh leis an gColáiste Oiliúna, agus í cáilithe mar mhúinteoir chuaigh Rita isteach sna mná rialta, Siúracha Misinéireachta Cholmáin i gCill Manntáin. Bhí súil aice dhul chuig na Filipíní agus an creideamh a scaipeadh. Ní raibh fágtha aice anois ach cúpla mí saoirse!

Thaithin léi dhul chuig trá Mhaínise, nó go Roisín a' Chalaidh. Théadh sí go Roisín na Mainiach freisin, áit a gcasadh sí lena cairde ag Tobar Muire.

Théadh sí chuig an gcéilí sa halla, áit a raibh ceol den scoth. Bhíodh damhsa foirne ann chomh maith le waltzanna. Bhíodh na fir ar thaobh amháin agus na mná ina suí ar an dtaobh eile. Níor fágadh Rita i bhfad ina suí!

Bhí sí féin agus Cóilín Ó Gaora an-mhór le chéile. Ní raibh sé éasca acu scarúint nuair a b'éigin di dhul go Cill Manntáin. Bhí bealach rúnda againn chun scéalta beaga a scríobh sna litreacha i ngan fhios dona 'nuns'.

Ní chun na Filipíní a cuireadh Rita amhthach ach go California, áit a raibh múinteoir ag teastáil. B'as Meicsiceo go leor de na daltaí. Bhain sí féin agus na tuismitheoirí an-cheart as a chéile.

Fuair sí cuireadh dhul chuig pósadh Meicsiceach. Ba gheall le pósadh i Chonamara an ceiliúradh bríomhar. Bhí sí ag bainis dochtúirí Síneacha freisin a bhí thar a bheith galánta.

Scríobh sí abhaile go minic. Dfhan sí i Meiriceá leis na mná rialta go dtí 1972.

Nuair dfhill sí abhaile bhí míle fáilte roimpi. Chaith sí tamall ag múinteoireacht i gCloch na Rón. Ba ghearr go raibh sí féin agus a grá geal, Cóilín, ar ais le chéile. Phós siad i 1973.

Go gairid ina dhiaidh sin thugadar an bád bán orthu féin go Nua-Eabhrac. Bhí mo dhriotháir, Pádraig, agus a bhean thall, agus iad in aice láimhe.

Bhí áthas agus gliondar croí ar Rita agus ar Chóilín nuair a rugadh iníon dóibh, AnneMarie. Tugadh aire na gloine don tseoid, agus fuair sí cúram agus oideachas ar árd chaighdeán. Bhíodh sí ag foghlaim damhsa Gaelach.

Thagadh sí abhaile chuig Mícheál, Margaret agus a gclann i gCarna chuile Shamhradh. Ní híontas gur in Éirinn atá sí lonnaithe.

Faraoir tharla timpist do Chóilín agus bhí sé gortaithe go dona. D'imigh sé ar shlí na fírinne sa mbliain 2002.

Nuair a bhí Rita amach sna mblianta tholg sí an galar Parkinson's. Bhí cairde íontach aice, Diane, Betty agus neart eile, ach ní rabhadar in ann aire a thabhairt di.

Thug Annemarie anall í go hUactar Ard áit bhfuil sí féin agus a páirtí Eoin, agus a mac Dylan. Cé go bhfuil go leor taighde ar bun agus cógais dá réir ní raibh na néareolaithe in ann í a leigheas. Chaith sí roinnt laethanta i gCarna. Bhí Tracy agus Amelia an-mhaith ag tabhairt aire di.

Bhí grá mór millteach ag Rita dá garmhac, Dylan, agus thug sé féin, Eoin, agus Annemarie an-aire di chomh fada agus a bhíodar in ann.

Ach bhí a rás rite. Fuair sí bás sa teach Altranais i gCarna ar 3adh Lúnasa.

Tá sí féin agus Cóilín in éindí i gcré na Cille i Maínis an áit is áille faoin domhain.

Guímíd go bhfuil leaba i measc na Naomh ag ár ndeirfiúr dhil agus ag Cóilín.

Scríofa ar an 1ú Samhain 2022, Féile na Naomh Uilig.

Sinn Féin

# MAIRÉAD FARRELL TD

GAILLIMH THIAR/MAIGH EO THEAS

R-phost: mairead.farrell@oir.ie

Uimhir: 091 865 782

**Tréaslaím le Coiste an Irisleabhair as an obair chraicneach atá déanta acu arís i mbliana agus leabhar bliantúil breá eile curtha ar fáil acu do phobal Iorras Aithneach agus do mhuintir Chonamara uilig.**



Mar Theachta Dála don cheantar seo táimse ar fáil chun cabhrú leat pé ar bith bealach gur féidir liom. Níl ort ach a ghabháil i dteagmháil liom ag na sonraí thuas. Is féidir coinne a dhéanamh liom san oifig dáilcheantair atá agam i nGaillimh:

122 An Bóthar Mór,
Cathair na Gaillimhe,
H91 P6FX.

Gael Linn 1953-2023 70

## Ag caomhnú cultúr na Gaeltachta










**www.gael-linn.ie**

**Réamonn Ó Ciaráin**
Príomhfheidhmeannach

35 Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2
(01) 6751200 nó 087 3752782 (ó dheas) 07711689665 (ó thuaidh)
www.gael-linn.ie

Gael Linn

Foilsitheoireacht Oideachasúil · Cúrsaí Gaeilge do Dhaoine Fásta agus do Dhéagóirí · Lipéad Ceoil · Clár Tacaíochta Oideachais · Cistíocht

# Tír na gcaorach agus fír an tsléibhe

## - Muintír Chonamara in Oregon.

*le Máirtín Ó Catháin.*



**Caoire in Oregon**

“Íocaigí an t-airgead agus ní bheidh aon pheaca oraibh”! Bh’shin é an leagan amach a bhí ag an sagart ar an saol agus agus ar mhaiteanas na bpeacaí. Ar athraigh an saol ariamh ó shin? Fágfadh muid na ceisteanna sin anois agus scaoilígí an scéal chugaibh.

Tá muid ag dul i bhfad siar sna blianta; ta muid ag dul i bhfad “siar” freisin ar bhealach eile – siar as ó Dúiche Sheoigeach agus ó Ghaeltacht Bhun na gCnoc go hiarthar Mheiricéa –“Out West”. Thart as an mbliain 1890 a chroch Barney Seoige as Doire Bhéal an Mháma a chuid seolta. Máirtín a bhí baistíthe air ach tugadh Barney air i gcónaí, pé ar bith cén fáth a bhí leis sin. Ba mac é le Tomás Mháirtín Antoine. Ar na Státaí i bhfad siar i Meiriceá a bhí a thrial, Oregon. Ag breathnú amach do chaoire a bheadh sé ansin ar na sléibhte fada, fairsinge, fiáine. Is ar éigin gur thuig sé go raibh aistear chomh fada roimhe. 7 lá no tuilleadh ar an mbád ó chóstaí na hÉireann no gur tháinig tú i dtír mBoston, no i Nua Eabhrach; 3 lá agus 3 oíche eile ansin ar an traen amach go hOregon.

Na fir a bhí amuigh ansin, bhídís ar an sliaibh mór sin ar feadh roinnt laetheanta as a chéile agus gan deoraí leo. Na céadta nó na mílte caora ar a aire agus iad ag fiach ar an gcriathrach a bhfearr a mbeadh fás ann. Thagadh duine ón mbaile mór ba ghaire chucu scaittí le beatha. An campa, an gunna agus an gadhar; bhsin iad do comhluadar.

Bhíodh cupla mí, no tuilleadh, idir na cuairteanna a thugadh fir an tsléibhe ar Theach an Phobail agus ar Aifreann an Domhnaigh; bhíodh orthu a dhul chuig an mbaile mór ba ghaire dóibh. Bhí an creideamh Caitliceach láidir greannta ar a gcoinsias agus bhuail imní iad faoi nach rabhdar ag coinneail le dualgaisí an Domhnaigh; labhair siad leis an sagart faoin imní a bhí orthu.

Thuig an sagart an cás ach bhí leigheas air, adeir sé.

“Chomh fada agus a íocann sibh an t-airgead le haghaidh chuile Dhomhnach, nuair atá sibh sáinníthe amuigh ar an sliabh, níl aon pheaca oraibh”, adeir an sagart. D’íoc! Bhíodar slánaíthe ó pheacaí!

Bh'shin ceann de na scéalta a d'fhan i gcónaí in intinn Bharney Seoige. D'fhill sé ar a dhúchas i mBun na gCnoc théis 14 bliain in Oregon, phós sé Máire Seoige as Doire Bhéal an Mháma - Máire Mháirtín Sheáin. Bhí ceathrar clainne acu agus maireann a mhac Dara Seoige – Dara Barney – sa teach céanna sin i nDoire Bhéal an Mháma fós.

Níor éirigh linn fós in Ionad Cuimhneacháin na nImirceach agus Diaspóra na Gaeltachta fios ceart a fháil fós ar an gcaoi ar thosaigh an imirce as Conamara go tír mhór na gcaorach i Státaí Idaho agus in Oregon. Ach bhí foireann an leabhair seo – "Iorras Aithneach 2022" – in ann go leor eolais breise a fháil i mbliana.

Thug muid cuairt ar Mháirtín Breathnach in Ionad Dan O' Hara gar don Chlochán agus d'inis seisean dúinn faoi thriúr uncail leis a chuaigh go Oregon ag fosaíocht chaorach. Ansin a d'fhanadar no gur bhásaigh siad. Ansin i bhfad siar i Meiriceá a cuireadh iad i gcré na cille. Bhain scéal tragóideach, a thug léargas ar chontúirt obair na gcaorach, le duine d'uncaileacha Mháirtín Breathnach.

Caithfear cuimhniú nach raibh leagan amach ná roint cheart ar bith ar go leor den criathrach in Oregon sna blianta sin i bhfad siar. An t'é a raibh cúram fosaíochta na gcaorach air, bhí sé ag faire i gcónaí ar an bhféarach a bhfearr. Tharraing sin achrann scaittí. D'airigh mé col ceathrar do mo mháthair as Inis Leacain, Máirtín Woods, fear a chaith achar fada in Oregon, ag rá gur dhírigh fear gunna air féin tráth. Bhí an scéal níos measa ag Pádraic Breathnach, uncail do Mháirtín Breathnach atá i mbun gnó in Ionad Dan O' Hara.

Bhí Pádraic ar dhuine de bheirt a bhí i dteannta a chéile i gcampa go domhain amuigh sna sléibhte in Oregon; bhíodh beirt i dteannta a chéile scaittí. Dúirt Pádraic lena chompánach go rachadh sé chomh fada le h'áit éile ar an sliabh go bhfaigheadh sé eolas faoi threo na gcaorach. Chuaigh, ach níor tháinig sé ar ais. Ba ansin a thárla rud a thug comhartha go raibh sé i dtrioblóid. D'inis Máirtín Breathnach an scéal dúinn.

"Is cosúil gur tháinig an gadhar ar ais níos deireannaigh an trathnóna sin chuig an gcampa agus cirt, a raibh fuil uirthi, thimpeall a mhuiníl. Ba as Conamara freisin an fear a bhí leis sa gcampa ach ní raibh sé i bhfad tosaíthe ag obair ann. Bh'shin é Peadar Mac an Iomaire (Peter Festy Nanny Tom) as Seanach Domhnaill".

(I bpobal Charna atá Seanach Domhnaill, baile sléibhe a raibh dhá theach ann de chlainne Con Iomaire. Ní raibh bóthar ar bith ag dul ann go dtí roint blianta ó shin. Dá dtógfá líne dhíreach thríd an sliabh as Gabhla ó dheas go Coill Sáile bheadh Seanach Domhnaill tuairims leath bealaigh idir an dá bhaile sin).

Ach ar ais ag an gcuntas ar Phádraic Breathnach. Mar seo a lean Máirtín leis an gcur síos sin: "Nuair a scaip an scéal go raibh an gadhar tagtha ar ais, tosaíodh ag tóraíocht Phádraic Breathnach. Fritheadh é agus é caite. D'éirigh idir é féin agus fear eile, feilméara sa gceantar, agus scaoil seisean leis an mBreathnach. Bhíothas a'cheaptha gur mhair Pádraic Breathnach scaitheamh maith ach gur chaill sé a chuid fola de bharr a chaite. Ansin in Oregon atá Pádraic curtha, go ndéana Dia grásta air".

Amuigh ansin i Stát Oregon faoi bhun na gcnoc atá an bheirt dhearthár eile de na Breathnaigh, uncaileacha le Máirtín Breathnach, curtha freisin. Ba as an Mám a tháinig na Breathnaigh isteach go Fionisglainn i mBun na gCnoc.

Bhí tuilleadh fir as an bpobal seo in Oregon. Rinne muid cur síos ansin ar Pheadar Mac an Iomaire (Peter Festy Nanny Tom) as Seanach Donnaill. Bhí Jim O Donnell as Leitir Ard ann ( Jim ). Bhí Tomás Ó Caodhna as Gabhla ann (Tom Val Sheáin). Bhí Micheál Ó Súilleabháin as Ros Muc ann – Michael Mór. Ach ba as Dúiche Sheoigeach ba mho a chuadar anonn. Níl dabht ar bith ach go raibh sé ina Ghaeilge do láidir idir go leor acu nuair a chasaidís ar a chéile théis an tsléibhe.

Scéal é seo faoi imirce Ghaeltachta agus is ceart go gcoinneodh muid cuimhne air.

Táimid ag cur eolais le chéile agus beidh fáil ar sin uilig ach a mbeidh Ionad Cuimhneacháin na nImirceach agus Diaspóra na Gaeltachta faoi lán seoil.

# Fir na gCnoc agus Óganaigh an Cheoil



**Máirtín - Barney – Seoige** as Doire Bhéal an Mháma i mBun na gCnoc. Fear sléibhe agus fear caorach. Tógadh an pictiúr seo i mBun na gCnoc ach chaith Barney seacht mbliana freisin ag fosaíocht chaorach in Oregon i Meiriceá.



**Dara Seoige**
as Bun na gCnoc ag cruinniú caorach.
Mac le Barney



**Tomás Seoige**
as Coill Sáile sa tsean aimsir agus an féar sábháilte aige. Dearthháir le Máirtín - Barney - Seoige.



**Scoth na gceoltóirí:**
Séamus Ó Flatharta agus Caoimhe Ní Fhlatharta as an Áird Mhóir i Stúidió Cuan ar an Spidéal le linn dóibh a bheith ag taifead don tsraith nua "Bláth na hÓige" atá léirithe ag an gcomhlacht 'Aniar" do TG4.
Beidh sé dhá craoladh san Earrach, 2023.

# I.S.P.G. / Cill Chiaráin Éisc

sales@ispg.ie

**+ 353 (0) 95-33453**

**Cill Chiaráin, Conamara.**



**Tá an tAtlanach ar an táirseach againn agus follántas agus téagar an iasc a thagann i dtír chugainn anseo san Ionad i gCill Chiaráin. Tá muid bródúil as caighdeán an éisc agus na dtáirgí a chuireann muid amach ar fud cuid mhór den domhain – an Eóraip, Meiriceá Thuaidh agus go dtí an Domhan Thoir.**

**Tá postanna agus saothrú curtha ar fáil anseo de bharr na mbradán agus táirgí ISPG/Cill Chiaráin Éisc.**

**Ar ndóigh, munach cumas agus díogras na ndaoine a bhí – agus atá – ag obair linn le 25 bliain ní fhéadfaí na caighdeáin arda atá sroichte ag ISPG/Cill Chiaráin Éisc a bhaint amach.**

**Go mba fearr a bheidh sibh uilig bliain ó inniu agus bíodh Nollaig mhaith agaibh.**

**Abbeyglen Castle Hotel**
**An Clochán**



**Lóistín, béilíthe, ócáideacha sóisialta – in Óstán a bhfuil cáil idirnáisiúnta ar.**

***Cuirfidh Brian Hughes agus Paul Hughes míle fáilte romhat.***

**Teileafón….095-21201.**
**Facs……….095-21797.**
**E-Mail…….info@abbeyglen.ie**

# *Beagbeann ar Éamon Ryan!*



**Fir ag scrathadh**
Seosamh Ó Cuaig (ar chlé) agus Thomas Frank Seoige



**Ag tabhairt na móna abhaile as Bóthar na Scrathóg.**
Vincent Seoige, ar chlé, agus a gharmhac, Rían Ó Mainín, as Coill Sáile



**Togha fir ar an sleán!**
Thomas Frank Seoige as Aill na Brún.



**Micheál Ó Cadhain**
as Garraí an Chlochair

# Cailíní na Peile



**Foireann Chailíní Faoi-10 Charna/ an Chaisil, 2022**

*Líne cúl, ó chlé:* Fionnuala Ní Chualáin, Ciara Ní Mhannín, Amy Ní Fhéinnidh, Meadbh Ní Mhaoilchiaráin, Aoife De Búrca, Niamh Ní Mhaoilchiaráin, Aoife Ni Cheannabháin, Ella Seoige, Harper Scanlion agus Abbey Ní Cheannabháin.

*Chun tosaigh, ó chlé:* Eleanor Bhreathnach, Gráinne Ní Mhaoilchiaráin, Sophie Ní Cheallaigh, Kate Ní Chonbuí, Sadbh Ní Chathasaigh, Fia Ní Chualáin, Aisling Ní Fhéinnidh agus Maggie Ní Chlochártaigh.



**Cailíní Faoi-12**

*Ar chúl, ó chlé:* Sophia Quintero, Lillí Ní Mhaoilchiaráin, Sorcha Nic Dhonnacha, Chloe Ní Chaoinagh, Kate Éyna Ní Cheallacháin, Sorcha Ní Duinshléibhe, Róisín Nic Craith, Aoibhe McSharry, Mollaí Ní Chualáin, Nell Ní Mhannín, Máire Nóra Ní Chonbuí, Claire Ní Mhaoilchiaráin, Clíona Ní Mhadaoin.

*Chun tosaigh, ó chlé:* Sofia Flaherty, Zoe Ní Mhaoilchiaráin, Chloe Dé Búrca, Ella Seoige, Erin Ní Laoi, Martha Ní Chathasaigh, Ailbhe Flaherty, Amy Nic Giolla Phádraic, Clíona Ni Mhurchú agus Róisin Bhreathnach.

# *Ingeansaí Marún na Gaillimhe 2022*




**Imreoirí Chárna/ Caiseal / Na Piarsaigh ar fhoireann faoi-14 Iarthar na Gaillimhe.**
*Ó chlé:* Jeaic Ó Cualáin as Cill Chiaráin, Liam Mac Craith as an Áird Mhóir, Conal Ó Cuirrín as Cill Chiaráin, PJ Mac Donncha as Muiceanach agus Peadar Ó Máille as Doire Iorrais. Bhí Fionn Carr as Muiceanach páirteach sa bhfoireann freisin.



**Jeaic Ó Cualáin** as Cill Chiaráin ina captaen ar fhoireann Faoi-14 na Gaillimhe (ar chlé) roimh cluiche i gcoinne Uíbh Fháillí. An réiteóir agus captaen Uibh bhFáillí sa bpictiúr freisin.




**Daniel Nash** as Caladh Fhínse a chaith an bhliain seo ag imirt le foireann faoi-15 na Gaillimhe



Ó chlé:
**Cóilín Ó Cualáin, Jackie Mac Donnchadha, Dara Ó Cualáin** agus **Sarah Nic Dhonnchadha**

# Mná an Chéid 2022



**Annie Uí Mháille**



**Bríd Uí Dhubháin**

100



**Máire Mhadaoín**



**Kate Uí Uaithnín**

**Bhí ceathrar ban as an bpobal seo an CÉAD – agus duine acu bliain lena chois – le linn na bliana seo, 2022.**

Bríd Uí Dhubháin as Roisín na Mainíoch.
Máire Mhadaoín as Oileán Fhínse.
Annie Uí Mháille as Doire Iorras (Anne Uí Labhra as Roisín na Mainíoch ó dhúchas)
Kate Uí Uaithnín (Kate Ní Chlochartaigh as an Oileán Bhior Mór ó dhúchas)

De réir nádúr an tsaoil shéalaigh beirt acu ó shin i leith, Annie agus Kate.
Go raibh siad i measc na nAingeal.

*******************

Agus muid ag scríobh i mí na Samha 2022, cónaíonn Bríd sa mbaile i Roisín na Mainíoch agus tá Máire ag ligean a scíth i dTeach Altranais Charna

# Áine Uí Mháille

Áine Uí Mháille, as Doire Iorrais (Áine Ní Labhra, as Roisín na Mainíoch roimh phósadh d'í) a bhí 100 i mbliana. D'imigh sí ar shlí na firinne ó shin.
*Solas na bhFlaitheas do Áine.*









Áine agus a fear céile, Antoine Ó Máille

# Bríd Uí Dhubháin

As Roisín na Mainíoch i Bríd. Rugadh, tógadh agus phós sí Micheal Ó Dubháin ina baile dúchais. Chonaic sí aoibhneas ina saol ach chonaic sí brón agus tragóid freisin. Ach ina dhiaidh sin uilig, shlánaigh sí an 100 i 2022.



Bríd le cúigear dá clann (John, Paraic, Margaret, Bríd & Máirtín).





Bríd agus Maidhcín, a fear céile, nach maireann.




Bríd le beirt dá cuid garpháisti.

# Màire Mhadaoín

As Oileán Fhinnse í Máire ó dhúchas. Bhí sí i Meiriceá idir 1949 agus 1959. D'fhill sí ar Fhinis agus thug aire dá hathair agus a máthair. D'aistrigh an teaghlach go Carna ina dhiaidh sin. Cainteoir agus scéalaí den scoth a bhi inti.



Prionsias Ó hIarnáin ag casadh ag an gceiliúradh.




Foireann Theach Altranais Charna, agus cairde, ag freastal ar Mháire ag an gceiliúradh.



Máire ina bean óg i mBoston sna 1950aidí.




Máire ag ceiliúradh an Chéid i mí Meitheamh 2022.

# Kate Uí Uaithnín

## Bhí sí pósta ag Seán Ó hUainín

**Bhí Kate Úi Uaithnín (Kate Sheáin Bheartlín) 101 ar an 6/2/2022. Ba as an mBior Mór í Kate. Caith sí formhór a saoil i Sasana. Banaltra a bhí inti ach thagadh sí abhaile don Aird Mhóir go minic. Chuaigh Kate ar shlí na firinne níos deireannaigh i 2022, go ndéana Dia grásta uirthí.**











# Róisín Kelly - scríbhneoir faisiúin a bhfuil a croí san Aird Mhóir.

(Róisín was born and brought up in London. So she writes this article in English)

*I Londain a rugadh agus a tógadh Róisín Kelly. Ta cáil uirthi mar scribhneoir faisiúin leis an Sunday Times. Ba as Iorras Aithneach a sean-mháthair, Kate Uí Uaithnín (Ní Chlochartaigh) agus ba as a Más a sean athair, Seán Ó hUaithnín.*
*Tugann Róisín Kelly cuntas anseo ar an gceangal croí atá aice le Iorras Aithneach.*

An Aird Mhóir has been my second home for twenty-nine years – my entire life. I may have been born and raised in London, but my family's strong links and enduring love for the area always prevailed, and has passed down through generations.

My grandfather, Sean Green, grew up in Mace, Carna and my grandmother, Kate Green (Ní Clochartaigh), who passed away earlier this year aged 101, was born in Callowfeenish, at her grandmother's home. She spent the early years of her life living on Bior Mór island before her family moved to the mainland, where her parents built a house in the middle of the hill in An Aird Mhóir. Later, as an adult, she moved to London to become a nurse.

My mother Kathleen and her siblings Mary and John spent every summer visiting my grandmother's relatives in An Aird Mhóir; they have many happy memories there, and it's the same for me and my siblings.

I wish I could relive the summers of our childhood, spent burying each other in the sand and swimming on Trá Bhuí and Callowfeenish, shrieking at seaweed catching between our toes and collecting shells to bring home. Rainy evenings, sheltering inside Tigh Leavy with a bottle of coke and a packet of crisps, and on Sunday mornings, driving to Geraghty's in Carna to get the newspapers.

I still regularly visit as an adult, staying at our family home in Bontroughard, just down the road from where my grandmother grew up. Both of my grandparents were from very large families, so every visit home is full of familiar friendly faces.

One of the many unique things about this area is its close-knit community and the kindness of its people – whether it's a cousin dropping off bags of turf, or a neighbour offering a lift, you know you will always be looked after here.



**Róisín Kelly**

The peaceful, ethereal landscape I have walked so many times between Kilkerrin and Carna can feel like a world away from my hectic, busy life in London, where I work as a writer at The Sunday Times. I am very lucky to have a career that I love, one I hope would make my nanny and grandad proud.

My grandparents are very sorely missed, but there is comfort in them being buried in Maínis graveyard and resting somewhere so beautiful, on the edge of the sea which they loved so dearly. My favourite thing about visiting Aird Mhóir and Carna is knowing that they once walked the same roads, swam on the same beaches and worked in the same fields, long before I knew them. I feel close to them when I am there.

My career has taken me to some amazing places, but nowhere could take a space in my heart the way Aird Mhóir does. It's a truly special place, in a way you can't describe to somebody who doesn't have a connection to it. Whenever I crave solitude or wish for a moment of peace, or just want to see a friendly face, I long for Aird Mhóir.

# BRADÁN BEO TEO.
# B.B.T.

## *JABANNA SA nGAELTACHT

## *LONNAITHE AR CH'AON TAOBH DE CHUAN CHILL CHIARÁIN

## *IASC AGUS TÁIRGÍ DEN SCOTH Á' gCUR AR AN MARGADH.

Bunaithe ar fharraigí na háite agus imeasc Phobal na hÁite.

**Beidh muid libh – Bigí linn.**

**Nollaig mhaith dhibh uilig in Iorras Aithneach agus ar fud Chonamara.**

Conamara Láir

**Teach an Údaráis, Carna, Co. na Gaillimhe, H91 X07X.**
**Fón: 095-32688**
**eolas@conamaralair.ie**
**www.conamaralair.ie**

Conamara Láir @ConamaraLair conamara_lair_

FCL teo
Forbairt Chonamara Láir

Is struchtúr forbartha áitiúil é Forbairt Chonamara Láir Teo., atá ag feidhmiú i gceantar Chonamara Láir ó 2007. Tá an t-eagras déanta suas d'ionadaithe ó choistí pobail sa gceantar feidhme – is iad sin CP Chamuis, CP Rosmuc, CP Chill Chiaráin, CP Carna, CP an Chaisil agus CP Shraith Salach.

Tá clár oibre an eagrais bunaithe ar riachtanais aitheanta agus féidearthachtaí forbartha an cheantair agus tá ionchur láidir ag baill an choiste bainistíochta anseo. Tá an t-eagras lárnach i bhforbairt tograí agus seirbhísí pobail áitiúla, m.sh. soláthar áiseanna pobail, seirbhísí riaracháin agus tacaíochta. Trí dhíriú isteach ar fhorbairt acmhainní áitiúla, an timpeallacht nádúrtha, an turasóireacht, an fharraige agus an cultúr, tá sé mar aidhm ag an eagras feabhas agus forbairt a chur chun cinn ar mhaithe le saol eacnamaíochta agus sóisialta phobal an cheantair. I measc na ngnéithe a thagann faoi FCL Teo., tá: Ionad Cúram Leanaí Charna, gteic@Carna, Scéimeanna Fostaíochta Pobail Chonamara Láir, Turasóireacht, Clubanna Óige, Cúrsaí Oiliúna & Oideachais, Clár Cumais, Biongó, Fuinneamh Athnuaite agus an Phleanáil Teanga chomh maith le tograí eile.

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

**Is é an sprioc atá leis an bpróiseas pleanála teanga ná an Ghaeilge a láidriú mar theanga teaghlaigh agus mar theanga pobail.**
**Táthar á dhéanamh seo trí phróiseas céimnithe a chur i bhfeidhm ar an talamh sna ceantair Ghaeltachta agus i gceantair áirithe eile ar fud na hÉireann, le tacaíocht agus rannpháirtíocht an phobail.**
**Sonraí teagmhála: opt@conamaralair.ie / ocpt@conamaralair.ie**

**An bhfuil suim agat obair go cianda? An bhfuil timpeallacht oibre uait atá solúbtha/nua-aimseartha agus leathanbhanda ardluais? Is féidir áirithintí a dhéanamh trí theagmháil a dhéanamh le carna@gteic.ie nó nó is féidir leat áirithint a dhéanamh ar líne tré www.conamaralair.ie nó www.connectedhubs.ie.**

gteic @CARNA

CAIRDEAS

**Seirbhís Béile ar Rothaí ar mhaithe le freastal ar bhonn caighdeánach ar dhaoine i gceantar Chill Chiaráin, Charna & An Chaisil, le go mbeidh ar a gcumas maireachtáil go sláintiúil agus go neamhspleách ina dtithe cónaithe féin. Is í aidhm Cairdeas ná seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar do dhaoine aonair agus dá muintir chun tacú le maireachtáil ina bpobal.**

**Tá an tseirbhís ag feidhmiú trí lá sa tseachtain, Dé Luain, Dé Céadaoin & Dé hAoine sna ceantair Cill Chiaráin, Carna & An Caiseal. Tá a lán cúrsaí agus imeachtaí á reáchtáil sa bpobal cosúil le ranganna fuála, ealaínae agus caitheamh aimsire. Má theastaíonn uait an tseirbhís seo a úsáid, déan teagmháil le Cairdeas, Forbairt Chonamara Láir Teo., Teach an Údaráis, Carna, Conamara , Co. na Gaillimhe nó glaoch a chur orainn ag (087)-3294478.**

Club Mara Chonamara Láir

Is Club spóirt nuabhunaithe agus neamhbhrabúsach é seo a chuireann seoltóireacht ar fáil i mbáidíní agus húicéirí, chomh maith le iomramh, canúáil, bádóireacht innill agus spóirt uisce eile. Baintear leas as na spásanna mara iontacha éagsúla atá sa cheantar agus san am céanna déantar ceiliúradh ar stair mhuirí, cultúr, traidisiún agus teanga an phobail. Tá an club oscailte agus fáilteach roimh gach duine sa phobal. Ar ndóigh, tá sé faoi árachas iomlán, mar bhall de Bhord Rialaithe Náisiúnta Seoltóireacht na hÉireann, agus cloítear leis na treoirlínte sábháilteachta ar fad ar nós Cosaint agus Sábháilteacht Mhuirí. Seol ríomhphost chuig clubmarachonamaralair@gmail.com chun breis eolais a fháil maidir le ballraíocht, campaí, imeachtaí pobail agus cláir oiliúna don aos óg agus oibrithe deonacha.

# Bunú Raidió na Gaeltachta agus cuimhní ar Bhobby Molloy.

*le Seosamh Ó Cuaig*

Fear ba ea Bobby Molloy a raibh meas agam air. Chuaigh sé leis na PDs agus ní raibh aon luí agam leo siúd ach thuig mé i gcónaí gur Teachta Dála agus Aire éifeachtach a bhí in Bobby.

B'iontach go deo an t-oibrí é. Blianta ó shin bhí sé ag cruinniú i gCill Chiaráin oíche. Tháinig os cionn fiche freagra ó ranna éagsúla rialtais ar cheisteanna a cuireadh ar Bhobby sa díospóireacht a tharla.

D'fhiafraigh mé de uair amhain cén chaoi a raibh sé in ann rabhartaí móra oibre a chur de. "You have to pace yourself," a dúirt sé.

Tá comóradh breá déanta i mbliana ar bhunú Raidió na Gaeltachta. An lá ar thosaigh sé bhí mé féin sa séipéal ar an gCeathrú Rua agus beart d'iris Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta, Tuairisc, faoi m'ascaill agam. Iris a bhí inti a mbíodh an-tóir uirthi. Ba ghearr go raibh buachaillí i ndeireadh Theach an Phobail ag iarraidh cóip orm.

Bhí Bobby in aice liom. "Ag scaipeadh bréaga i dteach Dé," ar seisean agus miongháire ar a bhéal.

Ní raibh mise ag obair le Raidió na Gaeltachta an uair sin. Ní thabharfadh lucht a bhunaithe aon job dhom. Bhí dhá bhliain caite agam ag déanamh píosaí do Phroinsias Ó Conluain, léiritheoir cáiliúil in RTE. Thug Proinsias teistiméireacht mhaith orm ach níor shásaigh sin an dream a bhí ag bunú na seirbhíse Gaeltachta. Cuireadh "memo" thart in RTE;"Seosamh Ó Cuaig has some journalistic experience but is closely involved with the Gaeltacht Civil Rights Movement." Bhí sé blianta gur maitheadh mo pheacaí dhom.



Seosamh Ó Cuaig.



Bobby Molloy, iar TD agus Aire Rialtais.

### Cruinniú sa Dáil.

Le linn dhom a bheith ag obair i gCló Chois Fharraige bhí easpa airgid orainn tráth dá raibh. Cuireadh an té a bhí i gceannas orm, Pádraig De Barra, agus mé féin suas chuig an Roinn Oideachais ag iarraidh cúnaimh. Ní dhearna muid aon mhaith sa Roinn.

"Céard a dhéanfas muid anois?" a d'fhiafraigh Pádraig.

"Dá bhféadfadh muid a dhul isteach sa Dáil agus labhairt le Aire eicínt," arsa mise

"Ní bheadh sé sin éasca," arsa Pádraig.

"Ní bheadh a fhios agat," arsa mise.

Isteach liom i mbosca teileafóin. D'fhreagair Bobby mé ar an bpointe.

"Cá bhfuil tú anois?" ar seisean.

"Tá mé taobh amuigh den fhoirgneamh a ndearnadh an gníomh mór ann i 1916 agus a chuir sibhse isteach sa Dáil,"arsa mise.

"Éirigh as an tseafóid agus tar aníos," ar seisean. "Ligfidh mise isteach sibh."

Lig agus taobh istigh de dheich nóiméad bhí cruinniú againn leis féin agus le beirt Airí eile, John Wilson agus Donncha Ó Gallchobhair. Cruinniú a bhí ann a raibh toradh air: tháinig an cúnamh airgid.

Níor cheart dúinn dearmad a dhéanamh in Iorras Aithneach go deo ar an gcruinniú a bhí i gCarna an oíche ar thug Bobby leide go gcuirfeadh sé córas breá nua uisce sa taobh seo. Bhí Éamon Ó Cuív agus Frank Fahy i láthair freisin.

"Tá cumhacht agatsa anois agus céard atá tú a dhéanamh faoin gcás?" a dúirt Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin le Bobby.

"Ar dhúirt mé nach ndéanfainn?" arsa Bobby.

Rinne freisin: fuair muid an córas uisce is breátha in iarthar an chontae.

### Ócáid bhuíochais i gCarna.

Nuair a d'éirigh Bobby as an bpolaitíocht eagraíodh ócáid bhuíochas dó i gCarna. Labhair sé an oíche sin ar an anonn agus anall a bhí eadrainn beirt in imeacht na mblianta. Dúirt sé gur thug Gerald Bartley breithiúnas amháin orm: "Good Fianna Fáil material gone wrong."

Mhínigh mise do Bhobby ina dhiaidh sin murach cor a tháinig sa stair nach hé Gerad Bartley a bheadh in Aire nuair a thug sé an breithiúnas orm. Bhí Gerald agus uncail mo mháthar, Colm Ó Gaora, sa gcolún reatha céanna le linn Chogadh na Saoirse. I 1923 ba é Colm a cuireadh chun cinn ar son na bPoblachtach san Olltoghchán. Chuaigh sé an-ghar go deo do shuíochán a bhaint amach. Na haistriúcháin as cathair na Gaillimhe a chlis air sa deireadh.

An chéad uair eile a raibh olltoghchán ann ba é Gerald Bartley a cuireadh chun cinn. Bhí Colm imithe go Meiriceá. Ní bhfaigheadh sé aon phost múinteoireachta in Éirinn nuair nach dtabharfadh sé mionn dílseachta don Saorstát.

Chuir Bobby an-suim i mo scéal. Bhí suim mhór aige sa stair i gcónaí.

I dteannta chuile bhua eile a bhí ag Bobby bhí féith an ghrinn ann. D'fhaigheadh sé an-spraoi ar an amhrán a scríobh Joe Steve Ó Neachtain faoin am ar fhág sé Fianna Fáil. Tá focla an amhráin sin anseo anois.

### AMHRÁN BHOBBY

Ar chuala sibh faoin athrú seo,
A d'fhág Fianna Fáil gan chaoi
Nó cén fáth ar imigh Bobby uainn
Is ar joineáil sé P.D.?
D'oibrigh muid go cneasta dhó
Chun é a choinneáil thuas sa Dáil;
Nó meastú an i ngeall ar Charlie sin a d'fhág sé
Fianna Fáil?

A, muise, aireoidh muide Bobby uainn
Mar b'ait é, a mhac go deo,
Má gearraíodh punt sa bpinsean thú
Má baineadh dhíot an dole,
Mara bhfuair tú grant na laonta
Nó má theastaigh píosa bóthair,
Ní raibh ort ach labhairt le Bobby faoi
Is bhí gach rud ceart go leor

Nuair a théinnse amach ag canbhasáil
'Sé déarfainn le rútaí an fhéir,
Tabhair Number One do Bhobby, a mhac,
Is bíodh an diabhal ag Fianna Gael,
Is chaithinn an oíche go maidin
Ag dul timpeall i mo charr
Ag clúdach posters Gharret
Le posters Fianna Fáil.

Ó a, a Thiarna, is gearr a mhairfeas mé
Tá mé 'caoineadh le trí lá,
Mar bhí Bobby ag súil go leanfainn é
Mar d'éireodh cearc dhá hál.
Bhuel, thréigfinn an creideamh Caitliceach,
Thréigfinn bean is clann,
Ach gheall m'athair do Dhia an lá ar baisteadh mé
Nach dtréigfinn Fianna Fáil.

Is nach mise a bheas 'mo bhambairne
Má bhíonn toghchán ann ar ball,
Mé dul ó theach go teach ar nós antichrist,
Ag iarraidh Bobby a chur i sáinn,
Mar tá seanleads thart sa gceantar seo
Is ní chreidfidh siad go brách
Nach ionann vót' do Bhobby
Agus vót' do Fhianna Fáil.

Is mo dhiomú ort, a Charlie,
Is tú a thosaigh an raic ar dtús,
Is mo mhallacht do Dessie bradach sin
Mar is é a mheall Bobby 'un siúil;
Lean Pól Ó Foighil ar feadh scaitheamh beag iad,
Is tá caint ar Pheter Toole,
Ach go n-imí an diabhal leis an lot acu
Má bhíonn Fianna Fáil i gcumhacht.

# Eileen Mannion –

## Comhairleoir Contae

An Clochán, Conamara.

**Teileafón: 087-9555645**



Tabharfaidh mé gach cabhair is féidir do mhuintir Iorras Aithneach agus Chonamara.

*Nollaig mhaith dhibh uilig*




**Tomás Ó Cuirrín**

**COMHAIRLEOIR CONTAE DO CHONAMARA**



**Nár laga Dia sibh uilig agus tá súil agam go mbeidh Nollaig mhaith agaibh agus go n-éirí libh i 2022.**

**Tá fáil orm ar an teileafón póca: 087-2933782**

Ag Ceiliúradh 75 Bliain
arramara teo
Príomhphróiseálaí feamainne na hÉireann

# Arramara Teoranta

## Tiomnaithe níos mó ná ariamh do bheith páirteach i bpobal Iorras Aithnigh agus Iarthair na hÉireann.



## Ag cothú Tionscail na Feamainne sna blianta romhainn ar mhaithe le:

- Slí bheatha lucht bainte na feamainne a chinntiú.
- Cur le fostaíocht sna ceantair cois cósta.
- An timpeallacht a choinneáil slán.
- Cur le gnónna áitiúil.
- Forbairt a dhéanamh ar Nuatheicneolaíochtaí Éireannacha.
- Bheith dílis do oidhreacht ceantair farraige an Iarthair.

# An Gorta Mór tugtha chun cuimhne i gCoill Sáile

*le Colm Ó Neasa*

Rinneadh comóradh 175 bliain ar an nGorta Mór (1845-49) timpeall na tíre i mbliana agus rinne muintir Choill Sáile amhlaidh ar Oíche Fhéile Sin Seáin chun logainm stairiúil ón mbliain 1847 a thabhairt chun cuimhne. Nochtadh leacht i gcuimhne ar fhear a tháinig i dtír sa gcladach le linn na laethanta ba mheasa den drochshaol. Uaithnín an sloinne a bhí ar an té a tháinig i dtír ann agus é ag lorg bia agus de réir an tseanchais cailleadh ann é agus cuireadh ar an muirbheach é. An Aill Uaithne atá ar an gcaladh beag ó shin i leith agus é fanta i gcuimhne na ndaoine. B'iad muintir an bhaile bhig a chur lámh ina bpócaí chun íoc as an togra, b'iad a chóirigh an áit agus a rinne cinnte go raibh chuile shórt socraithe don oíche. Gearradh féar an bhóithrín, glanadh an cladach, piocadh amach cloch dhúchasach ón mbaile agus cuireadh an scríbhinn uirthi. Tá buíochas ar leith ag dul do Phól Ó Neachtain as Indreabhán a chóirigh go breá í. Chruinnigh muintir an bhaile agus daoine nach iad thíos le taobh an chladaigh tráthnóna Oíche Fhéile Sin Seáin ag a hocht a chlog. Léigh an tAthair Shane Ó Suilleabháin Aifreann agus bheannaigh sé an áit a cuireadh an marbhán agus tugadh anamacha chuile dhuine a cailleadh de bharr uafás na haimsire úd chun cuimhne.

Insíodh scéal an fhir arís agus lasadh an tine chun an sean-nós ársa a chleachtadh, nós atá go fairsing in Iorras Aithneach leis na céadta bliain. Rinne daoine an turas, iad ag paidreoireacht, agus iad ag seanchas ina dhiaidh le chéile.

## Buaileadh Iorras Aithneach go dona.

Bualadh ceantar Iorras Aithneach agus iarthar na hÉireann go dona le linn an Ghorta agus tá scéalta mórthimpeall an cheantair seo a thugann léargas dúinn ar an gcaoi a bhí cúrsaí




**Aill Uaithne**

dár muintir ar fad. De réir an tseanchais, bhíodh daoine siúlach le linn an ama ag cuardach bia agus is minic go bhfágfaidís a mbailte fhéin ag lorg greim bia. Is cosúil gur amhlaidh an cás leis an Uaithníneach. Ní raibh an sloinne sin fairsing i gCoill Sáile riamh ach bhí agus tá sé fós fairsing taobh thiar d'Iorras Aithneach. Ba é an sloinne céanna a bhí ar mo sheanmháthair ar thaobh mo mháthair fhéin, Béib Chathail Choilm a rugadh sa Más, beannacht Dé léi agus na marbh uilig.

Deirtí nach raibh an saol chomh dona sin ag muintir an chósta mar go raibh bia cladaigh acu agus iasc ón bhfarraige. Níl sé sin go hiomlán fíor. De réir mar a chuaigh an Gorta ar aghaidh

agus na fataí fós ag teip, shocraigh go leor daoine a gcuid uirlisí iascaireachta agus a gcuid curachaí a dhíol chun bia a chur ar an mbord. Faoin am a tháinig 1847 bhí na deiseanna iascaireachta díolta ag go leor daoine agus gan aon bhealach acu le dul ar farraige. Bhí bia cladaigh gann freisin mar go raibh an oiread ag tarraingt ar na cladaigh agus ag ithe aon bhia a d'fhéadfaidís a fháil. Chuile sheans gur mar sin a tharla i gCoill Sáile. Bualadh Coill Sáile go dona le linn an ama agus é ráite go bhfuil ar a laghad dhá gharraí a bhfuil daoine curtha iontu ón tréimhse ba dhorcha i stair na tíre seo.

Nochtadh an leacht agus tugadh na mairbh uilig a fuair bás leis an ocras le linn bhlianta an anachain chun cuimhne. Beannaíodh an áit a bhfuil an marbhán curtha freisin. Tá 175 bliain caite ó tharla na huafáis seo agus is fiú go mór iad a thabhairt chun cuimhne agus gan an méid a tharla dár muintir a ligean i ndearmad.

**Scéalta uafáis faoin nGorta in Iorras Aithneach i gcó**naí.

Is ábhar spéise agus cainte é aimsir an Ghorta fós in Iorras Aithneach. Tá an comhrá an-tréan sa gceantar fós agus is iomaí scéal béaloidis atá faoin tréimhse dorcha i mbéal na ndaoine. Dúirt Joe Éinniú go raibh fáth go raibh na hamhráin sean-nóis chomh láidir i gceantar Charna agus in Iorras Aithneach. Leagtaí clocha ar thaobh an bhóthair san áit a chaillltí daoine le teann ocrais le linn aimsir an Ghorta. Mheabhraídís do na daoine a tháinig slán go raibh dualgas orthu na sean amhráin agus na sean scéalta a bhí ag a muintir rompu a thabhairt slán agus a thabhairt don chéad ghlúin eile.

Thóg mé roinnt seanchais ó Cholm John Mac an Iomaire cúpla bliain ó shin agus bhí an-eolas aige faoi aimsir an drochshaoil sna bólaí seo. Bhí eisean ag insint dom go mbíodh daoine siúlach ag an am ag cuardach deirce agus gur chuala sé faoi bhean agus í básaithe ar thaobh an bhóthair i Ros Dúgáin agus sú féir ag sileadh óna béal. Tugann sé sin léargas gruama dúinn ar an tréimhse, nach bhfaca daoine aon dul as ach féar a ithe chun faoiseamh ón ocras a thabhairt dóibh fhéin. D'inis sé dom freisin go raibh áiteanna sa bpobal seo nár lobh na fataí ar chor ar bith, gur fhás siad chomh maith céanna le linn bhlianta an Ghorta. Chuala sé nár theip ar aon fhata thiar i nDabhras le linn an ama, ach nach raibh aon áit eile a raibh an t-ádh céanna orthu timpeall na háite seo. Tá séipéal Protastúnach i Muighros agus an fothrach fós ina sheasamh ann. B'uirlis a bhí sa séipéal sin chun creideamh na ndaoine a athrú ón gcreideamh Caitliceach, an creideamh a bhí in uachtar, go dtí an creideamh Protastúnach. Ach cén fáth? Thairg siad deirce do na daoine dá mbeadh siad toilteanach an bia a thógáil agus tacaíocht a thabhairt don chreideamh Protastúnach. Ní bheadh drogall ar bith ormsa amhlaidh a dhéanamh dá mbeinn ag fáil bháis leis an ocras!

Is iomaí scéal béaloidis agus seanchais atá ag daoine faoin am a chuala siad óna muintir. Tá fáil fós ar amhráin ón tréimhse sin a thugann foinse eolais eile dúinn agus bealach eile chun breithiúnas a thabhairt ar eachtraí an ama sin. Ceann acu sin is ea an t-amhrán 'Johnny Seoighe', amhrán sean-nóis a bhfuil tóir ag fonnadóirí air ach atá ceangailte go díreach leis an gceantar stairiúil seo. 'Soup House Mhuigh-Iorrais' ceann eile de na hamhráin sin ach nach gcastar chomh minic céanna é ach a thugann le fios dúinn cé chomh dona is a bhí cúrsaí ag ár muintir romhainn in Iorras Aithneach.

*Níl duine ar bith sách láidir*
*ag an ocras thar aon lá amháin ar bith*
*mar caolaíonn sé na cnámhannaí*
*agus leagann sé an fheoil,*
*is troime é ná Binn Éadain —*
*bhain sceitsín beag liom péin de,*
*scaip sé mo mheabhair is mo réasún*
*agus chuir sé néall i mo cheann.'*

## Oíche mhacnaimh i gCoill Sáile.

Tá cuntas ag Albanach darbh ainm Thomas Colville Scott, a bhí ag déanamh suirbhé ar

eastáit na Máirtíneach in 1853, a léiríonn cé chomh crua a buaileadh an taobh seo tíre le linn bhlianta an Ghorta Mhóir. Chuir sé síos ar an méid a chonaic sé, gadhair ag ithe corpán a bhí curtha go tanaí sna háiteanna a chailltí iad ar thaobh an bhóthair. Rinne rialtas na Breataine iarracht oiliúint a chur ar mhuintir na háite le linn 1846. Thug siad isteach scéim chun tábhacht na feamainne a chur ina luí ar mhuintir na háite agus í a húsáid mar leasú in áit í a dhó don cheilp. An 'Model Farm' a thugtaí air agus bhí ceann acu thuas sa nGleann Mór i gCill Chiaráin. Tháinig bád faoiseamh, The Valorous, isteach i gcuan Chill Chiaráin chomh maith chun bia a thabhairt chomh fada le muintir an cheantair. Is deacair a rá an raibh mórán beatha ar bord an tsoithigh sin mar nach bhfuil aon seanchas ná tuairisc scríofa faoi.

Bhí tábhacht leis an oíche sin i gCoill Sáile. Ba oíche mhachnaimh a bhí inti ar bhealaí. Thug sí deis dúinn breathnú ar an méid atá againn faoi láthair, an saibhreas atá againn, go bhfuil an saol níos simplí anois leaba mar a bhí. Cleachtadh dhá rud i gCoill Sáile an oíche sin, an tríú lá fichid de mhí an Mheithimh, a rinne an rialtas Gallda iarracht fáil réidh leo 175 bliain roimhe sin, an Eaglais Chaitliceach agus an Ghaeilge. Tá an dá rud beo bríomhar sa dúiche seo. Má tá rud ar bith le foghlaim ón oíche sin, sin é tábhacht na teanga. Rinneadh iarrachtaí móra í a chur faoi chois. Go deimhin is féidir a rá nár chuidigh rialtais éagsúla na hÉireann mórán chun í a shlánú. Tógfaidh muid misneach ón nglúin a d'fhulaing faoi lámha na Sasanach. Níor iompaigh siadsan a ndroim ar an teanga. Choinnigh siad í agus mhair sí. Ní iompóidh muid ach an oiread ná an ghlúin a thiocfadh inár ndiaidh. Seans gurb iad an ghlúin reatha an chéad ghrúpa daoine a bhfuil deiseanna fostaíochta acu de bharr go bhfuil an Ghaeilge acu mar theanga. Is uirlis í anois chun doirse fostaíochta a oscailt suas anseo ag baile. Níor tharla amhlaidh riamh i stair na teanga. Tá an t-uafás deiseanna fostaíochta ar fáil anois ná riamh in earnáil na Gaeilge, ní amháin i saol an oideachais. Is seoid luachmhar eacnamaíochta anois í chomh maith le seoid féiniúlachta.




# Ceíst agus Freagra – Rang a 6

**Chuireamar slán ceisteanna amach chuig scoileanna an Phobail le tabhairt do rang 6.**
**Tháing na freagraí seo isteach ó Scoil na hAirde Thiar agus ó Scoil Mhuire i gCarna.**

## An Aird Thiar i dtosach:




Scoil na hAirde Thiar




Ainm: Clodagh Ní Shuilleabháin
Scoil: Scoil Na hAirde Thiar

- **Cé'n rud is fearr leat faoin Scoil?**
  An rud is fearr liom ná an Ealaín
- **Bhí an saol buailte ag Covid le gairid. Ar bhfearr leat a bheith ag foghlaim sa mbaile no istigh sa Scoil?**
  B'fhearr liom a bheith ag foghlaim sa scoil mar bíonn an múinteoir ann chun cabhrú leat
- **Cén caitheamh aimsire agus spraoí a bhíonn ar siúil agat in éineacht le do chairde?**
  Bíonn muid ag imirt cluichí éagsúla chomh maith leis sin laethanta bíonn muid ag siúl abhaile ón scoil le chéile
- **Céard ba mhaith leat a dhéanamh nuair a bheidh tú fásta suas.**
  Ba mhaith liom a bheith i mo mhúinteoir nó mar Ailtire
- **Cén áit ar mhaith leat maireachtái – a bheith in do chónaí – nuair a bheidh tú fásta suas?**
  Ba mhaith liom fanacht i gConnemara más féidir, mar is áit álainn é.
- **Meastú cén sort saoil a bheidh ann nuair a bheith tú fásta suas? Meastú cé'n sort rudaí nua a bheidh ann?**
  Ceapann mé go mbeidh sé difriúil ach tá súil agam go mbeidh costas maireachtála níos fearr ná mar atá sé faoi láthair
- **Cén duine cáiliúil sa domhan is fearr leat?**



Ainm: Zara
Scoil: S.N. Árd


- **Cé'n rud is fearr leat faoin Scoil?**
  An rud is fearr liom faoin Scoil ná a bheith a [illegible]
- **Bhí an saol buailte ag Covid le gairid. Ar bhfearr leat a bheith ag foghlaim sa mbaile no istigh sa Scoil?**
  Is fearr liom a bheith ag foghlaim istigh sa scoil
- **Cén caitheamh aimsire agus spraoí a bhíonn ar siúil agat in éineacht le do chairde?**
  Bíonn mé ag spraoi [illegible]
- **Céard ba mhaith leat a dhéanamh nuair a bheidh tú fásta suas.**
  Níl aon fhios agam céard ba mhaith liom a dhéanamh fós
- **Cén áit ar mhaith leat maireachtái – a bheith in do chónaí – nuair a bheidh tú fásta suas?**
  Is maith liom a bheith i mo chónaí in Éireann
- **Meastú cén sort saoil a bheidh ann nuair a bheith tú fásta suas? Meastú cé'n sort rudaí nua a bheidh ann?**
  Níl aon fhios agam cén sort saoil nó rudaí nua a bheidh ann nuair atá mé fásta suas.
- **Cén duine cáiliúil sa domhan is fearr leat?**
  Tá an [illegible]



Ainm Eleanor

Scoil na bhFirde thiar


- Cé'n rud is fearr leat faoin Scoil? An rud is fearr liom faoi an scoil na an spraoi a bhíonn againn gach lá.
- Bhí an saol buailte ag Covid le gairid. Ar bhfearr leat a bheith ag foghlaim sa mbaile no istigh sa Scoil? Is fearr liom a bheith ag foghlaim sa scoil mar tá sé níos nádúrtha ná tá sé sa mbaile.
- Cén caitheamh aimsire agus spraoí a bhíonn ar siúil agat in éineacht le do chairde? Bíonn muid ag caint agus ag caitheamh liathróid ~~lennt~~ ag a chéile
- Céard ba mhaith leat a dhéanamh nuair a bheidh tú fásta suas. Níl is agam go fóil céard atá mé ag iarraidh dhéanamh nuair atá mé fásta suas.
- Cén áit ar mhaith leat maireachtái – a bheith in do chónaí – nuair a bheidh tú fásta suas? Ba mhaith liom neart laethanta saoire thar lear ach a bheith i mo chónaí i gConamara
- Meastú cén sort saoil a bheidh ann nuair a bheith tú fásta suas? Meastú cé'n sort rudaí nua a bheidh ann? Níl is agam céard a bheidh ann ach ceapim go mbeidh daoine fós ag iascaireacht agus feirimoreacht ach ní beidh an oiread daoine dá dhéanamh.
- Cén duine cáiliúil sa domhan is fearr leat? An duine cáiliúil sa domhain is fearr liom na Louis tomlinson ó One Direction. Bíonn sé ag casadh amhrán leis féin ó 2016.



Ainm Róisín

Scoil S.N. Aird

- Cé'n rud is fearr leat faoin Scoil? An rud is fearr liom ón scoil na ag bualadh le mo chairde gach lá agus ag foghlaim rudaí nua.
- Bhí an saol buailte ag Covid le gairid. Ar bhfearr leat a bheith ag foghlaim sa mbaile no istigh sa Scoil? Is fearr liom ag bheith ag foghlaim sa scoil.
- Cén caitheamh aimsire agus spraoí a bhíonn ar siúil agat in éineacht le do chairde? Bíonn muid ag tógail ranganna hiphop le chéile agus ag siúl ar an trá.
- Céard ba mhaith leat a dhéanamh nuair a bheidh tú fásta suas. Níl mo intinn deanta suas agam fós.
- Cén áit ar mhaith leat maireachtái – a bheith in do chónaí – nuair a bheidh tú fásta suas? Ba mhaith liom am a chaitheamh in dtíortha difriúla ach mo chlann a thógáil i gConamara
- Meastú cén sort saoil a bheidh ann nuair a bheith tú fásta suas? Meastú cé'n sort rudaí nua a bheidh ann? Is dóiche go mbeidh teicneoilíocht aisteach ann faoin am sin. Carranna nach dteastaíonn tiomanaí agus gach rud ar zoom.
- Cén duine cáiliúil sa domhan is fearr leat? Is maith liom Katie Taylor mar tá sí in ann rud ar bith a dheanamh agus tá sí láidir ach is breá liom gach duine a bhí i One Direction freisin



Ainm Ríona Ní Chonaire

Scoil Scoil na hÁirde Thiar

- Cé'n rud is fearr leat faoin Scoil? An rud is fearr liom faoi scoil ná ag spraoi sacar le mo chairde ag am lón.
- Bhí an saol buailte ag Covid le gairid. Ar bhfearr leat a bheith ag foghlaim sa mbaile no istigh sa Scoil? Bhfearr liom a bheith ag foghlaim istigh sa Scoil mar go bhfeicim mo chairde.
- Cén caitheamh aimsire agus spraoí a bhíonn ar siúil agat in éineacht le do chairde? Ag imirt peil.
- Céard ba mhaith leat a dhéanamh nuair a bheidh tú fásta suas. Ba mhaith liom a bheith i mo aisteoir nuair a bheidh mé fásta suas.
- Cén áit ar mhaith leat maireachtái – a bheith in do chónaí – nuair a bheidh tú fásta suas? Ba mhaith liom a bheith i mo chónaí i gConamara nuair a bheidh mé fásta suas.
- Meastú cén sort saoil a bheidh ann nuair a bheith tú fásta suas? Meastú cé'n sort rudaí nua a bheidh ann? Is dóigh go mbeidh go leor teicneolaíocht agus go leor robots ann nuair a bheidh mé fásta suas.
- Cén duine cáiliúil sa domhan is fearr leat? An duine cáiliúil is fearr liom ná Kate Taylor.

## Anois na freagraí ó Rang 6 i Scoil Mhuire i gCarna:



Scoil Mhuire

**Ainm: Alex Mac Donnacha**

**Scoil Mhuire Carna**

**Cé'n rud is fearr leat faoin Scoil?**

Is maith liom a bheith ag imirt spóirt.

**Bhí an saol buailte ag Covid le gairid. Ar bhfearr leat a bheith ag foghlaim sa mbaile no istigh sa Scoil?**

B'fhearr liom a bheith ag foghlaim istigh sa scoil.

**Cén caitheamh aimsire agus spraoí a bhíonn ar siúil agat in éineacht le do chairde?**

Bíonn mé ag imirt peile nó sacair in éineacht le mo chairde.

**Céard ba mhaith leat a dhéanamh nuair a bheidh tú fásta suas?**

Nuair a bheidh mé fásta suas ba mhaith liom a bheith i m'imreoir sacair.

**Cén áit ar mhaith leat maireachtái – a bheith in do chónaí – nuair a bheidh tú fásta suas?**

Nuair a bheidh mé níos sine ba mhaith liom a bheith i mo chonaí i Dubai.

**Meastú cén sort saoil a bheidh ann nuair a bheith tú fásta suas? Meastú cé'n sort rudaí nua a bheidh ann?**

Ceapaim go mbeidh na caranna uilig leictreach agus go mbeidh go leor rudaí high-tec ann.

**Cén duine cáiliúil sa domhan is fearr leat?**

Cristiano Ronaldo CR7

**Ainm: Caoimhe Ní Chlochartaigh**

**Scoil Mhuire Carna**

**Cé'n rud is fearr leat faoin Scoil?**

Is maith liom a bheith ag spraoi.

**Bhí an saol buailte ag Covid le gairid. Ar bhfearr leat a bheith ag foghlaim sa mbaile no istigh sa Scoil?**

B'fhearr liom a bheith ag foghlaim sa scoil.

**Cén caitheamh aimsire agus spraoí a bhíonn ar siúil agat in éineacht le do chairde?**

Is maith liom a bheith ag imirt peile agus a bheith ag snámh.

**Céard ba mhaith leat a dhéanamh nuair a bheidh tú fásta suas?**

Ba mhaith liom a bheith i mo thréidlia.

**Cén áit ar mhaith leat maireachtái – a bheith in do chónaí – nuair a bheidh tú fásta suas?**

Ba mhaith liom a bheith i mo chonaí in i Leitir Árd.

**Meastú cén sort saoil a bheidh ann nuair a bheith tú fásta suas? Meastú cé'n sort rudaí nua a bheidh ann?**

Sciorrárthach nó hovercrats.

**Cén duine cáiliúil sa domhan is fearr leat?**

An duine is cáiliúla sa domhan is fearr liom ná Lisa ó Blackpink.

**Ainm: Cathal Mac Donnacha**

**Scoil Mhuire Carna**

**Cé'n rud is fearr leat faoin Scoil?**

Is maith liom a bheith ag imirt peile agus aon chineál spóirt.

**Bhí an saol buailte ag Covid le gairid. Ar bhfearr leat a bheith ag foghlaim sa mbaile nó istigh sa Scoil?**

Is fearr liom a bheith ag foghlaim sa scoil.

**Cén caitheamh aimsire agus spraoí a bhíonn ar siúil agat in éineacht le do chairde?**

Is maith liom a bheith ag imirt peile le mo chairde.

**Céard ba mhaith leat a dhéanamh nuair a bheidh tú fásta suas?**

Nuair a bheas mé níos sine ba mhaith liom a bheith i mo pheileadóir cáiliúil.

**Cén áit ar mhaith leat maireachtái – a bheith in do chónaí – nuair a bheidh tú fásta suas?**

Ba mhaith liom a bheith i mo chonaí i Dubai.

**Meastú cén sort saoil a bheidh ann nuair a bheith tú fásta suas? Meastú cé'n sort rudaí nua a bheidh ann?**

Tá súil agam go mbeidh sé níos fearr ná mar atá sé anois.

**Cén duine cáiliúil sa domhan is fearr leat?**

RONALDO

**Ainm: Niamh Ní Chualáin**

**Scoil Mhuire Carna**

**Cé'n rud is fearr leat faoin Scoil?**

An rud is fearr liom faoin scoil ná ag caitheamh ama le mo chairde.

**Bhí an saol buailte ag Covid le gairid. Ar bhfearr leat a bheith ag foghlaim sa mbaile no istigh sa Scoil?**

B'fhearr liom a bheith ag foghlaim sa scoil mar go bh-fuil sé níos suimiúla a bheith ag éisteacht leis an múinteoir.

**Cén caitheamh aimsire agus spraoí a bhíonn ar siúil agat in éineacht le do chairde?**

Bíonn mé ag imirt peile go minic.

**Céard ba mhaith leat a dhéanamh nuair a bheidh tú fásta suas?**

Ba mhaith liom a bheith i m'eolaí nuair atá mé níos sine.

**Cén áit ar mhaith leat maireachtái – a bheith in do chónaí – nuair a bheidh tú fásta suas?**

Ba maith liom a bheith i mo chonaí i nGaillimh.

**Meastú cén sort saoil a bheidh ann nuair a bheith tú fásta suas? Meastú cé'n sort rudaí nua a bheidh ann?**

Nuair a bheidh mé níos sine ceapaim go mbeidh níos mó teicneolaíochta nua againn.

**Cén duine cáiliúil sa domhan is fearr leat?**

Is í Lisa as Blackpink an duine cáiliúil is fearr liom sa domhain.

**Ainm: Katelyn Nic Dhonnacha**

**Scoil Mhuire Carna**

**Cé'n rud is fearr leat faoin Scoil?**

Is maith liom ealaín a dhéanamh ar scoil.

**Bhí an saol buailte ag Covid le gairid. Ar bhfearr leat a bheith ag foghlaim sa mbaile no istigh sa Scoil?**

B'fhearr liom a bheith ag foghlaim sa scoil.

**Cén caitheamh aimsire agus spraoí a bhíonn ar siúil agat in éineacht le do chairde?**

Is maith liom a bheith ag dul ar siúlóid le mo chairde.

**Céard ba mhaith leat a dhéanamh nuair a bheidh tú fásta suas?**

Ba mhaith liom a bheith i m'eolaí.

**Cén áit ar mhaith leat maireachtái – a bheith in do chónaí – nuair a bheidh tú fásta suas?**

Ba mhaith liom a bheith i mo chonaí in Éirinn nó i South Korea.

**Meastú cén sort saoil a bheidh ann nuair a bheith tú fásta suas? Meastú cé'n sort rudaí nua a bheidh ann?**

Níl a fhios agam.

**Cén duine cáiliúil sa domhan is fearr leat?**

Jisoo, Jennie, Rosé agus Lisa as Blackpink.

**Ainm: Jack Seoige**

**Scoil Mhuire Carna**

**Cé'n rud is fearr leat faoin Scoil?**

Is breá liom Corpoideachas.

**Bhí an saol buailte ag Covid le gairid. Ar bhfearr leat a bheith ag foghlaim sa mbaile no istigh sa Scoil?**

B'fhearr liom a bheith ag foghlaim sa mbaile.

**Cén caitheamh aimsire agus spraoí a bhíonn ar siúil agat in éineacht le do chairde?**

Bíonn mé ag imirt peile le mo chairde.

**Céard ba mhaith leat a dhéanamh nuair a bheidh tú fásta suas ?**

Nuair a bheidh mé fásta suas ba mhaith liom a bheith i mo pheileadóir.

**Cén áit ar mhaith leat maireachtái – a bheith in do chónaí – nuair a bheidh tú fásta suas?**

Nuair a bheidh mé fásta suas ba mhaith liom a bheith i mo chonaí i nGlinnsce.

**Meastú cén sort saoil a bheidh ann nuair a bheith tú fásta suas? Meastú cé'n sort rudaí nua a bheidh ann?**

Ceapaim go mbeidh an saol mar a chéile.

**Cén duine cáiliúil sa domhan is fearr leat?**

Cristiano Ronaldo

**Ainm: Orla Nic Giolla Pháraic.**

**Scoil Mhuire Carna**

**Cé'n rud is fearr leat faoin Scoil?**

Is maith liom a bheith ag spraoi le mo chairde.

**Bhí an saol buailte ag Covid le gairid. Ar bhfearr leat a bheith ag foghlaim sa mbaile no istigh sa Scoil?**

B'fhearr liom a bheith ag foghlaim sa mbaile.

**Cén caitheamh aimsire agus spraoí a bhíonn ar siúil agat in éineacht le do chairde?**

Is maith liom a bheith ag snámh agus a bheith ag imirt peile.

**Céard ba mhaith leat a dhéanamh nuair a bheidh tú fásta suas.**

Níl a fhios agam fós ach ba mhaith liom a bheith ag obair le hainmhithe.

**Cén áit ar mhaith leat maireachtái – a bheith in do chónaí – nuair a bheidh tú fásta suas?**

Ba mhaith liom a bheith i mo chonaí in Éirinn.

**Meastú cén sort saoil a bheidh ann nuair a bheith tú fásta suas? Meastú cé'n sort rudaí nua a bheidh ann?**

Ceapaim go mbeidh róbáit ag déanamh go leor obair fhisiciúil. Silím go mbeidh caranna in ann eitilt agus go mbeidh níos mó daoine ag dul ar an nGealach.

**Cén duine cáiliúil sa domhan is fearr leat?**

Kendall Jenner.



Kavanagh's SuperValu, The Square, Clifden

Specialists in fresh foods

If you need any help in our fresh fish department or have any questions, I'll be happy to help you.

Just ask. Martina

Open 7 Days A Week

Fruit & Veg • Meat & Deli • Fine Range of Fresh Cut Cheese • Fresh Fish
Daily Lobster, Crab & Mussels • Off License • Instore Bakery • Household 180 Car Park Spaces

Kavanagh's SuperValu
Real Food, Real People



## *Debs 2022*

*Líne cúil, ó chlé:* Molly Ní Cheoinín, Máirtín Ó Cualáin, Mikey Breathnach, Lucas Ó Ceallacháin, Matthew Nolan, Rónán Ó Niadh, Liam Ó Loideáin, Fionn de Brún agus Aoife Ní Dhúnáird.
*Líne tosaigh, ó chlé:* Siobhán Ní Chadhain, Jessica Ní Chonaire, Shauna Ní Chormaic, Shaunadh Ní Chlochartaigh, Emma Boulger agus Rosa Ní Ceallaigh.

# Seaimpiní



**Foireann bhuachaillí Charna/an Chaisil/ na Piarsaigh a bhuach an chraobh faoi-12 i mbliana.**

*Ar chúl, ó chlé:* Tomás Ó hEithir Gionnáin, Gearóid Ó Maolchiaráin, Mícheál Breathnach, Daniel Ó Ceallaigh, Lochlainn Ó Coileáin, Conor Dunne, Jamie Ó Clochartaigh agus Liam de Búrca.

*Chun tosaigh, ó chlé:* Rían Ó Mainín, Tadhg Ó Coise, Mattie Ó Conbhuí, Naoise Ó Standún, Eoin Ó Loideáin, Liam Ó Cualáin, Ryan Nash, Aontaine Ó Cualáin agus Jayden Ó Mainín.

*Bainisteoirí:* Éamonn Ó Cualáin, Tommy Ó Gionnáin, Séamus Ó Clochartaigh, Dillon Ó Coise agus Máirtín Ó Maoilchiaráin.

# Marty  Walsh ar na suíomhanna Tógála i mBoston




Bíonn Marty Walsh sa White House, nó i dteagbháil leis an White House, mórán chuile lá.
Sé Marty an Rúnaí Saothair i Rialtas an Uachtaráin Biden.
Ar ndóigh, tugann sé "an baile" ar cheantar Ros Muc agus Charna.
Seo é Marty (sa lár) anseo agus é ar cuairt ar shuíomh tógála i mBoston le gairid.
Sé Jimmy Francis Joe an tSaoir (Jimmy King) atá ar chlé – col ceathrar le Marty Walsh – agus fear forbartha na tógála ar dheis.

# *Chas said an bealach*



*Ó chlé:* **Mary Cadigan** as Massachusetts, **Máirtín Ó Catháin, Eileen Davis** agus **Mike Gaziano,** Dochtúir Croí san Ospidéal, 'Mass General' i mBoston.
Ba as Coill Sáile iad sinsir Mary Cadigan.



**Thomas Roche** as Chicago.
Ba as Roisín an Bholgáin a shinsir a chuaigh go Minnesota sna 1880óidí.
Cara mór le Ionad Cuimhneacháin na nImirceach.



**Éamon de Búrca** as Duibhithir taghta as Boston agus $1000 aige do Ionad Cuimhneacháin na nImirceach agus é dá bhronnadh ar **Michael Dunworth**, ó Choiste an Ionaid.

# Comhrá na bhFear



**Máirtín Ó Catháin** ar chlé agus **John Sweeney** (Sweeney Oil/Óstán Station House srl). Ag ócáid cheangail idir Carna agus Gaeltacht Mhuigheo sa gClochán i mbliana.



**Albert Mac an Ríogh** as Duibhithir (ar chlé) agus **Pádraig Chóilín Sheáin Dhúdara** as an gCrompán. Tí Mheaic i mbliana.



**Tom Mac Lochlainn** as Maigh Cuillin (ar chlé) agus **Seán Éinniú** as Carna agus Cois Fharraige ag Féile Joe Éinniú. Labhair Tom faoi Chaipilínei Chonamara.



**Micheál Ó Cadhain** as Cill Chiaráin (ar dheis) agus **Bill Whelan,** an fear a chruthaigh Riverdance.

# Gastro Chill Chiaráin agus capaill na mBan Óg




Bhuaigh Teach Tabhairne Tí Chadhain an gradam don cheann a bhfearr dá cineál taobh thiar den tSionnain "Pub Gastro" a bhfearr taobh thiar den tSionnain i 2022 agus chuadar ar aghaidh go dtí an babhta ceannais náisiúnta.

Sa bpictiúr anseo tá Micheál Ó Cadhain an dara duine ó chlé agus a bhean chéile, Ann Marie, an triú duine ó chlé, an iníon Maeve, an dara duine ó dheis agus Siobhán Seoige ar dheis, ag glacadh le Gradam agus feidhmeannaigh an chomórtais in éineacht leo.



**Trup, trup a chapaillín!**
Ciara Ní Mhainnín as Coill Sáile sa diallait.



**Agus trup, trup arís!**
Iona Ní Laoí as Doire Iorrais sa diallait seo.




*Líne chúl, ó chlé:* Brenda Ní Mhaoilchiaráin, Shana Ní Chlochartaigh, Shana Nic Chormaic, Vanessa Kelly, Clodagh Ní Chuinneain, Ciara Áine Ní Mhaoilchiaráin, Sinéad Bhreathnach, Mae Ní Chathasaigh, Fiona Ní Chualáin, Triona Ní Chualáin, Ríona Ní Dhuinshléibhe, Aoibhe Seoige, Leah Nic Con Iomaire, Sinéad Bhreathnach, Sorcha Níc Chrochúr, Joy Ní Chualain agus Pauline Ní Mhurchú.

*Chun tosaigh, ó chlé:* Kerina Ní Chathasaigh, Róisín Ní Chlochartaigh, Cathy Nic Dhonnacha, Éabha Ní Chathasaigh, Máire Ní Chonbuí, Bridget Ní Chlochartaigh, Niamh Ní Chonghaile, Ciara Ní Duinshléibhe, Seosamhín Ní hAllúráin, Nóra Treasa Ní hAllúráin, Íonaigh Ní hAllúráin agus Doloras Ní Mhadaoin.

# Pósadh 2022



*Ar chlé:*
Nuala Ní Ghuairim as Leitir Ard agus Stiofán Ó Briain as an Cheathru Rua.



*Ar dheis:*
Bríd Ní Mhaoilchiaráin, Bantrach Ard agus Cian Ó Gríofa, Teach Mór, Indreabhán a phós ar an 26ú Samhain 2022 i Seipéal Chill Chiaráin.

# Pósadh 2022



*Ó chlé:* Laine Ní Mhaoláin, Sally Ní Mhaoláin,Stephanie Ní Cheannabháin,
Aileen Ní Chuirín (an bhrídóg) as an Áird Mhóir, Jason Ó Neachtain (Fearcéile) as Doire Iorrais,
Antoine Óg Ó Mainnín, Micheál Ó Neachtain agus Tomás Ó Neachtain.



Michelle Ní Chathasaigh (Carna) agus Eoin Ó Lochlainn (Inis, Co an Chláir) a phós i Virgíne
i gContae an Chábháin

# Pósadh 2022



Gearóidín Ní Phléimeann agus Micheál Ó Cathasaigh (Más) a phós ar an 6ú Iúil i Séipéil Chill Mhuire i gCorcaigh lena gcailín beag Penny Ní Chathasaigh.



Séamus Ó Catháin as Gabhla agus Laura Hamill as Droichead na Banna, Co. an Dúin ag Caisleán Killeavy.

# Pósadh 2022



Niall Coyne (Gabhla) agus Elaine Rea a phós ar an 10/12/21 i gCaisleán Durrow,
Contae Laoise.



Róisín Ní Chatháin as Gabhla agus Caoimhín Ó Loideáin as Carna
ag Caisleán Markree i Sligeach

# Pósadh 2022



Breda Bhreathnach as an Aird Mhóir agus a fear céile Patrick Ó Ceallaigh as Tír an Fhia
agus a mbeirt ghasúr Anna Ní Cheallaigh agus Oscar Ó Ceallaigh.
Phós siad i dTeach Pobail Chill Chiaráin ar an 24 Meitheamh 2022.



Seán Ó Guairim as Leitir Ard agus Breeda Seoige as Rinn Mhaoile

# Cómhneartú 2022



**Scoil na hAirde Thiar**
*Ó chlé:* Róisín Ní Cheannabháin, Ríona Ní Chonaire, Éanna Ó Conghaile, Síofra Nic An Iomaire, Zara Ní Mhaoilchiaráin, Eleanor Ní Chonghaile, Clodagh Ní Shúilleabháin, Claire Ní Mhaoilchiaráin agus Micheál Breathnach.



**Comhneartú 2022 Scoil na hAirde Móire**
*Ó chlé:* Mya Ní Iarnáin, Caoimhe Nic an Iomaire, Róisín Nic Craith, Eoghan Ó Loideáin, Cian Mac Donncha, Ryan Nash, Jack Ó Flatharta agus Cole Ó Flatharta.



## An Cómhneartú -Scoileanna Charna agus na hAirde Thiar

*Chun tosaigh:* Seán Ó Conghaile, Alex Mac Donnacha, An tAthair Shane Ó Súilleabháin, Clíona Ní Mhurchú, Éanna Ó Conghaile, Eleanor Ní Chonghaile agus Zara Ní Mhaoilchiaráin.
*Lár:* Lilí Ní Mhaoilchiaráin, Kate Énya Ní Cheallacháin, Máire Nóra Ní Chonbhuí, Claire Ní Mhaoilchiaráin, Liam Ó Cualáin, Sorcha Ní Dhuinnshleibhe, Mollaí Ní Chualáin, Ríona Ní Chonaire, Clodagh Ní Shuilleabháin agus Róisín Ní Cheannabháin.
*Ar chúl:* Caoimhe Ní Chlochartaigh, Orla Nic Giolla Pháraic, Niamh Ní Chualáin, Katelyn Nic Dhonnacha, Cathal Mac Donnacha, Naoise Standún, Jack Seoige agus Daniel Ó Ceallaigh.

*Buíochas le Seán Ó Mainnín as cead a thabhairt an pictiúr a úsáid.*

# Frámaí Chonamara




Grúpa Idirbhliana ó Scoil Phobail MhicDara (Frámaí Chonamara) ag baint amach craobh náisiúnta den chomórtas fiontraíochta agus ag déanamh ionadaíochta ar son na hÉireann sa mbabhta Eorpach den chomórtas san Eastóin.

Ciara Ní Mhaoilchiaráin, Stephen Breathnach, Ciara Ní Chualáin, Dara Ó Cualáin agus Clíona Dunne.



# Lá'l Pádraig




Club nua sa gceantar seo é Club Mara Chonamara.
Bhíodar páirteach i bParáid na Féile Pádraig i Cill Chiaráin, 2022.



Aisling Seoige, Bróna Ní Mhadaoin, Saoirse Nic Dhonnacha agus Síofra Ní Mhurchú.



*Ó chlé:* Ella agus Bróna Ní Mhadaoin agus Sorcha Ní Mhaoilchiaráin a d'imir do Uachtar Ard i gcluiche Ceannais Sacair an Chontae.




Paudie Seoige ag baint taithnimh as ócáid na Féile Pádraig.

# Buaiteóirí – Bail ó Dhia oraibh



Cól Ó Gaora agus Shaunadh Ní Ghaora
as Leitir Deiscirt




*Ó chlé:* Róisín Ní Ghionnáin, Abaigh Bairéad agus Pádraic Ó Gionnáin ag Craobh Dornálaíochta na hÉireann i Márta 2022. D'éirigh le Abaigh dul chomh fada le Craobh Dornálaíochta na hÉireann, chaill sí ar "split decision".




Páraic Bairéad in éineacht le Katie Taylor in Ambasáid Mheiriceá i mBaile Átha Cliath.




Shane Mac Cormaic as Sráidbhaile Charna a fuair céim san ATU – Ollscoil an Atlantaigh.

# *Cluiche san Oíche ar Pháirc Chill Chiaráin!*




**Ag imirt sna soilse ar an bPáirc Astro Pitch i gCill Chiaráin. Gasúir faoi 9 Chárna An Chaisil a d'imir i gcoinne An Cheathrú Rua 24/10/2022**

*Ar cúl, ó chlé:* Cian de Búrca, James Standún, John Ó Dhuinnshleibhe, Rúadháin Conneally, Dara Killeen, Míchael Ó Ceallaigh, Ruán Standún, Cóilín Ó Cualáin, Abbie Nic Dhonnacha, Aoife de Búrca, Meabh Ní Mhaoilchiaráin, Niamh Ní Mhaoilchiaráin agus Ciara Ní Mhainín.

*Chun tosaigh, ó chlé:* Páraic Ó Conaire, Seosamh Ó Connbhui, George Nash, Sophie Ní Cheannabháin, Sadhbh Ní Chathasaigh, Eleanor Breathnach, Fionnuala Ní Chualáin, Gráinne Ní Mhaoilchiaráin, Fiadh Ní Chualáin, Kate Ní Chonnbhui, Seóidín Ní Chualáin agus Sophie Ní Cheallaigh.

# Cuairteoírí Anall



**Na Connemara Gaels i gCarna.**
D'imir siad in aghaidh Charna/Caiseal sa bPlantation i mí Meitheamh agus Corn Cholie Lydon mar luach saothair ag na buaiteoirí. Bhí Colie as Roisín na Mainíoch, ina Uachtarán saoil ar na Connemara Gaels.




**Ceathar as Iorras Aithneach a imríonn leis na Connemara Gaels i mBoston.**
*Ó chlé:* Séamus Ó Flatharta, Ciarán Ó Cillín, Páraic Mac Donncha agus Colmán Ó Maoilchiaráin.

# GALA – do shiopa áitiúil

# OLLMHARGADH MHIC DHONNCHADHA

## CILL CHIARÁIN, CONAMARA

Fón: 095-33406
Ríomhphost: tighmhicdhonnchadha50@gmail.com



Anna Nic Dhonnchadha, an Bainisteoir (ar dheis) agus Michelle Nic Donnchadha atá ag obair sa siopa.

**Réimse leathan seirbhísí ar fáil ar nós:**

- **Oifig an Phoist.**
- **Payzone.**
- **Búistéir.**
- **Deli agus Bacus.**
- **Gás, Gual, Briquettes, Adhmad.**
- **Bia saor ó ghlútan.**

*Glacann Anna agus foireann Tí MhicDhonnchadha buíochas as ucht bhur dtacaíocht ar feadh na bliana agus guíonn muid Nollaig mhaith oraibh uilig.*





# Fóram Chonamara - Leitir Fraic

Comhlacht forbartha áitiúil é Fórum Chonamara a bhfuil a phríomh oifig i Leitir Fraic. Déanann Forum Chonmara stiúradh ar roint cláracha eacnamaíochta agus sóisialta i gConamara, sa taobh ó thuaidh agus ó dheas den cheantar. Ina measc sin tá an clár LEADER (deontais do ghnóanna beaga agus grúpaí pobail), an scéim FONN OIBRE no WANT TO WORK (tacaíocht do dhaoine a bhfuil mí-chumas ag dul dóibh), an clár CAITHEAMH AIMSIRE TUAITHE (siúlóidí tuaithe), an clár SEIRBHÍSÍ DON ÓIGE (daoine óga), an clár CÚNAMH SÓISIALTA (café pobail i Leitir Fraic agus ''béilíthe ar rothaí''), an CLÁR FEILMÉIREACHTA (ag tacú le inmharthanacht na feilméireachta i gConamara).

Le na chois sin tá cláracha oibre tuaithe faoi stiúir Forum Chonamara ar nós TÚS, an RSS agus cláracha SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA. Tá clár sábháilteachta feilme, agus caidrimh le pobail ar fud an cheantair, faoi cheist sláinte intinne imeasc feilméaraí agus imeasc mhuintir na tuaithe.

Aon nduine a bhfuil suim acu i gcuid ar bith de na cláracha eacnamaíochta agus sóisialta seo is féidir léi/leis teagbháil a dhéanamh le Forum Chonamara ar na bealaí seo:

**Teileafón:** 095-41116.
**Ríomhphost**:
info@forumconnemara.ie
**Gréasán idirlinne:**
www.forumconnemara.ie

### CLÁR 'FONN OIBRE' - WANT TO WORK.

Tugann an clár seo tacaíocht do dhaoine a bhfuil mí-chumas colna no deacrachta sláinte intinne ag dul dóibh, agus atá 18 bliain d'aois - agus ós a chionn sin - atá ag iarraidh oibre. Tugtar lámh dóibh thrí chúrsaí oideachais agus oiliúna a d'fhágfadh go mbeadh deis níos fearr acu ar phost, sin no deis níos fearr le bheith páirteach in obair phobail agus dheonach.

Déantar ceangal le fostóirí agus lucht gnó/tionscail/seirbhísí a bheadh sásta deis a thabhairt do dhaoine a bhfuil mí-chumas colna no imchinne ag dul dóibh, agus eagraítear córais thacaíocha san ionad oibre, má tá sin feiliúnach.

Bhí an ceangal a rinneadh idir FORUM Connemara agus Cumann Tógála Claíocha Cloiche na hÉireann ar cheann de na beartais ba spéisiúla a rinneadh faoin gClár 'Fonn Oibre' i 2022. Rinneadh turas don Fhrainnc, de bharr tacaíochta ón gClár Eorpach, ERASMUS, mar den chlár malartaíthe óige a bhaineann le tuiscint ar chúrsaí oidhreachta. Chaith an grúpa sin againne coicís in áit ar a dtugtar La Garde Freinet, sráidbhaile beag i sléibhte Cote d'Ázur. D'óibrigh an dream sin againne le dhá dhream daoine óga bhí bainteach le hobair dheonach sa Spáinn agus sa bhFrainn. Ag cur chóir ar shean bhalla atá thimpeall ar gharraí crainnte fige a bhíodar; tá an garraí seo fréamhaíthe go domhain sa stair sa gceantar sin. Mar chuid den tionscnaimh seo rinne na grúpaí a bhí ann staidéar ar thimpeallacht, ar chultúr agus ar oidhreacht na háite.

### AN CLÁR FORBARTHA TUAITHE (LEADER) 2014-2020.

Tugann an clár LEADER atá faoi stiúir Fóram Chonamara tacaíocht do ghnóanna beaga agus do ghrúpaí pobail i gConamara. Tá idir airgead, staidéir agus forbairt i gceist. Tá réimse mór gníomhaíochtaí i gceist – ar nós feilméireacht, fiontraíocht, turasóireacht, oidhreacht, athnuachan bailte, áiseanna pobail, fuinneamh inathnuaite agus tionscnaimh timpeallachta.

Ní thabharfar tacaíocht ach d'íarrachtaí nach gcuirfidh gnóanna eile as feidhmiú. Bhfearr do dhreamanna a mbeadh suim acu leas a bhaint as Leader labhairt i dtosach le oifigeach forbartha de chuid Leader.

### SÁBHAILTEACT AGUS SLÁINTE AR AN BHFEILM (CLÁR NUA 2022)

Aird ar chúrsaí sábháilteachta ar fheilmeacha an chuspóir is mo atá ag an gclár seo. Beidh sláinte fhisiciúil agus intinne na bhfeilméaraí, agus a gclanna, ar an rud is mo a leagfear béim air.

Táthar ag obair i gcomhar le feilméaraí faoi láthair ar ábhair ar nós garrchabhair, pásanna sábháilteachta, modhanna crochadh meáchain gan dochar a dhéanamh, sábháilteacht ar 'Quads', sábháilteacht ó dhóiteáin srl

Tá staidéar dá dhéanamh faoi láthair ar chontúirtí a d'fhéadfadh a bheith ar fheilmeacha agus déanfar 150 acu seo i gConamara. Beidh seisiúin eolais dá n-eagrú ar chúrsaí airgid, sláinte ainmhíthe agus sláinte intinne.

An tOireachtas
125 bliain

# RÉAMHFHÓGRA
do
Oireachtas na Samhna 2023

ÓSTBHAILE
Cill Airne, Co. Chiarraí
1-5 Samhain 2023

Bí i dteagmháil linn

+353 (0)1 475 3857
www.antoireachtas.ie
eolas@antoireachtas.ie

An tOireachtas
6 Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
D02 VH98

@oireachtas.nagaeilge
@OirnaGaeilge
@oirnagaeilge

# "A Cháillín Mhioriúiltigh"
## – duine de Naoimh an chósta seo.

*Curtha i dtoll a chéile ag Eileen Davis.*

Ghlaoightí ar Naomh Cáillín go minic san aimsir a caitheadh. I nGaeilge a chuirtí an fógra chuige: "A Cháilín Mhiorúiltigh". Níl sé imíthe as an gcaint fós in Iorras Aithneach, ach níl sé chomh coitianta agus a bhíodh sé. Ia fada trácht air Cháilín, ar ndoigh. Go deimhin tá an turas go Tobar Cáillín luaite i stair na bhFhlathartach in 1684.

De réir an tseanachais, ba é Naomh Cáillín an chéad easbug i gContae an Dúin. Tháinig sé go dtí an Caorán Mór i bparóiste Iorras Mhóir (ceantar Bhaile Conaola) san sé'ú Aois. Sé Ceann Léime an spota is faide siar sa mbaile fearainn sin. Ba le hais na mara agus an tAtlantach fiáin ar a aghaidh amach a bhunaigh Caillín a chéad dhíthreabh. Ní raibh sé ar a shuaimhneas ansin; bhí sé ag cloisteáil fuaim chloigín an tSéipéil áitiúil agus bhí an torann sin ag cur as dá chuid páidreoireachta. D'athraigh sé as sin. San am a raibh cáil na naoimh agus na scoláirí ar an tír seo bhíothas ag súil go n-imeodh daoine a bhí léanta leis an spioradáltacht go háiteacha iargúlta ag páidreoireacht agus ag macnaimh. Ní raibh siad ceaptha bacadh le sóláistí an tsaoil cé go ndeirtear go rabhdar inann beoir mhaith a dhéanamh!

Bhuail Cailllín faoi obair thógála. D'oscail sé tobar beannaíthe agus ansin thóg sé Séipéal beag ar an oileán – gar don tobar – ar a dtugtar oileán an tSéipéil. Tá lorg an tSéipéil ansin i gcónaí. Tógálaí sciobtha a bhí ann; thug sé aon lá amháin dó féin leis an Séipéal a fhorbairt. Ach níor chuir sé ceann ar bith air agus ba mar sin a d'fhan sé ariamh, de réir scéil – Séipéal gan díon ná ceann. Munlaíodh an séipéal seo ar an déanamh a bhí ar an séipéal a thóg Naomh Briocán i Ros Muc. Tugann iascairí cloch no mortéal leo as OIleán an tSéipéil mar chosaint in aghaidh a mbáite.



**Eileen Davis**

Tá scéala sa gceantar nar mhair francach ná luch ar Oileán an tSéipéil ariamh. Deirtear go gcuireann créafóig ó Oileán an tSéipéil an ruaig ar fhrancaigh agus ar luchain, pé áit a dtugtar é.

Ní eagraítear pátrún foirmeálta ar bith go Tobar Cáillín ach téann daoine as a gconlán féin ann ar La'l Cáillín, an 13ú Samhain. Chuir daoine áitiúla claí cloiche thimpeall ar láthair an tobair. Ceaptar go bhfuil leigheas ag baint le uisce an tobair agus tá faoiseamh ó dhroch thinnis cinn ar cheann de na leigheasanna sin. Tugann iascairí uisce as tobar cáillín leo ar an bhfarraige agus iarrann siad cosaint ó Naomh Cáillín ach a dtéann siad soir nó siar le cósta an Chaoráin Mhóir.

Tá daoine ann a théann cosnochta ag déanamh an phátrúin go Tobar Cáillín ar an 13ú Samhain, bíodh sé feannta, fliuch, tirim no fionnuar. An

t'é atá ag déanamh an turais, abróidh sí/sé "Ár nAthair, "Se do Bheatha Mhuire" agus "Glór do Dhia sna hArda" i dtosach. Ansin tugann sí/sé seacht gcloch léi/leis as an gcarnán atá le taobh an tobair agus téann sí/sé thimpeall an tobair seacht n-uaire. Abróidh sé na páidreacha chuile uair a dtéann sé thimpeall agus cuireann sé na clocha ar ais sa gcárnán aríst.

Bíonn la saoire ón scoil ag gasúir an cheantair Lá'l Cáillín. Bhíodh pátrún ar an dumhach in aice láithreach san aimsir a caitheadh agus bhíodh ceol agus damhsa sna títhe an oíche sin. Athraíodh an ceiliúradh isteach go sráidbhaile Bhaile Conaola níos deireannaigh.

Tugann an lear daoine as Baile Conaola a bhfuil Caillín mar ainm baiste orthu léargas i gcónaí ar an ómós atá do Naomh Cáillín sa taobh sin tíre. Ach cé go bhfuil an t-ómós sin ann is ag ísliú atá an líon daoine atá ag dul ar an turas go Tobar Cáillín ar an 13ú Samhain.

************************************

Mar chlabsúr ar an gcuntas gairid seo, is maith liom go bhfuair mé focla amhráin a cumadh faoi Lá'l Cáillín ionann agus 100 bliain ó shin. Dúradh gur duine as Cloch na Rón a chum an t-amhrán sa mbliain 1924. I mbéarla a cumadh an t-amhrán ach is cuntas tíriúil agus nádúrtha é ar ócáid thábhachtach shóisialta agus spioradálta tuaithe 100 bliain ó shin.

Mo chuimhne, sibhse a bheidh ag casadh an amhráin seo faoin Nollaig, téann sé le fonn an amhráin béarla "Can anybody tell me where the Blarney Roses grow?"

Tugann an fonn sin le fios gur cumadh bhéarsaí phátrún Chaillín i bhfad siar. Ag Pól Ó Gionnáin as Rinn Mhaoile a bhí na focla agus fuair sé iad ó bhean d'arb ainm Nóra Burke.

**Na bhéarsaí a cumadh faoi Lá'l Cáillín.**

(1)

It was on a fine November's night; I mean you all to know.
The lads and lassies they did prepare for Saint Cailin's well to go.
Myself and little Annie and a couple of hundred more.
We made straight for Saint Cailin's well in the parish of Errismore.

(2)

When we arrived in Ballyconneely, there were refreshments all
around.
The lads went for the public house and the girls went towards Bunowen.
For bottles of stout they did shout, somethingaround three score.
They then went straight for Little's house in the
parish of Errismore.

(3)

When we arrived at Little's house. There was tea for every man.
Plenty of brown bread and butter and likewise lots of ham.
The house was fully crowded as they danced from door to door.
There was always song and music in the parish of Errismore.

(4)

When the dance it was all over, at the dawning of the day.
Every man and woman to the well did make their way.
They knelt on those holy stones, some both lame and sore,
Saying "May Saint Cailin be our safeguard in the parish of Errismore".

(5)

Long life to Martin O Malley, we met him on the way.
He brought us to his own house and entertained us there all day.
He gave us so much whiskey, it made us sleep and snore,
And we awoke in Roundstone town, far away from Errismore.


(6)

Goodbye to King's and Darcy's, to Connolly's and Duane's.
Three cheers for Festeen Tameen the King of Errismore.
May God bless those who dwell back there in dear old Keeraunmore,
And bring you all back safe again to your home in Errismore.





**Séipéal agus Tobar Cháillín**


MOLSCÉAL
Siamsaíocht
Eddie Hutch -
Déantóir Naomhóige
Bhí Eddie Hutch agus a mheitheal ag cur craiceann nua ar naomhóg traidisiúnta i bhfondúireacht an Bhlasacoid i nDún Chaoin. Is máistir é Eddie ag tógáil naomhóg traidisiúnta. Mairfidh an naomhóg 100 bliain eile taréis an obair a bheith déanta.
Go mba fada buan iad.
Scéal ó Molscéal
Aip ar fáil anseo
Download on the
App Store
GET IT ON
Google Play
TG4

# Seán Ó Cathasaigh

***Graibhéal Clocha***
***agus Clocha Tógála***

An Gleann Mór
Cill Chiaráin, Conamara
Co. na Gaillimhe

**Fón: 095 33579**
**Mobile: 087 2714648**



## Séamus Breathnach

**Comhairleoir Contae**
An Gleann, Uachtar Ard

*Nollaig faoi shéan agus faoi mhaise dibh in Iorras Aithneach agus ar fud Chonamara uilig.*

**087-0519884**
**cllrseamuswalsh@gmail.com**



# Ar an mbeet / ar an gcampaign ...

*le Marion Ní Shúilleabháin*

**AN "BEET" AGUS MUINTIR CHONAMARA**
Théadh na céadta fear agus roinnt ban freisin as Conamara agus as Gaeltachtaí na hÉireann ag obair ar shéasúr an bhiatais – an 'beet' – idir 1940 agus na 1980idí. B'shin é tionscail an bhiatais agus an tsiúcra sa mBreatain.
Le linn di a bheith ag freastal ar chúrsa staire in Ionad na nImirceach agus Diaspóra na Gaeltachta i gCarna anuraidh agus níos túisce i mbliana (2022), rinne Marion Ní Shúilleabháin as Bóthar na Scrathóg ar an gCeathrú Rua staidéar ar stair an "bheet" mar a bhain sé le Conamara. Iriseoir í Marion le Raidió na Gaeltachta.
Tá leagan giorrtaithe anseo de thuairisc a scríobh Marion faoin "mbeet" agus tá muid faoi chomaoin aici as cead a thabhairt dúinn an t-ábhar seo dá cuid a fhoilsiú.

"Is é an *beet* a thóg Conamara. Níl aon dabht faoi. Níl a fhios cén t-airgead a cuireadh anall, na mílte agus mílte chuile bhliain. Thóg daoine tithe nua air. Chuir siad oideachas ar an gclann".

Sin mar a rinne Cóil Uilic Ó Coisdealbha (nach maireann) as Coill Rua, Indreabhán ó dhúchas, ach a bhí ina chónaí i mBleá Cliath, cur síos (in agallamh ar RnaG in 2014) ar an mbeet, an obair shéasúrach a bhí mar chuid mhór de shaol Chonamara agus do dhreamanna go leor eile ar an gcósta thiar san aimsir a caitheadh nuair a ghabhfaidís anonn ag plé leis an mbiatas siúcra i Sasana. Mhairfeadh an obair ó thart ar mhí Mheáin an Fhómhair go dtí deireadh mhí Eanáir. Thagadh cuid acu abhaile ina dhiaidh sin, ach d'fhanfadh cuid eile thall, b'fhéidir ag obair ag feilméaraí ag piocadh fataí agus ghabhfadh cuid eile ag plé leis an obair thógála. Ach is cinnte go raibh an *beet* nó an *campaign* mar a thugtaí air freisin molta go haer.

"Cheapfainn gurb é an jab is fearr é a chonaic mé riamh. B'fhearr é ná móin ná rud ar bith a chonaic mise. Ag an am is measa a raibh sé, níl mórán fear ar bith nó leaid óg ar bith nach dtabharfadh sé ar na trí mhí nó dhó mhí go leith, nach dtabharfadh sé £150 as agus ní bheadh mórán eile le déanamh aige anseo [in Éirinn] an t-am sin de bhliain [an geimhreadh]. Bhíodh tú istigh ón drochlá agus ní dhéanfadh sé ar na *buildeáileacha* é, cuma cén phá a bheadh sé a fháil, bheadh sé lá istigh agus lá amuigh, ach bhíodh chuile lá agat sa *mbeet factory*, mar bhí tú istigh i gcónaí". (Agallamh le Joe Mháire Mhicilín Ó Donnchú (nach maireann) as an mBántrach Ard, Cill Chiaráin a athchraoladh ar RnaG i 1991 & in 2002)



**Marion Ní Shúilleabháin**
– scríbhneoir an ailt seo.

Cuireadh tús leis an obair shéasúrach seo i rith aimsir an chogaidh nuair a bhí oibrithe gann i Sasana.

"Ba é aimsir an chogaidh é agus shocraigh De Valera le Churchill – Príomh Aire na Breataine san am sin - go dtabharfadh sé daoine dhó le dhul ag obair i 1941, theastaigh na fir ó Shasana. Chuaigh Dev anonn agus rinne sé conradh le Churchill agus is é an socrú a rinne sé, nach bhféadfaí bacadh le haon duine de na hÉireannaigh go ceann dhá bhliain théis dhóibh a dhul anonn – nach bhféadfaí iad a thógáil san arm ná in áit ar bith go gcaithfidís a bheith dhá bhliain ann sula gcuirfí ceist orthu a dhul san arm ná in áit ar bith eile". (Agallamh ar RnaG le Cóil Uilic Ó Coistealbha in 2005)

"Théadh cuid acu abhaile théis bliain agus deich mí agus thagadh siad ar ais agus thosóidís as an nua arís agus bhíodh dhá bhliain eile acu". (Agallamh ar RnaG le Cóil Uilic Ó Coistealbha in 2014)

Ansin a thosaigh na daoine ag dul anonn, ó 1941. Thosaigh siad ag dul ar an mbeet, ag dul ag obair i monarchana, ag feilméaraí agus ar an tógáil. Bhí go leor oibre an t-am sin ag déanamh *airports* mar theastaigh siad le *bombers* agus rudaí den tsórt sin. Bhí na *Yanks* ann. (Agallamh ar RnaG le Cóil Uilic Ó Coistealbha in 2005)

Chuirtí gníomhairí anall chuig bailte ar an gcósta thiar le daoine a fháil a bheadh sásta a dhul ag obair i Sasana agus nuair a bhíodh cúpla séasúr déanta ag cuid acu, is é an chaoi a gcuirtí scéala anall chucu go raibh siad ag teastáil arís.

**Déantar cur síos ag an bpointe seo san alt ar rialacha sláinte agus glaineachta a bhí amach roimh dhream an "bheet" i mBaile Átha Cliath sula ngabhfaidís ar an mbád bán. Is deacair a shamhlú ar na saolta seo go raibh na cineálacha seo bealaí ann. Ar ais chuig an tuairisc…**

Sula dtabharfaí cead do mhuintir na hÉireann a dhul anonn go Sasana, bhíodh oíche le caitheamh in ionad próiseála acu i mBleá Cliath agus scrúdú náireach, nach raibh ceart ná cóir, le déanamh orthu.

Bhíodh chuile dhuine acu ag fanacht sa *Globe* (óstán san áit ina bhfuil an *Dublin Central Inn*, 95-98 Sráid Thalbóid sa lá atá inniu) agus nífí chuile dhuine – fear nó bean – chaithfeadh chuile dhuine *bath* a fháil. Thabharfaí suas ag na *Ivy Baths* thú agus nífí thuas ansin thú. Dhéantaí é seo ar fhaitíos go mbeadh míola agus rudaí eile mar sin ar dhuine. Ní hé amháin sin, ach *fumigate-áilfí* do mhála freisin. Rinne siad cinnte go raibh tú glan ag dul anonn ann. *Degrading* ceart a bhí ann freisin. (Agallamh ar RnaG le Cóil Uilic Ó Coistealbha in 2005)

Bheadh dochtúir ansin nó b'fhéidir beirt le scrúdú a dhéanamh ort agus mura mbeadh duine sách maith, b'fhéidir go gcuirfí síos chuig an *mbath* é. Bhíodh suas le 13 duine istigh in éineacht ag an dochtúir agus iad ina gcraiceann dearg. Dhéanfadh an dochtúir scrúdú ar a gcuid gruaige agus suas agus síos chuile áit agus ansin ghabhfadh an chéad ghrúpa eile isteach. Ní raibh aon náire orthu [faoi a bheith nocht]. Níor chuala mé gur cuireadh aon duine abhaile ón scrúdú sin. (Agallamh ar RnaG le Tomás a' Mháille (nach maireann) as Doirefhearta Beag, An Cheathrú Rua in 2005)

Bhíodh triúr agus ceathrar i chuile sheomra sa *Globe Hotel.* Ní mórán daoine a bhíodh ag fanacht sna háiteacha seo [*Globe Hotel* / *Ivy Hotel*] mar nach raibh siad an-deas. Sa seomra sa *Globe* [*Hotel*] ina mbítí ag ithe, bhí leithreas gar dhó agus bhíodh fual le feiceáil ag dul amach faoin doras. (Agallamh ar RnaG le Cóil Uilic Ó Coistealbha in 2005)

Déanadh scrúdú ar thart ar 55,000 duine sna hionaid phróiseála i mBleá Cliath idir na blianta 1943 agus 1947. Chuaigh an Príomhchomhairleoir Leighis, James Deeny (a bhí in oifig idir na blianta 1944-1962) agus J.J. McElligott, Rúnaí na Roinne Airgeadais chuig Óstán an Ghlobe agus scríobh Deeny an cuntas seo ar a bhfaca siad…

"We went first go the Globe Hotel in Talbot Street [Dublin] where there was quite a crowd of people milling around trying to make their way into the hotel. We pushed our way and saw that in various rooms doctors in white coats were examining the people for lice. This was the health embarkation scheme in action. From the Globe Hotel we went to Iveagh Baths. There I saw something I will not

forget. The baths had been emptied. On a floor of a pool were large sherry half-casks. Men with rubber aprons and wellington boots were hosing people down and bathing them with disinfectant in the casks. All around were naked men, seemingly in hundreds. The place was full of steam and the smell of disinfectants.

Now naked men *en masse* are not a pretty sight and the atmosphere of shame, fear and outrage was easy to feel…J.D [McCormack, senior medical official in the Department of Local Government and Public Health] prided himself on the thoroughness of the operation and took MacElligott along to the place where a fellow with an electric iron was killing the lice in cap-bands and braces since steam disinfection, which the clothes were receiving, would perish leather and rubber. MacElligott, a man with proper sensibilities, promptly came over faint and had to be taken outside and revived in the fresh air. Then we adjoined to the Dolphin for a good dinner. (Leathanach 143 i leabhar Enda Delaney *Demography, State and Society: Irish Migration to Britain, 1921-1971* a d'fhoilsigh Liverpool University Press in 2000)

Bhí sé sách dona go gcuirtí iallach ar an dream a bhí ag dul ar an *mbeet* scrúdú a dhéanamh orthu gan folach éadaigh orthu, ach ní raibh na dochtúirí a bhí ann in ann labhairt leo ina dteanga fhéin ach an oiread, rud a chuir tuilleadh leis an náire shaolta a bhain leis an gcás seo.

Ní raibh aon Ghaeilge ag an dochtúir a bhíodh ag caint leo [na fir]. Bhíodh solas mór láidir aige agus thosaíodh sé thuas ina ngruaig agus théadh sé síos chun tosaigh agus chun deireadh go dtí ordóga do chosa agus mar sin. (Agallamh ar RnaG le Cóil Uilic Ó Coistealbha in 2005)

**Níl muid in ann a rá cén bhliain ar cuireadh deireadh leis an gcineál sin níocháin ach dá fhad siar é, is amhlaidh is fearr é.**

**Fillfidh muid anois aríst ar an bpíosa seo atá scríofa ag Marion Ní Shúilleabháin…**

Ní hiad na fir amháin a bhíodh ag tapú a ndeis le cúpla punt a shaothrú, bhí na mná iad fhéin ag dul anonn ar an mbád bán freisin.

D'fhanfadh go leor de na mná in áit trasna an bhóthair ó *Westland Row*. Ní dheachaigh mórán mná as Éirinn anonn ag obair ar an *mbeet*, ach bhíodh mná as Sasana ag obair ar an *mbeet*, sa *lab* agus sa *gcanteen* agus bhí go leor mná ag obair sa *bhfactory*, scaipthe anonn agus anall. (Agallamh ar RnaG le Cóil Uilic Ó Coistealbha in 2005)

Enter the state, 1940–1946 129

**Table 3.3 Numbers going to employment in Britain, 1940–46**

| Year | Number of new Irish travel permit cards issued[a] | | | British Ministry of Labour group recruitment schemes | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Male | Female | Total | Male | Female | Total |
| 1940 | 17,080 | 8,884 | 25,964 | – | – | – |
| 1941 | 31,860 | 3,272 | 35,132 | 4,688[b] | – | 4,688 |
| 1942 | 37,263 | 14,448 | 51,711 | 27,792 | 3,867 | 31,659 |
| 1943 | 29,321 | 19,003 | 48,324 | 29,551 | 7,653 | 37,204 |
| 1944 | 7,723 | 5,890 | 13,613 | 11,330 | 2,670 | 14,000 |
| 1945 | 13,185 | 10,609 | 23,794 | 11,736 | 1,434 | 13,170 |
| 1946 | 10,547 | 18,956 | 29,503 | 18,510 | 12,883 | 31,393 |
| Total | 146,979 | 81,062 | 228,041 | 103,607 | 28,507 | 132,114 |

**Tógadh an pictiúr thuas as leabhar Enda Delaney *Demography, State and Society: Irish Migration to Britain, 1921-1971* a d'fhoilsigh Liverpool University Press in 2000.**

Tugann an pictiúr seo léargas faoi líon na ndaoine a d'imigh as an tír le dhul ag obair sa mBreatain idir na blianta 1940-46, na blianta céanna ar thosaigh daoine ag dul ar an *mbeet*. Dúirt Pádraig a' Mháille as Doirefhearta Beag ar an gCeathrú Rua gur 1,700 duine a chuaigh anonn ar an *mbeet* an chéad bhliain a raibh sé ann, ach níl aon chruthúnas faighte air sin.

1,700 duine a chuaigh ar an mbeet sa gcéad bhliain as Éirinn. Céasadh an saol gan aon Bhéarla ann. Ach bhí muintir Charna agus Leitir Mealláin maith go leor le Béarla. Ach bhí sé ina aimsir ag an gcuid eile againn. (Agallamh ar RnaG le Pádraig a' Mháille (nach maireann) as Doirefhearta Beag, An Cheathrú Rua i 1985).

Cuireadh chuile chóir ar an dream a bhí ag taisteal anonn ar an *mbeet* agus ní fágadh ar an ngannchuid iad ar bhealach ar bith. Ní raibh aon chall dóibh lóistín a chuartú ach an oiread, cuireadh é sin ar fáil agus breathnaíonn sé go mbíodh siad ar an gcompord ann.

Sé'n sórt lóistín a bhí againn, *hostel* mar a déarfá agus bhí go leor ag fanacht ann. Agus b'fhéidir go mbeadh ceathrar i seomra amháin, nó cúigear nó

seisear, de réir mar a bhí na seomraí. Bhí sé go deas. Bhí áit dheas ann, bhí teas ann agus bhí leapracha glana ann agus d'athrófaí éadach orthu chuile sheachtain agus bhí fear ann le haghaidh iad a ghlanadh chuile mhaidin agus *tidy-áil* suas mar a déarfá. Bhí an *hostel* b'fhéidir 10 míle ón *bhfactory* agus bhí *coach* ansin chuile mhaidin le muid a thabhairt ann agus le muid a thabhairt as nuair a bhíodh an *shift* críochnaithe. (Agallamh ar RnaG le Michael Sheáin Seoige as Seanacomheas, Leitir Móir in 2008)

Bhíodh siad [na fir oibre] ag fanacht i gcampaí gar den mhonarcha, tuairim is 150 slat uaidh. Bhíodh trí *shift* ann, ón 6.00 r.n – 2.00 i.n. / 2.00 i.n – 10.00 i.n. / 10.00 i.n – 6.00 r.n. Dá mbeadh tú ar *shift* na maidine, bheadh seans agat *overtime* a fháil ar cheann de na *shifteanna* eile, dhá mbeadh daoine gann, de réir mar a bhíodh daoine ag teastáil. (Agallamh ar RnaG le Tomás a' Mháille as Doirefhearta Beag, An Cheathrú Rua in 2005)

D'oibrigh siad go crua, ní raibh aon leisce orthu agus má bhí airgead le saothrú, sin é a rinne siad.

Agus seacht lá na seachtaine [a bhíodh siad ag obair]. Bhí tú ag obair Lá Nollag agus Lá'l Stiofáin. (Agallamh ar RnaG le Cóil Uilic Ó Coistealbha in 2014)

Sé 'chaoi a raibh sé ar an *mbeet*, ní raibh ann ach ón leaba go dtí an obair. Agus sé'n chaoi ar sábháladh an t-airgead, chuile phingin dhá bhfuair tú. Nuair a chuaigh tú anonn ar an *mbeet* ansin, d'fhéadfá a dhul agus *form* a líonadh agus a rá go raibh tú ag dul abhaile chomh luath agus a bheadh an *beet* thart agus ní bheadh *tax* ar bith le n-íoc ansin agat. D'fhéadfá a dhul ansin agus neart eile a shaothrú. Bhíodh chuile fhear ag teacht abhaile agus £100 nó dhó [£200] ina phóca aige. Bhí sé go maith. Bhí sé thar cionn sna 1950í. B'uafásach an t-airgead an t-am sin £100. (Agallamh ar RnaG le Cóil Uilic Ó Coistealbha in 2005)




**Leoraithe lán le biatas taobh amuigh den mhonarcha siúcra in *York*, 1984.**
Faighte ar shuíomh www.yorkpress.co.uk 11 Aibreán, 2016.

Bhíodh *overtime* ann, bhíodh neart dhó ann agus bhíodh an *cheque* chomh maith céanna arís. Ní mórán leaid óg nach gceannódh culaith éadaigh nó ball oirnis nó rud éigin mar sin. Déardaoin a bhíodh an phá le fáil. Ní bhíodh siad ag ól mórán. Nuair a bheadh do dhinnéar ite agat théis an *shift* a chríochnódh ag a 2.00 i.n. [agus tú ag obair ón 6.00 r.n.], ghabhfá síos ag an mbanc nó ag teach an phosta agus chuirfeá an t-airgead isteach ann nó chuirfeá abhaile é, go mór mór na fir phósta, chuirfidís airgead abhaile chuile Dhéardaoin agus b'fhéidir go mbeadh deoch acu an lá sin, ach ní bheadh an t-uafás acu. (Agallamh ar RnaG le Cóil Uilic Ó Coistealbha in 2014).

**Cumadh amhráin agus saothraíodh airgead ar an "mbeet" ach tháinig an t-am nuair nár theastaigh an oiread oibrithe agus a bhíodh ann an chéad aimsir. Thart ar 1980 a chríochnaigh triail mhuintir Chonamara ar an 'mbeet'. Deireadh ré a bhí ann.**

**Ar ais chuig alt Mharion Ní Shúilleabháin…**

Tugtar léargas i dhá amhrán a chum daoine a bhí ar an *mbeet* faoin leagan amach a bhí ar chúrsaí ann agus faoin téarmaíocht a bhíodh acu sna monarchana siúrca. Is iad Michael Pheaidí Mac Diarmada as an Lochán Beag in Indreabhán, Seáinín Hynes (Seáinín Phádraic Pháid) as Leitir Calaidh agus Seán Ó Clochartaigh as Leitir Calaidh freisin a chum an chéad amhrán seo faoi a bheith ar an *mbeet* agus is mar seo a chuaigh siad faoi.

Bhí siad ag obair ar sheal na hoíche (10.00 i.n. – 6 r.n.) ar an m*beet*. Ba é sin an chéad bhliain ar coinníodh cáin ó na fir óga agus ní bhíodh cáin ar bith le n-íoc ag na fir phósta. Dúirt leaid óg amháin nach air a bhí an tubaiste nár chuir sé síos ar an bhfoirm go raibh sé pósta agus ba as sin a chuaigh siad ag cumadh an amhráin. (Agallamh ar RnaG le Michael Pheaidí Mac Diarmada (nach maireann) as an Lochán Beag, Indreabhán i 1974)




**An mhonarcha siúcra in *Ely*, 1947.**
Faighte ar shuíomh idirlín www.britainfromabove.org.uk/image/eaw003836

'Gus éistigí, a bhuachaillí, is tugaidh roinnt spás dhom,

Go n-inseod faoin gcás atá agamsa dhaoibh,

Tá Micilín 's Antaine ag líonadh na bpáipéir

Mar gheall ar an ardú atá againn le n-íoc,

Tá suas le trí phunta dhá gcoinneáil as ár bpáighe

Mar gheall ar an mbanríon 'tá againn sa tír,

Mar gheall ar a cuid stocaí agus bróga sála arda

Ó, péint agus fáinní agus lásaí léi síos.

('Amhrán an Bheet')

Bhí an file Tom a' tSeoighe as an Sconsa, Leitir Móir ina measc siúd a chuaigh ar an mbeet agus níor thóg sé i bhfad air siúd a dhul ag cumadh. Is iad seo focail an chéad dá véarsa den amhrán.

Nach aisteach na smaointe a tháinig i m'intinn,

Nuair a tháinig mé isteach ar an jab seo ar a raibh an chaint,

Seanáitín salach is go ndéanfadh sé tinn thú,

Ag deatach 'mo chaochadh is an t-aol do mo dhó.

Is an chéad jab a fuair mé ba é obair na hoíche,

Is gurb in rud a shíl mé nach ndéanfainn go deo,

Is gurb éard atá do mo mharú ní léir dhom na gaoithe,

Is go bhfóire orm Críost, cén chaoi a mairfidh mé beo?

18 monarcha siúcra a bhí ann nuair a bhíodh muintir Chonamara agus dreamanna eile ar an gcósta thiar thall ar an *mbeet*. Dhún an mhonaracha in *Cupar, Fife* in Albain i 1971. Dúnadh na monarchana in *Ely, Felsted, Nottingham* agus *Selby* i 1981. Dúnadh *Spalding* i 1989, *Peterborough* agus *Brigg* i 1991, *King's Lynn* i 1994, *Bardney* agus *Ipswich* in 2001, *Kidderminister* in 2002 agus *Allscott* agus *York* in 2007. Níl ach ceithre cinn de na monarchana fós ag próiseáil biatais sa lá atá inniu ann, sin iad *Bury St Edmunds (Suffolk), Cantley (Norfolk), Newark-on-Trent (Nottinghamhshire)* agus *Wissington* (iarthar *Norfolk* agus an ceann is mó san Eoraip). Sa mbliain 1995, úsáideadh an mhonarcha siúcra tréigthe in *Peterborough* i scannán *James Bond – Goldeneye* agus *Pierce Brosnan* i bpáirt JB. (Eolas faighte ó shuíomh idirlín British Sugar)

Níl amhras ar bith nach ndeachaigh an obair sna monarchana siúcra go maith don dream a chuaigh ann agus tá léargas le fáil air sin sna cásanna ina ndeachaigh go leor de na daoine céanna ar an *mbeet* bliain i ndiaidh bliana. Bhí na coinníollacha go maith, bhí an phá go maith agus b'fhiú an tairbhe an trioblóid. Bhí sé deacair ar an dream a bhíodh sa mbaile ina ndiaidh, go háirithe i gcás na bhfear a bhí pósta agus a raibh a mná chéile ag tógáil clainne b'fhéidir, iadsan astu fhéin i rith an gheimhridh nuair a bhíodh fear an tí thar sáile. Ach seans go raibh siad sásta géilleadh dhó sin i ngeall ar an mbuachtáil a bheadh ag an teaghlach air an chuid eile den bhliain. Bealach a bhí ann le déanamh cinnte nach mbeadh aon imní faoi chúrsaí airgid nuair nach raibh cúrsaí oibre chomh maith céanna sa mbaile sna blianta sin.

# Teach na Cúirte - Carna



Anseo a chuirtí an dlí i bhfeidhm i bpobal Charna agus Chill Chiaráin sa tsean aimsir.
Ar ndóigh ba é an Breitheamh Seán Mac Giollarnáth, no Seán Forde, a bhíodh i mbun na Cúirte ar feadh i bhfad.
Ceaptar go bhfuair sé cuid den ábhar scríbhneoireachta a rinne sé ansin. Sé a scríobh an leabhar “Anála Beaga as Iorras Aithneach”.

# Laochra Seanchais Iorras Aithneach

*le Dónal Ó Braonáin – Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Carna.*

Ní gan údar atá cáil ar Iorras Aithneach as feabhas na n-amhrán agus an tseanchais ann. Le blianta beaga anuas tá curtha le líon na bhfoilseachán a bhaineann leis an dúchas sa gceantar.

Is é *Colm Ó Caodháin: an Irish singer and his world* an saothar taighde is deireanaí ó pheann Ríonach uí Ógáin. Cuireann an foilseachán seo ó Chló Ollscoile Chorcaí taifeadtaí d'fhonnadóir mór Ghlinsce ar fáil agus scagadh sárthuisceanach ar thábhacht na n-amhrán agus an chaoi ar oibrigh an bailitheoir Séamus Ennis agus Colm le chéile sna 1940idí agus 50idí.

Chuir an máistir scoile Domhnall Ó Fotharta cnuasach ábhair le chéile a bailíodh i gceantar an Chalaidh, idir Baile Conaola agus Cloch na Rón, 130 bliain ó shin. Chóirigh Peadar Ó Ceannabháin as Aill na Brún atheagrán de *Siamsa an Gheimhridh* agus Cló Iar-Chonnacht a chuir an saibhreas seo ar fáil faoi chulaith nua Ghaeilge in 2021.

Ar ndóigh is iomaí sin bailitheoir a thug cuairt ar Iorras Aithneach agus a bhreac scéalta, seanchas agus amhráin ó laochra seanchais na háite. Tá an-chur síos go deo déanta ag Máire Uí Chuinneáin ar Phat Bhilly nó Pádraic Liam Mac Donnchadha agus an t-ábhar a bhailigh Domhnall Ó Cearbhaill uaidh sna 1930idí in *Aesóp i gConamara* (Arlen House, 2011). Tugann na foilseacháin seo léargas ar fhréamhacha agus doimhne an traidisiúin in Iorras Aithneach agus i gConamara trí chéile dúinn féin agus do léitheoirí idirnáisiúnta i gcás leabhar Choilm.

Duine de na bailitheoirí is mó a shaothraigh an dúchas in Iorras Aithneach agus a chuir os coinne an tsaoil mhóir é ná Seán Mac Giollarnáth (1880-1970) nó an Breitheamh Seán Forde. B'as an nGoirtín in aice le Baile Mhic an Bhaird ar an Achréidh do Sheán Mac Giollarnáth. Bhí aithne mhór aige ar Phádraic Ó Conaire agus Micheál Breathnach as Cois Fharraige nuair a bhíodar triúr ag obair thall i Londain. Chaith sé seal fada leis an iriseoireacht, mar leas-eagarthóir agus eagarthóir ar nuachtán cáiliúil Chonradh na Gaeilge, *An Claíomh Solais*, sula ndeachaigh sé le dlí.



**An Breitheamh Seán Mac Giollarnáth- Seán Forde – a rinne a dhualgaisí dlí i dTeach na Cúirte i gCarna agus a scríobh an leabhar "Annála Beaga as Iorras Aithneach".**

Tigh Mhongáin a d'fhanadh Seán Mac Giollarnáth nuair a bhíodh éisteachtaí cúirte i gCarna aige agus bhí cairdeas an-mhór idir é féin agus fear an tí, Seosamh Ó Mongáin nó Josie Mongan, Teachta Dála. Go deimhin féin, is abairt ó Sheosamh Ó Mongáin a sheolann an mórchnuasach seanchais *Annála Beaga ó Iorrus Aithneach* a cuireadh amach sa mbliain 1941: "Is mór an lán atá sa leabhar beag féin."

Ní bréag 'lán' a thabhairt ar a bhfuil sna hAnnála Beaga. Cuimsítear rabharta ábhair sa téacs agus tugadh ceart agus aitheantas don lucht inseachta ón tús: Micil Pháidín Shéamais Mac Donnchadha as Roisín na Mainíoch; Pat Bhilly 'ac Dhonnchadha, Tom agus Pádraicín Mhacaí 'ac Con Iomaire as an gCoillín; Joe Phádraic Sheáin Fhéilim as an Aird Thiar; Beairtle Guairim as Leitreach Ard; Seámas Ó Conghaile agus Pádraic Éamoinn Mac Donnchadha as an Aird; Beairtle Mac Donnchadha as an Aird Thiar; Seán Éadhbhaird Ó Briain as Loch Con Aortha; Máire Ní Dhomhnaill as Caladh an Chnoic; agus Seán Vail Mac Con Rí as Leitir Daimh.

Tá míreanna seanchais ann freisin ó Isaac Ó Conaire a mba lena uncail, PJ Conroy, teach ósta i gCill Chiaráin, Tigh Chadhain anois; Mártan Ó Malóid a bhí pósta le deirfiúr Josie Mongan, Mary Kate; agus Pádraic Ó Clochartaigh, as Baile na Cille i Leitir Mealláin.

Tá trácht agus cur síos in imeacht 14 chaibidil ar na hoileáin, an drochshaol, corraíl pholaitiúil na linne, pearsana mór le rá, smuigléireacht, sagairt, báid agus bádóirí sna hAnnála. Is iontu a dhéantar buanú ar imeachtaí móra an phobail agus is é leagan na muintire ar a stair féin é. Tá an téacs Gaeilge as cló le fada ach de bharr spéis agus saothar díograise Liam Mhic Con Iomaire agus Tim Robinson, trócaire orthu beirt, beidh teacht ar leagan Béarla de na hAnnála Beaga gan mhoill.

Tá *Conamara Chronicles: Tales from Iorras Aithneach* le foilsiú an geimhreadh seo ag Cló Ollscoile Indiana agus is gearr go mbeidh lucht léitheoireachta nua as an bpíosa ag seanchaithe agus seanchas Iorras Aithneach. Tráthúil go leor, tá buanú digiteach déanta ar obair mhór bhailithe Sheáin Mhic Giollarnáth i Roisín na Mainíoch freisin. Rinne Pádraig Ó Confhaola, Rósmáire Ní Cholla, Piaras Ó Droighneáin agus Seathrún Ó Tuairisg obair chéadach ar ghnéithe éagsúla den mhórbhailiúchán leabhar nótaí agus lámhscríbhinní a bhronn muintir Mhic Giollarnáth go fial flaithiúil ar Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Is féidir teacht ar an ábhar seo ar an suíomh idirlín: www.cartlann.ie

Maidir le lucht inseachta na nAnnála Beaga, cé nach maireann na lámha a chuir, mairfidh a gcraobh ar an bhfál san fhoilseachán nua:
https://iupress.org/9780253063526/conamara-chronicles/

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

Gaeltacht na hÉireann

S20 AN PRÓISEAS PLEANÁLA TEANGA Ár dTeanga, Ár bPobal

FCL teo Forbairt Chonamara Láir

Údarás na Gaeltachta

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

## "Ár dteanga – labhair í 's bí bródúil"

## PLEANÁIL TEANGA:

Is é an sprioc atá leis an bpróiseas pleanála teanga ná an Ghaeilge a láidriú mar theanga teaghlaigh agus mar theanga pobail. Táthar á dhéanamh seo trí phróiseas céimnithe a chur i bhfeidhm ar an talamh sna ceantair Ghaeltachta agus i gceantair áirithe eile ar fud na hÉireann, le tacaíocht agus rannpháirtíocht an phobail.

Clúdaíonn an Limistéar Pleanála Teanga i gConamara Láir, 35km ó Casla, siar tré Camus, Rosmuc, Cill Chiaráin, Carna, ó thuaidh go dtí An Caiseal, Sraith Salach agus siar go hInis Ní, Iorras Beag, thiar in abhantrach Cloch na Rón. Táimid ar fáil chun tacaíocht agus cabhair a thabhairt do phobal Chonamara Láir, idir theaghlaigh an cheantair atá ag iarraidh a gclann a thógáil le Gaeilge, scoileanna, gnóanna, eagraíochtaí, clubanna agus coistí, chun an Ghaeilge a chur chun cinn chomh maith le ár gcultúr agus ár traidisiún a chaomhnú.

- Ranganna Gaeilge/Ciorcal Comhrá
- Ranganna Caitheamh Aimsire trí Ghaeilge
- Clinicí Eolais
- Imeachtaí Sóisialta
- Scéim Gaelchara
- Deiseanna Oiliúna
- Scoláireachtaí
- Campaí Samhraidh/ Clubanna Óige
- Deis Poiblíochta- Nuachtlitir & Suíomhanna Meáin Shóisialta
- Tacaíocht d'Fhoilseacháin
- Cistí Pobail
- Comhoibriú le hEagraíochtaí & Seirbhísí Gaeltachta

**Foireann Pleanála Teanga Chonamara Láir**
**Teach an Údaráis, Carna, Co. na Gaillimhe, H91X07X.**


Anne Uí Dhonnacha
Oifigeach Pleanála Teanga
087-1875384
opt@conamaralair.ie

Úna Bhreathnach
Oifigeach Cúnta Pleanála Teanga
087-1678607
ocpt@conamaralair.ie


Conamara Láir · conamara_ láir_ · @ConamaraLáir

www.conamaralair.ie

# An Marún go Brách




Ag ardú na brataigh – Jackie Dowd.




Jeaic, Cóilín agus Dara Ó Cualáin ag 'speaint a dtacaíocht do Ghaillimh roimh Chluiche Ceannais na hÉireann




Martina Ní Chathasaigh as Duibhithir (ar chlé) ar an gclár "Up for the Match".
Ionadaí Chiarraí ar dheis – agus lámh acu beirt ar Chorn Sam Maguire.





Kevin Coyne as an Mám agus a ghar mhac Oisín Coyne-Le Page ag casadh ceoil in Ionad na nImirceach i gCarna cupla lá roimh an gCluiche Ceannais. Mar a tharla sé, bhí Oisín ag imirt do fhoireann faoi-16 na Gaillimhe an lá d'ár gcionn.

Bhí muid uilig bródúil as an iarracht mhór a rinne peileadóirí sinsir na Gaillimhe in aghaidh Chiarraí i gcluiche ceannais na hÉireann ar an 24/7/2022. Is beag a bhí ann sa deireadh. Thug cupla poinnte a fuair Ciarraí gar don deireadh iadsan slán.

An scór – Ciarraí 0-20; Gaillimh 0-16

# Comhgháirdeachas



Martina Ní Chualáin, lena tuismitheoirí Pádraic agus Mary, a deirfiúr agus deartháir Pauline agus Michéal a bronnadh Céim Ónorach sa ghnó uirthi in Ollscoil Luimnigh.




Bríd Ní Mhaoilchiaráin, a fearceile Tommy Stephen (Breathnach) – ag tabhairt póg d'i! – agus a gclann théis do Bhríd Craobh an tSean Nóis agus Corn Uí Riada a bhuachtáil ag an Oireachtas i gCill Áirne i mbliana. Sin é an triú Craobh Oireachtais ag Bríd anois.

# An Ghaeltacht i bhFad agus i nGearr




*Ó chlé:* Máirtín Ó Catháin (Cathaoirleach-Coiste Ionad Cuimhneacháin na nImirceach), Ciarán Ó Máille (scéim ghaoithe na Sceirdí), Seosamh Ó Cuaig (Coiste Ionad na nImirceach), Micheál Ó Éánaigh (Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta), Tim Coffey (bainisteoir Scéim na Sceirdí), Micheál Ó Clochartaigh (Oifigeach Eolais Pobail – Scéim na Sceirdí)



*Ó chlé:* Eileen Davis (Oifigeach Diaspóra – Ionad na nImirceach), Martina Uí Chuaig (Oifigeach Forbartha Turasóireachta an Ionaid) agus an Comhairleoir Contae Eileen Mannion.

# Cuairt ar an Ionad



Marcus Mháirtín Phadraicín agus a bhean Sally (Ní Neachtain) arb as Caladh Fhínse a muintir. Cónaíonn said i Sasana cuid mhór den bhliain ach tádar fite fuaite sa dúchas i gcónaí.



Mary Pat Kelly, scribhneoir agus duine de fhoireann 'Good morning America' san aimsir a caitheadh. De mhuintir Chaolla as an pobal seo a sinsear.




Marty Walsh, Rúnaí Saothair i Rialtas Joe Biden.




Dan Connolly as Dorchester a mba as Muigh Inis agus Duibhithir a mhuintir sa tsean aimsir. Ag staidéar san George Washington University i Washington DC. Suim mhór aige ina chúlra.



*Ó chlé:* Catherine Cheoinín, Joe Connolly agus Mike Éinniú

# Na Mná Chun Cinn!



*Ar chlé:* Edel Dowd agus a deirfiúr Stephanie, as Carna. Cónaíonn said i Londain anois.



*Ar chlé:* Abaigh Bairéad agus a deirfiúr Nóra as Muigh Inis. Bhuachadar beirt gradaim na n-daltaí ab fhearr i Scoil Phobail Mhic Dara i gCarna le dhá bhliain anuas.



*Ar chlé:* Maureen Loftus agus a deirfiúr, Ellen.

Ócáid fíor speisialta - beirt mháthar lena n-iníonacha i cluiche leath ceannais an chontae in aghaidh Chora Finne ag deire mhí Dheireadh Fómhair.



Kerina agus Amy Ní Chlochartaigh



Éabha, Mae agus Molly Ní Chathasaigh

# Foireann Charna/Caiseal/Na Piarsaigh

## a bhuach Sraith an Iarthar i mbliana, faoi-19



*Ar chúl, ó chlé:* Lúcás Ó Ceallacháin, Iarla Mac Donnacha, Rónán Ó Conaire, Máirtín Mac Craith, Dylan Seoige, Cian Ó Cuinn, Cathal Ó Cadhain, Cian Ó Mainnín, Séamus Ó Ceannabháin, Jacob Ó Conaire, Mikey Breathnach, Macdara Ó Conaire agus Eoin Ó Mainnín.

*Chun tosaigh, ó chlé:* Domhnaill Ó Conghaile, Darren Ó Ceannabháin, Maitiú Ó Nia, Máirtín Ó Cualáin, Cian Carr, Dara Ó Cualáin, Éamonn Ó Flatharta, Liam Ó Loideáin agus Rónán Ó Flatharta.

# Foireann faoi-17 Charna/Caiseal/ na Piarsaigh

## a shroich Cluiche Ceannais Craoibhe na Mionúir in Iarthar an chontae i mí Dheireadh Fómhair.




*Ar chúl, ó chlé:* Stiofán Breathnach, Oisín Ó Flatharta, Cathal Ó Ceallaigh, Conall Ó Mainnín, Jacob Ó Conaire, Niall Ó Dúnshléibhe, Eoghan Ó Coirbín, Cian Ó Mainnín, Domhnaill Ó Conghaile agus Máirtín Ó Cuirrín.

*Chun tosaigh, ó chlé:* Ruadharc Ó Mainnín, Dara Ó Cualáin, Caoimhín Ó Neachtain, Daniel Nash, Ciarán Mac Craith, Stiofán Ó Droighneáin, Fionn Ó Briain agus Máirtín Ó Neachtain.

# Cailíní Charna/an Chaisil Faoí-16

## buaiteóirí na Sciatha san Iarthar




*Líne cúl, ó chlé:* Seán Seoige, Ellie Mae Ní Dhunáird, Niamh Rodgers, Gwynath Ni Fhlaratha, Aisling Ní Chadhain, Róisín Ní Chlochártaigh, Amy Ní Chlochartaigh, Ella Ní Chlochartaigh, Ríona Ní Dhuinshléibhe, Aoibhe Seoige, Ella Ní Mhadaoin, Sorcha Ní Mhaoilchiaráin, Sinéad Bhreathnach, Leah Nic Con Iomaire, Fiona Ní Cheallaigh, Niamh Ní Fhlaratha, Micheál Ó Clochártaigh agus Mary Ní Dhuinshléibhe.

*Chun tosaigh, ó chlé:* Abbey Whorley, Saoirse Nic Dhonnacha, Aisling Seoige, Katie Ní Loideáin, Orla Nic Giolla Phádraic, Molly Ní Chathasaigh, Sadhb Maher, Simone Ní Chonghaile, (C) Alannah Ní Chlochartaigh, Caoimhe Ní Chlochártaigh, Síofra Ní Mhurchú, Bróna Ní Mhadaoín agus Séamus Ó Chlochártaigh.

# Ag ceiliúradh ócáideacha in Ionad na nImirceach




Na Flatheartaigh ó chlé: John Joe, Feichín, Mary agus Danny….agus leo Bairbre Uí Mhaoilchiaráin agus ar dheis uilig, Éamon Ó Máille



Danny Ó Flatharta tagtha as Texas go Carna le grúpa cuairteóirí



*Ó chlé:* Micheál Ó Cualáin agus Máirtín Ó Gríofa ag cur fáilte roimh Danny



*Ó chlé:* Bridgie Nic Táibhís agus Catherine Cheoinín ag ócáid ómóis Mhike Éinniú




# Joyce's Grocery Shop and Bar

Recess

**SIOPA AGUS BEÁR - ÁBHAR FEILME - TEACH AN PHOSTA**

095-34658 agus 087-2686946

*Chuile short faoi do lámh d' aon léim amháin!*

Food, drink, grocery shop, farm supplies, hardware, petrol, Post Office, lottery, music.

**Shop: 7.30 - 7.00 Monday to Saturday**
**10.30 - 12.30 Sunday**

**Bar Food: 10.30 - 6.00 Monday to Saturday**
**12.30 - 6.00 on Sunday**
**Food served later in summer**

ALL FARM NEEDS IN THE STORE – CHUILE SHORT LE HAGHAIDH NA FEILME.
DELIVERY TO YOUR DOOR – CHUIG AN DORAS!

# Ellie Ní Shúilleabháin agus an Taibhse

*le Ríona Ní Chonaire.*

An oíche roimh Oíche Shamhna a bhí ann agus bhí Ellie Ní Shúilleabháin ag siúl nuair a chonaic sí teach a raibh cuma scanrúil air. Rinne sí an cinneadh dul isteach ann.

Nuair a bhí sí istigh lig sí béic mar chonaic sí corp ar an urlár agus taibhse in aice leis. Thriáil sí rith ach ní raibh sí in ann mar dhún an doras agus chuir an taibhse glas air sula ndeachaigh sí chomh fada leis.

"Ná gortaigh mé," a dúirt Ellie agus í ag crith le heagla.

"Ní ghortóidh," a dúirt an taibhse. "Tá mé i do choinneáil anseo mar go bhfuil tú an-chosúil le m'iníon."..

"Cén fáth a bhfuil do chorp anseo fós?" a d'fhiafraigh Ellie. "Cén fáth nach bhfuil tú curtha sa talamh?"

"Fan go n-inseoidh mé an scéal duit," a dúirt an taibhse.

"Fan," a dúirt Ellie "sula n-inseoidh tú an scéal cén t-ainm atá ort?"

"Róise an t-ainm atá orm," a dúirt an taibhse. "Bhuel ar aon nós seo é an scéal: Bhí mé istigh i mo theach, an teach seo, nuair a tháinig gadaí isteach agus é dubh uilig. Bhí gunna aige freisin. Dúirt se liom mo pháiste a thabhairt dhó nó go gcaithfeadh sé mé. Dúirt mise nach dtabharfadh mé dhó mo pháiste ba chuma céard a dhéanfadh sé. Agus ansin chuala mé torann agus dhúisigh mé suas i mo thaibhse agus mo chorp ar an urlár."

"Cén chaoi nach bhfuair aonduine tú ó shin, " a d'fhiafraigh Ellie.

"Mar gheall nach mbíodh aon duine ag teacht ar cuairt chugam agus nach raibh aithne agam ar mhóran daoine," a dúirt an taibhse.



**Ríona Ní Chonaire**

"Cén sloinne a bhí ar do phaiste ó shloinne a hathar?" a d'fhiafraigh Ellie.

"Eliza Kelly an t-ainm a bhí ar mo pháiste ," a dúirt an taibhse.

"Sin é an t-ainm a bhí ar mo mhamó nuair a bhí sí ag fás aníos agus ní fhaca sí a máthair ariamh," a dúirt Ellie.

"Chaithfeadh sé gurbh í m'iníon do mhamó-sa agus ``gurbh é a hathair a thóig í," a dúirt an taibhse.

"Is tusa mo shin-sheanmháthair!" a dúirt Ellie agus ionadh uirthi.

"Is mé is dóigh," a dúirt Róise agus áthas uirthi gur tháinig a páiste slán.

"B'fhearr domsa a bheith ag dul abhaile anois," a dúirt Ellie. "Beidh mama ag déanamh imní fúm."

"Alright mar sin," a dúirt an taibhse "ach bí cinnte go ndéarfaidh tú le do mhamó go raibh grá agam di agus go mbeidh i gcónaí."

"Déarfaidh cinnte," a dúirt Ellie agus d'imigh léi ansin.

## RÍONA AR AN TEILIFÍS

Anuraidh a scríobh Ríona an scéal thuas. Iarradh uirthi sa scoil scéal a scríobh a d'fheilfeadh d'Óiche Shamhna. I mbliana bhí Ríona ar TG4 ag cur síos ar a cuid scríbhneoireachta. Seo mar a dúirt sí: "Ríona N i Chonaire is ainm dom. Tá mé dhá bhliain déag d'aois agus bíonn mé ag scríobh scéalta. Thosaigh mé ag scríobh scéalta thart ar cheithre bliana ó shin sa scoil.

Sé an chaoi ar tharla sé ná d'iarr an múinteoir orainn scéal a scríobh agus scríobh mé scéal agus thaithnigh sé go mór liom agus tá mé á dhéanamh ó shin.

Bhíodh mé síos agus aníos ag mo mhamó agus bhíodh sí ag inseacht scéalta dhom agus rudaí agus ansin thosaigh mé féin ag scríobh scéalta. An rud is fearr liom faoi a bheith ag scríobh scéalta ná a bheith ag cuimhniú ar an scéal féin atá mé ag iarraidh a inseacht.

I rith na paindéime bhí comórtas in Óstán Zetland agus chuir mé isteach scéal faoi bhuidéal beannaithe.`

Bhí mé féin agus mo dheaide is mo dheartháir ag siúl ar Thrá Mhaorais. Fuair mo dheartháir buidéal uisce coisricthe as Medjugorje agus sin é an chaoi ar tháinig mé suas leis an scéal sin.

"Bhí "Iorras Aithneach 2021" ag iarraidh scéil uaim agus chuimhnigh mé ar scéal faoi chailín a chaill a máthair agus bhí sí ag caitheamh go mór ina diaidh agus ansin bhí spideog ag tabhairt cúnaimh di i gcónaí agus bhí sí ag cuimhniú gurbh í a máthair a bhí ag tabhairt cúnaimh di agus sin é an chaoi ar tháinig mé suas leis sin."


Cló Iar-Chonnacht




TG4@25: 1996–2021

Oíche Shamhna 1996 a tháinig TG4 – nó TnaG mar a bhí uirthi ag an am – ar an aer agus tá sí ag treabhadh léi ó shin. Ceiliúradh atá sa leabhar seo ar a bhfuil bainte amach ag an stáisiún le cúig bliana fichead; cur síos uathu siúd a bhí ar an stiúir agus uathu siúd a bhí ag soláthar cláracha, chomh maith le grianghraif.




Comhrá Cosáin
*Fearghas Mac Lochlainn eag.*

Cnuasach agallaimh bheirte agus lúibíní ó mháistrí na ceirde i gConamara, leithéidí: Joe Steve Ó Neachtain, Tomás Mac Con Iomaire, Ódí Ní Chéilleachair, Caitlín Ní Chualáin, Traolach Ó Conghaile, Áine de Bhailís Uí Neachtain agus go leor eile.
Lón gáire agus spraoi!




An Cheathrú Rua agus na hOileáin sa Naoú hAois Déag
*Áine Ní Chonghaile*

Léargas atá anseo ar phobail na Ceathrún Rua agus Cheantar na nOileán sa naoú haois déag – cé dar díobh iad, cé as ar tháinig siad, agus cé leis a raibh siad ag íoc cíosa. Féachtar ar an chaoi ar shaothraigh siad ar muir is ar tír agus ar na fórsaí a bhí ag brú isteach orthu.




Stop an Súnámaí
(úrscéal)
*Pádraig Standún*

Níl fhios ag muintir an Oileáin Thiar cé as ar tháinig an t-airgead . . . ach tá beirt de bhunadh na háite théis filleadh abhaile agus cuma an tsaibhris orthu . . . ach cén chaoi a gcaithfidh siad an t-airgead, sin í an cheist!

Cló Iar-Chonnacht, An Cheardlann, An Spidéal, Co. na Gaillimhe. Teil: 091-593307 eolas@cic.ie www.cic.ie

Flying *the* Flag
FOR IRELAND'S
COASTAL COMMUNITIES

**Brexit Blue Economy**
*Enterprise Development Scheme*

# Applications are open for the
## **Brexit Blue Economy** *Enterprise Development Scheme*

A €25 million funding scheme to stimulate growth in rural coastal communities through Blue Economy activities including:

- Small Non-Commercial Harbour/Pier activities
- Boat Building and Repair
- Seafood
- Coastal Tourism
- Marine Leisure and Sport
- Renewable Energy Initiatives

To apply to the scheme or to learn more, visit **bim.ie**

BIM
Fisheries Local Action Groups
Grúpaí Gníomhaíochta Iascaigh Áitiúla
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland
www.bim.ie


Flying the Flag
FOR IRELAND'S
COASTAL COMMUNITIES
Brexit Blue Economy
Enterprise Development Scheme
Tá iarratais oscailte do Scéim Forbartha Fiontar
Gheilleagar Gorm an Bhreatimeachta
Scéim mhaoinithe €25 milliún chun fás a spreagadh i bpobail
cósta tuaithe trí ghníomhaíochtaí an Gheilleagair Ghoirm lena n-áirítear:
• Gníomhaíochtaí Beaga Neamhthráchtála sa Chuan/Ché
• Tógáil agus Deisiú Bád
• Bia mara
• Turasóireacht Chósta
• Fóillíocht agus Spórt Mara
• Tionscnaimh Fuinnimh In-athnuaite
Chun iarratas a dhéanamh ar an scéim nó chun
tuilleadh a fhoghlaim, tabhair cuairt ar bim.ie
BIM
Fisheries Local Action Groups
Grúpaí Gníomhaíochta Iascaigh Áitiúla
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland
www.bim.ie

# BIM Editorial
## - South Connemara Yearbook 2023




**Ireland's Coastal Communities to benefit from significant funding under Brexit Blue Economy Scheme**

Businesses in Ireland's coastal communities are being encouraged to apply for the Brexit Blue Economy Enterprise Development Scheme.

The aim of the Scheme is to stimulate growth in rural coastal communities post-Brexit, with funding available to businesses operating within 10 kilometres of the coastline and involved in the blue economy.

The blue economy covers a wide range of economic activities within coastal communities such as seafood, coastal tourism, boat building and maintenance, marine recreation, and renewable energy initiatives.

The Scheme, the largest of its kind ever, is open to three streams of projects: Capital Investment, Business Mentoring & Capacity Development, and Upskilling & Training.

A €25 million budget is available in 2022 and 2023, funded under the EU Brexit Adjustment Reserve. The Scheme is an initiative of the Government of Ireland and is being administered by Bord Iascaigh Mhara (BIM).

Paul Downes, regional officer at BIM, said the Scheme, which opened in June 2022, has already received many promising and innovative proposals.

"We're delighted with the quality of the applications that have come in to date, covering a wide breadth of blue economy businesses – from seafood companies to charter boat businesses, marine engineering companies to coastal tourism enterprises.

"We're eager to encourage more businesses to submit an application for funding. Brexit has brought challenges to coastal communities and this unique funding opportunity has the ability to deliver real benefits to those communities and to individual businesses that are part of the blue economy. These investments will enable innovation, diversification, value-adding, and will support business growth and increased employment."

The Scheme is being delivered through Fisheries Local Action Groups (FLAGs) which uniquely focus local development funding specifically for areas and communities within 10 kilometres of the sea around the entire coast.

**Full details about the Brexit Blue Economy Enterprise Development Scheme, including how to apply can be found at www.bim.ie.**

## Tá pobail Chósta na hÉireann chun tairbhe a bhaint as maoiniú suntasach faoi Scéim Geilleagar Gorm an Bhreatimeachta

Moltar do ghnólachtaí i bpobail chósta na hÉireann iarratas a dhéanamh ar Scéim Forbartha Fiontraíochta Gheilleagar Gorm an Bhreatimeachta.

Is í aidhm na Scéime ná fás a spreagadh i bpobail tuaithe cois cósta i ndiaidh an Bhreatimeachta, agus tá maoiniú ar fáil do ghnólachtaí atá ag feidhmiú laistigh de 10 gciliméadar ón gcósta agus a bhfuil baint acu leis an ngeilleagar gorm.

Clúdaíonn an geilleagar gorm réimse leathan gníomhaíochtaí eacnamaíocha laistigh de phobail chósta ar nós bia mara, turasóireacht chósta, tógáil agus cothabháil bád, áineas mara, agus tionscnaimh fuinnimh in-athnuaite.

Tá an Scéim, an ceann is mó dá leithéid riamh, oscailte do thrí shruth tionscadal: Infheistíocht Chaipitil, Meantóireacht Ghnó &Forbairt Cumais, agus Uasoiliúint &Oiliúint.

Tá buiséad €25 milliún ar fáil i 2022 agus i 2023, arna mhaoiniú faoi Chúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta an AE. Is tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann í an Scéim agus tá sí á riar ag Bord Iascaigh Mhara (BIM).

Dúirt Paul Downes, oifigeach réigiúnach i BIM, go bhfuil go leor moltaí nuálacha agus a bhfuil cosúlacht mhaith orthu faighte cheana féin ag an Scéim, a osclaíodh i Mí an Mheithimh 2022.

"Táimid thar a bheith sásta le caighdeán na n-iarratas atá tagtha isteach go dtí seo, a chlúdaíonn fairsinge leathan gnólachtaí geilleagair ghorma – ó chomhlachtaí bia mara go gnólachtaí bád cairte, comhlachtaí innealtóireachta mara go fiontair turasóireachta cósta.

"Tá fonn orainn níos mó gnólachtaí a spreagadh chun iarratas ar mhaoiniú a chur isteach. Tá dúshláin tugtha ag an mBreatimeacht do phobail chósta agus tá sé de chumas ag an deis mhaoinithe uathúil seo buntáistí dáiríre a sholáthar do na pobail sin agus do ghnólachtaí aonair atá mar chuid den gheilleagar gorm. Cumasóidh na hinfheistíochtaí seo nuálaíocht, éagsúlú, breisluacha, agus tacóidh said le fás gnó agus le fostaíocht mhéadaithe."

Tá an Scéim á seachadadh trí Ghrúpaí Gníomhaíochta Áitiúla Iascaigh (FLAGanna) a dhíríonn maoiniú forbartha áitiúil go huathúil do cheantair agus do phobail laistigh de 10 gciliméadar ón bhfarraige timpeall an chósta ar fad.

**Is féidir na sonraí iomlána faoi Scéim Forbartha Fiontraíochta Gheilleagar Gorm an Bhreatimeachta, lena n-áirítear conas iarratas a dhéanamh a fháil ag www.bim.ie.**




Oifig Toghlaigh
4, Teach na Tráchtála
Sráid Thobar an Iarla
Gaillimh
Tel: 091-567870 nó 01 6184411
catherine.connolly@oireachtas.ie
http://catherineconnolly.com

**Connemara Credit Union Ltd.**

**Comhar Creidmheasa Chonamara Teo.**

info@connemaracu.ie

www.connemaracu.ie

**095 21101**

Credit Union

**Uaireannta Oscailte**

**An Clochán**

| | | |
|---|---|---|
| Dé Luain | 12pm-3pm | 4pm-6pm |
| Dé Máirt | 10am-1pm | 2pm-4pm |
| Dé Céadaoin | 10am-1pm | Dúnta |
| Déardaoin | 10am-1pm | 2pm-4pm |
| Dé hAoine | 10am-1pm | 2pm-4pm |

**Tulach na Croise**

| | | |
|---|---|---|
| Dé Luain | 12pm-3pm | 4pm-6pm |
| Dé Céadaoin | 10am-1pm | 2pm-4pm |
| Dé hAoine | 10am-1pm | 2pm-4pm |

**Carna**

| | |
|---|---|
| Déardaoin | 10am-4pm |

**Iasacht Uait?**

**Fán gar go bhaile leis an gComhar Creidmheasa.**

# Triúr Ban Mhisniúil a tháinig go Cill Chiaráin

*le Alma agus John Clancy.*

Ós cionn céad bhlian ó shin thug triúr ban cuairt shuimiúil ar Chill Chiaráin; bhshin í an bhliain 1919. Sé an t-údar a bhí leis an gcuairt seo ná go rabhdar ag iarraidh éalú as Baile Atha Cliath chuig áit iargúlta in Éireann mar go raibh ainm dhuine acu, Ella Young, ar ''liosta dubh'' na n-údarás de bharr an pháirt a ghlac sí in ullmhúchán Éirí Amach 1916.

I bhFíonach, Co. Aontroma a rugadh Ella do chlann Phrotastúnach sa bhliain 1856. Tógadh mar Phreisbítéarach í agus thuig Ella féin le tuiscint gur tiarnaí talún a bhí ina muintir tráth den tsaol. D'athraigh an chlann go Ráth Maonais, Baile Átha Cliath sa bhliain 1880 agus bhain sí céim amach sa Stair, Dlí agus Eacnamaíocht in Ollscoil Ríoga na hÉireann. Bhí suim faoi leith aici i gcúrsaí Gaelacha, rinne sí staidéar ar Bhéaloideas agus ar an Miotaseolaíocht Cheilteach. D'fhoghlaim sí an teanga freisin agus i measc a cairde bhí Countess Markievicz, W.B.Yeats, A.E. Russell agus Padraic Mac Piarais. Thug sí ranganna staire agus seanchais do dhaltaí Choláiste Éinde - scoil na Piarsach i mBaile Átha Cliath - agus is dóigh gurb í an tsuim seo a bhí aici sa saol Gaelach a tharraing isteach í sa pholaitíocht.



**Ella Young**

Ina beathaisnéis 'The Flowering Dusk' scríobhann Ella faoin mbaint a bhí aici le Maud Gonne a bhunaigh **Iníonacha na hÉireann** agus bhí Ella mar dhuine den dream a chuir tús le **Cumann na mBan.** [1914] Bhí sí ina ball de Sinn Féin [1912] agus mar bhall d' Arm na Poblachta agus nuair a tháinig Erskine Childers i dtír i Ceann Éadainn san Asgard i mí Iúil 1914 le cache d'airm is í Ella a choinnigh cuid den lastas sin faoi urlár a teach féin i gCo. Cill Mhantáin. Chomh maith leis sin choinnigh sí airm i dteach Phrotastúnaigh i mBaile Átha Cliath agus thug sí cúnamh do bheirt phríosúnach ag éalú as an gcathair.

## SIAR GO CONAMARA

Bhí Ella lán de éadóchas nuair a theip ar Éirí Amach 1916 rud a dúirt sí 'a bhí mar éacht mhór ina saol' agus d´éalaigh sÍ go Chonamara agus dúirt sí gur 'choinnigh draíocht an Iarthair ansin mé'. Le beirt cara léi thug sí aghaidh ar Chonamara. Ba dhuine acu í Mary Scarlett, Protastúnach a rugadh i Roscomáin. Bhí teastas múinteora Gaeilge ag Mary, í páirteach i gConradh na Gaeilge agus í ina léachtóir i gColáiste Alexandra, Baile an Mhuilinn áit a raibh Maud Joynt, an triú bean sa gcomhluadar, ag obair freisin (de bhunadh na Fraince muintir Joynt). Bhí staidéar déanta ag Maud ar an tSean-Ghaeilge agus an Mheán Ghaeilge i scoil Ard-Léinn na Gaeilge 1906/07 chomh maith le hobair foclóra.

Chuir na mná seo futhú i gCill Chiaráin (1919)agus fuaireadar lóistín i Tigh Chuaig (Tigh Chlancy sa lá atá inniu ann) áit a raibh cúpla seomra ar fáil. Bhí siopa grosaera sa teach seo agus Oifig an Phoist faoi cheannas Ellen Cooke (née O'Máille as Louisburg), a fear chéile Máirtín agus clann óg acu. Bíad an bheirt sin sean mháthair agus sean athair John Clancy.

Nancy, Eileen (máthair John Clancy) Bridie agus Molly Cooke.

## FEAR DORCHA NA FÉASÓIGE

Lá amháin i réigiún iargulta de Iorras Aithneach I gConamara chas na mná seo ar fhear dorcha le féasóg dhubh ina shuí ar bhalla cloiche taobh amuigh de Tí Chuaig i gCill Chiaráin. Bhí an fear seo 'cosúil le Gréagach in aois Pericles' a scríobh Ella sa bheathaithnéis **'The Flowering Dusk'** (1945).........

Tá Ella ag iarraidh triail a bhaint as a cuid Ghaeilge agus tá sí thar a bheith sásta nuair a thuigeann Padraic Greene a cuid cainte! Tá súil aici 'that it doesn't smack too much of school books and Dublin'.

Ba bhádóir den scoth é Padraic agus cáil mór air mar gheall ar seo. (ba athair Kathleen Lee), Paddy agus Johnny Greene an fear seo a raibh cónaí orthu i gCill Chiaráin). Labhrann Ella, Mary agus Maud le Paddy faoin mbád seoil agus an fharraige agus tá cuntas sa leabhair faoin gcomhrá a bhí acu. Oibríonn Pat mar thaistealaí don tsiopa ag iompar earraí agus ábhar dóibh. Ní iascaire é Paddy ach fear a bhaineann an-sult as a bheith amuigh ar an bhfarraige agus ag spraoi leis na dtonnta. Socraíonn siad dul amach le Pat an lá dár cionn. Téann siad amach go minic ag seoltóireacht le Pat. Tá na mílte sean scéalta aige. Is breá leis a bheith ag comhrá, agus na mná ag insint scealta dó chomh maith...

Tháinig lá ansin go raibh an-ríméad ar na mná! Bhí siad ag dul chun farraige agus ag tabhairt aghaidhe ar Inis Mór, Oileán Árann.....ag dul trasna an chuain. Labhrann Ella faoi chiúnas na háite, áilleacht na sléibhte agus draíocht na farraige. Tá leaid óg freisin in éineacht leo an lá sin agus é ag tabhairt cúnamh do Paddy. 'Sé Matt (Matt Choilmín Nee b'fhéidir?) an leaid seo. Caitheann Matt tréimhse ag piocadh fataí i Sasana sa bhfómhair. Scríobhann Ella gur chaith Pat an maide rámha trí uaire isteach san uisce



**Paddy Green, mac le Pat Greene sa scéal seo, ar dheis, le Cóilín Casey as Cill Chiarain ag inseacht scéil Tí Chonroy i gCill Chiaráin (ar nós a athair) sna 1960aidí.**

chun 'ádh na farraige' a fháil don turas, agus amach leo ina dhiaidh sin.

Baineann siad taitneamh as a bheith amuigh ar an mbád seoil, ag éisteacht le scéalta agus ag insint scéalta. Insíonn Ella scéalta Ghréagach ón Iliad do Phat agus déanann siad comparáid ar na cosúlachtaí idir na scéalta. Tugann Pat scór do na scéalta seo de réir a luach....a haon, a dó, a trí... Is duine meabhrach é Pat. Tá tuiscint aige ar pointí míona na scéalaíochta.

## SEANACHAÍ AR BORD

Tá gaoth ann inniu, an bád ag damhsa ar na dtonnta. Ach, faraor, éiríonn sí ró-láidir tar éis píosa agus b'éigean dóibh a dhul ar an bhfoscadh faoi na sléibhte i gcrompán sa chuan le cúpla bád eile. Tugann Pat faoi dheara go bhfuil scoláire cáiliúil ar cheann de na báid. Tá Gaeilge líofa ag na mná agus anois suim faoi leith acu sa bhfear seo. Tugann Pat cuireadh don fhear a theacht ar bord lena chairde. Ólann siad tae agus ansin éiríonn an fear ina sheasamh le scéal a insint...sean scéal a tháinig ó ghlúin go ghlúin. Tá cead ag an gcomhluadar fanacht ina suí ach dá ma rud é gur file a bhí ann, bheadh orthu seasamh in ómós dhó!

Socraíonn an lucht eisteachta i leath chiorcal thimpeall ar an scealaí. Sean Ghaeilge atá sa scéal a fuair a athair óna shinsear fadó fadó. Scéal faoi na Fianna agus Cunnaun ó bhéaloideas Chonnachta. Thug Cunnaun cruth ioláir ar féin agus chuaigh se le Finn a shábháil, fear a fuadadh ag Rí thar lear. Tá an comhluadar faoi draíocht agus an scéalaí, an-tógtha go deo leis an scéal.

Iompaíonn an bád ar ais i dtreo Chill Chiaráin agus déanann Ella cur síos ar an mbádóir Pat Greene agus na scileanna faoi leith atá aige, beocht an bháid san uisce ar nós deilfe, an bád ag iompú thart cosúil le faoileán agus ag seoladh thar na dtonnta mar éin creiche. Tá contúirt ann cinnte ach níl faitíos orthu. Tá muinín acu i sár scileanna Phat, fear a deireann sí ''a bhfuil scil aige agus é ina shaineolaí i bhfarraige Chill Chiaráin''.

Is dócha go raibh tionchar mór ag suaimhneas agus ciúnas na háite, áilleacht agus draíocht na farraige agus an teanga bheo ar an triúr bhan speisialta a tháinig anseo céad bliain ó shoin! An bhfuil an draíocht fós anseo meas tú?

(Pic anseo do Paddy Greene agus fear eile i gCill Chiaráin – caption ag íochtar an ailt seo).

## NA TRÉITHE CÉANNA ANN FÓS


Tá na treithe sainiúla ann i gcónaí agus siad na tréithe céanna a mheallann cuairteoirí go hIorras Aithneach an lá atá inniu ann. Sléibhte, farraige, ciúnas agus saibhreas na Gaeilge le cloisteáil beo i gcónaí sna bailte beaga. Tá an draíocht ann i gcónaí.

Bhí baint ag Ella Young leis an Athnuacháin Cheilteach agus d'oibrigh sí go forleathan le seanchas agus Miotaseolaíocht Ghaelach. D'athscríobh sí an t-ábhar i scéalta do ghasúir óga agus tá ceann amháin de na leabhar ar fáil fós **'Celtic Wonder Tales'** a scríobh sí sa bhliain 1910 foilsithe ina bhfoirm féin.

Tar éis síneadh an Chonradh 1922 agus formhór a cairde cáillte chuaigh Ella go Meiriceá. Bhí cuireadh fáighte aici dul go Nua Eabhrach, Boston agus Washington lena bailiúcháin scéalta 's seanchas agus chaith sí na blianta deiridh mar léachtóir in Ollscoil California,Berkeley, áit a ndeachaigh sí i bhfeidhm go mór ar lucht éisteachta. Is ann a fuair sí bás sa bhliain 1956.

Ar aon chaoi is maith an rud nach bhfuil dearmad déanta againn ar an triúr ban mhisniúil a thug cuairt ar Chill Chiaráin ós cionn 100 bliain ó shoin agus an pháirt a ghlac siad i stair na tíre seo, agus go mór mór an sult agus an suaimhneas a bhain siad an saol i gCill Chiaráin, i gConamara agus in Iarthar na tíre.

*John agus Alma (Tí Chlancy)*






**THOMAS WELBY**

**UACHTAR ARD**

**COMHAIRLEOIR CONTAE NEAMHSPLEACH**
**CONAMARA**



*Beannacht Dia oraibh uilig agus go raibh Nolliag mhaith agaibh.*
*Bliain nua faoi shíochán.*

**087-2855676 agus 091-552748**
**twelby@cllr.galwaycoco.ie**

# Bleachtaíreacht na Samhlaíochta

*- Leis an Athair Pádraig Standún.*

Sin é an teideal atá ar leabhar nua atá dá scríobh ag Pádraig. Ag caitheadh súil siar ar scéal a mhuintir féin roimhe atá sé. Tá an t-áthas agus an brón i dteannta a chéile san scéal sin.

Ag scríobh faoi m'athair mór agus a bhean chéile atá mise i lathair na huaire, cé go raibh siad ar shlí na fírinne sular rugadh mé, agus ní fhaca mé picyiúr de cheachtar acu ariamh. Mhair siad sa tréimhse corraqitheach sin den stair idir "Oiche na Gaoithe Móire" in 1839 agus techt de phinsean na naosach i 1909, ó aimsir an Ghorta go dtí tús an chéid dár gcionn. Idir an dhá linn bhí ocras agus na galracha a bhain le cliseadh na bhfataí, daoine caite as a seilbh go háirithe in Iarthair na tíre, ach chomh maith leis sin ord agus eagar curtha at chúrsaí chreidimh san Eaglais Chaitliceach, le séipéil agus tithe pobail tógtha i mbeagnach gach paróiste tar éis Acht Fuascailte na gCaitliceach in 1829;

Is é an fáth is mó ataim ag cartadh i stair na mblianta sin nó gur bhásaigh athair mór m'athair, John Staunton i dTeach na nGealt i gCaisleán an Bharraigh céad fiche bliain ó shin, áit ar tugadh é mar go raibh "dul amú" air chomh mór sin nach raibh ar chumas mo sheanmhathair, Nóra aire a thabhairt dó ina bhaile féin, mar go raibh a gclan uilig imithe go Chicago sna blianta roimhe sin. "Ospidéal na nGealt" a bhí scríofa ar gheataí an tí mhóir sin go dtí lar an Chéid seo caite, an teach ina bhfuil cuid don Colaiste Atlantach anois ar a tugadh GMIT roimhe seo.

D'fhill m'athair ar an mbaile ag tús an chéid seo caite nuair ba léir nach mbeadh a athair féin ag teacht abhaile níba mhó. Phós sé agus bhí seachtar clainne aige féin agus a bhean, Honor Skeffington. Bhí cúpla ceird foghlamta aige thall, pláistéireacht agus déanadh fearais capaill. Ach bhí ré an gcaiple agus traip nó cáirr ag teacht chun deireadh, cé gur mhair diallait agus píosa leathair eile a rinne sé go dtí m;am féin. Dhírigh sé ar an bplaistéireacht, ceird ar fhoghlaim m;athair uaidh. Phioc mé suas cúpla rud a bhain leis nuair a chaith mé cúpla mí ag obair do Chomhairle Chondae Mhaigh Eo roimh dul do Mhaigh Nuad do mi 1964. Admhaim sa lá atá inniu ann go bhfuair mé pláistearáilte cúpla uair, ach níor thug mé liom an cheird.

"Bleachtaireacht na Samhlaíochta" atá tugtha agam ar an leabhair seo a bhfuil níos mó na an leath de scríofa agam. Braithim ar nós bhleachtaire i mbun fiosruithe mar go bhfuil a laghad sin eolais ar mo sheanmhuintir. Ach tá roinnt mhaith eolais agam ar stair an chéid inar mhair siad, a bhuíochas sin do Tomás Ó Fiach a bhí ina Ollamh i Maigh Nuad sula ndeachaigh sé ar aghaidh le bheith ina Uachtaráin ar an gColáiste sin agus ina Chairdinéal Ardeaspag ar Ard Mhaca. Sheasfainn ar sneachta ag éistecht leis ag cuir síos ar aimsir an Ghorta, Parnell, an Dáibhéideah gan tracht ar Dhónaill Ó Chonaill rompú.



An tAthair Pádraig Standún

Tá sé i gceist agam mo mhuintir a athshamhlú agus a athbheoú chomh fada is atá sé ar mo chumas, go hairithe nuair atá an ghalar ar a dtugann muid Alzheimers anois ag teacht ar sheanathair m'athair, an t-imní a chuir sé sin ar a bhean agus a gcuid ghasúir i bhfad ó bhaile. Cé nach raibh sé ar a gcumas acusan (a gcuid ghasúir() filleadh ar Éirinn arís, bhí boscaí móra ag teacht uathu chomh fada le caogadaí an chéid seo caite. Is minic ráite agam gur feistithe mar 'yeainc' a bhí mise sa scoil náisiúnta. Is cuimhneach liom léine amháin ar cheap mé gur blouse a bhí ann agus nár theastaigh uaim a chaitheamh. Ach nuair a dúradh liom gur stíl Mheiriceá a bhí i gceist is beag nach raibh mé a gcaitheamh lá agus oíche.

Má éiríonn liom an leabhair sin a chriochnú, tá súil agam go gcuirfidh sé leis an eolas ar fad a bhéas bailithe in Ionad na nImirceach i gCarna. Mar gheall ar an áit ina bhfuil an Ionad sin, d'fhéadfadh sé go gceapfadh corrdhuine go mbaineann sé le Conamara nó le Condae na Gaillimhe amháin. Mar go bhfuil sé taobh le taobh beagnach le Teach Altranais Charna, bheadh ceist an Alzheimers tráthúil freisin, chomh maith leis na hiarrachtaí atá ar bun níos mó eolais agus tuisceana a chuir air Ní inné nó inniu a tháinig sé sin ar an saol. An raibh baint leis an Gorta agus an drochshaol leis? Cá bhfios dúinn? Ach beimid ag foghlaim, le cunamh Dé.

# Mo Bhaile Féin

Comórtas a bhí anseo; bhí píosa nach rachadh thar 1,000 focal le scríobh faoi do bhaile fearainn dúchais no faoin mbaile a bhfuil cónaí ort faoi láthair.
Phlé muid an comórtas le Ann Mhic Dhonacha, Stiúrthóir chóras Pleanála Teanga Chonamara Láir (Coiste a thugann urraíocht láidir do leabhar orras Aithneach) agus tháinig muid ar shocrú faoi.
Roinneadh an chéad duais idir bheirt: Máiréad Uí Dhomhnaill a scríobh faoi bhaile an Choillín agus Eileanóir Ní Chatháin a scríobh faoi bhaile Ghabhla.
Seo é an cur síos a rinneadar faoina mbailte dúchais:

## An Coillín

### Le - Mairéad Uí Dhomhnaill.

Nuair a éirím ar maidin is amach ar Chuan Dhamhrois agus Céibh an Phortaigh a bhím ag breathnú ach is faoi Cnoc an Choillín a rugadh is a tógadh mé, mar sin is faoin mbaile beag sin atá an píosa seo.

Is é an Coillín (an choill bheag) an chéad bhaile fearainn eile tar éis Leitir Deiscirt ag teacht as Carna dhuit. Thart ar Bhóthar Chloch an Staicín a bheadh an teorainn ansin agus thiar ag An Muileann Beag is é an sruthán a dtugtar Abhainn an Mhuilinn air teorainn thiar An Choillín idir é agus Muighros. Is cosúil gur é céibh an Choillín, an áit a dtéann an abhainn i bhfarraige, an teorainn eile istigh ag an Aird Thiar. Tá mé ag déanamh amach gur trí theach déag a bhí sa mbaile fearainn seo nuair a bhí mise óg;



Mairéad Uí Dhomhnaill

Tigh Choilín Tommy, Tigh Phadraicín Mhacaí, Tigh Tom Mhacaí, Tigh Choilín Phadraic Antaine, Tigh Mhary Val (Mháirtín Conroy), Tigh Jimmy Liam, Tigh Mhaitís Myla, Tigh Sheáin Phaitín, Tigh Joe Dhiarmaid, Tigh Phat Bhilly, Tigh Phata Grath ( ba sa teach seo a bhíodh an oibrí muilinn ina chónaí) , Tigh Phadraic Bheartla agus Tigh Joe Berry. Tá roinnt tithe nua togtha ar an mbaile ó shoin ach faraor tá cuid de na seantithe nach bhfuil cónaí ar bith anois iontu.

Is é Cnoc an Choillín an gné is suntasaí den bhaile beag seo anois ach fadó bhíodh túr comharthaíochta ar a bharr a mbíodh feiceáil as ar na cuanta go léir atá ar an dá thaobh de leithinis Charna. Deirtear gur thart ar 1804 a tógadh é ag tráth a rabhthas ag súil le hionradh ón Fhrainc. Tá sé ráite gur togadh na clocha as an túr le tithe a thogáil. Ó dheas den cnoc tá tobar beannaithe, Tobar Muire agus in aimsir na bpéindlithe thagadh sagart anseo leis an Aifreann a rá faoi cheilt.

Ag breathnú síos uait ón tobar beannaithe feicfidh tú Cuan an Choillín nó Cuan na hAirde agus thíos ag bun an cnoic tá Caladh Mhacaí. Bhíodh roinnt tithe anseo ins an tsean-aimsir ach tá siad ar fad tréigthe le fada.

Tháinig ainm na habhann ón muileann a bhíodh ar an mbruach deas agus bhíodh sé suite ionas go mbuaileadh sruth an mhuilinn ar thaobh amháin é. Ba mhuileann cothramánach é agus deirtear gur cuireadh na clocha a bhí sa muileann i ndúshraith droichead an Choillín.

Isteach ón teach sin againne ar bhruach Loch an Mhuilinn tá Clochar na Stileach agus is cosúil go ndéantaí poitín anseo fadó.

Bhí go leor fir ceirde ina gcónaí ar an gCoillín tráth, greasaí agus táilliúir de mhuintir  Chonaire, bhíodh daoine ag dul chuig an táilliúir leis an éadach a ghearradh dóibh agus d'fhuaidís fhéin an t'éadach sa mbaile. Chuaigh roinnt de mhuintir Chonaire amach go hOileán Máisean ach nílim cinnte cén bhliain. Bhí seanachaí ina gcónaí ann freisin, Padraic agus Tom Mhacaí chomh maith le scéalaithe breátha Seán, Micheal agus Paraic Tom Mhacaí.

Cheannaigh mo mhuintir an teach ó Chlann Bheartla Sheáin Mháirtín go luath ins na na seascaidí agus í lár na seascaidí chuir m'athair mór, Colm Ó Caodháin, an dara stór air agus leithreas. Bhíodh muid ag fáil uisce as abhainn an Mhuilinn le caidéal agus ghearr sé seo amach a bheith ag iompar an uisce mar a rinne na daoine a tháinig romhainn.

Bhí saol maith spraíúil againn agus muid ag fás aníos ar an gCoillín. Bhíodh muid ag sléibhteoireacht ar an gcnoc agus ag siúl soir leis an gcladach chomh fada le gob chorr na róin agus eachtraí eile nach iad.

Bhí neart obair i gcónaí le déanamh timpeall na feirme taréis na scoile; féar agus móin, fataí agus glasraí, sciobáil le glanadh amach, fosaíocht eallach agus neart eile.

Tá cuimhní cinn maith agam ar m'óige sa mbaile beag An Coillín agus ní  dheachaigh mé í bhfad uaigh le socrú sin.



Eileanóir Ní Chatháin

## Mo Bhaile Féin – Gabhla.

### Le - Eileanóir Ní Chatháin.

Sé Gabhla an baile fearainn is faide ó thuaidh i bpobal Chill Chiaráin agus Charna. Tá sé suite ar thaobh an tsléibhe agus tá íochtar an bhaile ag rith le imeall an Atlantaigh. Ceaptar gur tugadh Gabhla ar an áit an chéad lá ariamh de bharr go bhfuil cosúlacht gabhlóige ar an gcaoi a ngobann an fharraige isteach sa mbaile fearainn. Gob ó thuaidh agus gob ó dheas.

Sé Droichead Bhun na hAbhann an teorainn ó thuaidh den bhaile. Sin é freisin an teorainn idir pobal Charna / Chill Chiaráin agus an Caiseal. Sé droichead an Aibhnín an teorainn ó dheas idir Gabhla agus Caladh an Chnoic. Tá droichead eile ar an mbaile ar a dtugtar droichead abhainn Ghabhla Beag. Anuas as Loch an Bhuí sna sléibhte ó dheas a thagann an abhainn seo.

Níl aon easpa lochanna i sliabh fada, fairsing Ghabhla. Tá ainmneacha ceolmhara orthu ar nós Loch an Phiobaire, Loch na Gleannta Móra, Lochín an Phaiste, Loch Dhroim an Locha, Loch an Aon OIleáin, Loch na Circe Fraoigh agus go leor eile.

Tá na cnoic ann freisin ar nós Cnoc Choill an Gháigín, Seana Soith, an Cnoc Breac agus ainmneacha áite ar nós Scailp na nGadhar, an Criathrach Mór, Cnocán na Gaoithe, Aill an tSeabhaic agus go leor eile.

Is iomaí sin duine a shiúl na cnoc sin san aimsir a caitheadh. Níltear ag súil na gcnoc mar sin anois. Níl na daoine ann lena dhéanamh agus chomh maith leis sin, tá an Quad ag go leor daoine agus laghdú ar an siúl.

Níl aon iascaire mórán ar an mbaile seo anois ach tá obair chladaigh ann fós agus cabhar dhuine ag baint lucht feamainne. In aice le teach mhuintir Chatháin i nGabhla tá áit ar a dtugtar Caladh na mBád. 'Speáineann sin go raibh daoine ag láimhsiú báid agus ag obair leis na báid san aimsir a caitheadh. Fanann ainmneacha spéisiúla a bhaineann leis an gcladach I mbéil na ndaoine fós ar nós "sean nduine" (spota cineál contúirteadh muna bhfuil tú cúramach.

Tugtar an "Baile Thoir" ar an gcuid thóir de bhaile Ghabhla scaittí, cé go bhfuil an t-aimn sin ag imeacht as an gcaint anois. Sin é an chuid den bhaile a bhfuil bóthar "baile" ag dul thríd agus ritheann an bóthar sin anóir le taobh draen a thugann an t-úisce a thagann anuas as na cnoic, siar leis go farraige.

Tá bóthar eile ar an mbaile a bhfuil teideal neamhghnáthach air agus sin é "Bóthar De Valera". Seo é an bóthar a théann amach chomh fada le baile Sheanach Dómhaill atá ós cionn 4 chilomeadar ó dheas de Ghabhla agus é istigh i lár an tsléibhe. Deirtear liom gur théis do Fhianna Fáil – agus De Valera i gceannas orthu – a theacht i mbun Rialtais i 1932 a tosaíodh an obair ar an mbóthar seo agus gur baistíodh Bóthar De Valera air dá bharr sin.

Ait eile atá istigh i mbaile Ghabhla, ach a bhí ariamh deighilte amach ón áit a bhfuil formhór na dtíthe, é Barr na dTamhnach. Siar le farraige atá sé agus níl aon chónai ann anois. B'iad muintir Mhic an Iomaire ba dheireannaigh a bhí ann.


Níl siopa ar bith ar an mbaile agus siad siopaí Charna no Shraithe Salach is gaire. Beagnach 10 gciloméadar ó bhaile atá siad sin ar an taobh ó dheas agus an taobh ó thuaidh faoi sheach. Ní cuimhneach liomsa siopa a bheith im mo bhaile dúchais ach chuala mé caint ar an siopa a bhí tí mo shin-shean-athair Sonaí Josie Phádraig fadó . Bhí siopa tí Phat Shéamuis Pháid freisin ach le himeacht na haimsire bhásaigh dream an tí sin.

Ar nós bailte fearainn go leor ar fud na Gaeltachta chuaigh go leor daoine as baile Ghabhla ar imirce. Sa deireadh, is beag acu a d'fhill abhaile le cur futhugo buan ansin aríst. Tuairim is 40 atá ina gcónaí ann anois. Céard, mar sin, a thárlóidh i mbaile Gabhla amach anseo?

Muna mbíonn daoine óga ag fanacht ansin, no ag cur futhu ansin, ní féidir leis an áit maireachtáil mar a bhíodh sé. Ach tá athruithe ag teacht ar an saol agus is féidir do chuid oibre a dhéanamh as ceantar tuaithe fiú agus go bhfuil an phríomh ionad oibre i gcathair i bhfadó bhaile. D'fhéadfadh sé gur cuid den leigheas é sin ar bhánú na mbailte fearainn.

I Loch Garman atá cónaí orm féin anois áit bhfuil mé im mo mhúinteoir i nGaelscoil. Ach téim siar go Gaeltacht Chonamara agus mo bhailte dúchais, Gabhla, chomh minic agus is féidir liom.

Go mba fada beocht agus cónaí san áit ar rugadh agus ar tógadh mé.



Na sean bhealaí – cocaí féir. Cnoc Mordáin taobh thiar.

# Maireann said sa saol nádúrtha



'Cóil Learaí', an sionnach a thagann go Cill Chiaráin chuile oíche



Súil thar an gclaí i gCill Chiaráin



Braon bainne ó mo Mham i nGabhla!



Bó ag caitheamh an tsaoil

# An Chéad Chomaoineach



**Carna agus an Aird Thiar -**
*Chun tosaigh:* Eleanor Bhreathnach, Fionnuala Ní Chualáin, Abbie Nic Dhonnacha, Dara Ó Cillín.
*Ar chúl:* An tAthair Shane Ó Súilleabháin, Joseph Ó Conbhuí, Micheál Ó Ceallaigh, Ruadhán Ó Conghaile, Adam Ó Tuathail, John Ó Duinnsleibhe, Eoin Ó Clochartaigh.
*Buíochas le Seán Ó Mainnín as cead a thabhairt an pictiúr a úsáid.*



**Scoil Naomh Ciarán a rinne an Chéad Chomaoineach ar an 21 Bealtaine 2022.**
*Ó chlé:* An Príomhoide, Éabha Ní Chualáin, Ciara Ní Dhonnacha, Cóilín Ó Cualáin, Donnchadh Breathnach, Cian Mac Craith, Thomas Ó Máille, Patrick Ó Súilleabháin Ó Loideáin agus an tAthair Shane.


# *Súil siar aagus coisméig chun cinn*



**Oiléan mo Chroí -**
Micheál Ó Ceannabháin (Michael Shéamuis)
ag doras theach a a mhuintire ar Oileán Fhínse
sna blianta a caitheadh.




Cailiní agus Buachaillí faoi 6, Rás 60m, ag lá
spóirt Club Luthchleasa Chonamara 2022.



**Carraigreacha na Cumhachta!**
Radharc ar charraigreacha na Sceirde.



Amy Ní Chlochartaigh le Corn Uí Chonaire agus
Caoilinn Uí Mhurchú le Corn Uí Chonaola taréis
dóibh an rás 800m faoi 16 a bhuachtáil ag ócáid
Spóirt Fhéile Mhic Dara, 2022.

# Féile Joe Éinniú





Máire Ní Choilm, buaiteoir Oireachtais ar an Sean Nós as Tír Chonaill ag gabhail fhoinn ag Féile Joe Éinniú in Ionad na nImirceach 2022



Bríd Ní Mhaoilchiaráin agus a máthair, Béab Uí Mhaoilchiaráin (Béab Éinniú)



Josie de Búrca agus a bhean chéile, Barbara



Béab Uí Mhaoilchiaráin



Nancy Ní Choistealbha, Ceannasaí Ceoil i Raidió na Gaeltachta agus Feidhlim Ó Cualáin as Leitir Mealláin

# Ómós do Mike Éinniú
## – iar Cheannasai ar Údarás na Gaeltachta

Eagraíodh ócáid bhuíochais do Mhike Éinniú (Micheál Ó hÉanaigh) in Ionad na nImirceach ar an 21ú Deireadh Fómhair.  Ba mhaith a bhí sé ag dul dó. Rinne Mike obair mhór do cheantracha ar an imeall ar fud na Gaeltachta, an pobail seo ina measc.



*Ó chlé:* Seán, Éamonn agus Mike Éinniú



Ó *chlé:* Máirtín Ó Catháin ag bronnadh ráiteas frámaithe buíochais ar Mhike Éinniú



Jackie Dowd



Micheál Geraghty agus Josie Curran



Seosamh Ó Laoí agus Caitlín Uí Chonaire



Pádraic Ó Cualáin

# Go n-éirí libh




An Garda Éanna Ó Fallúin as Gabhla.
Taghta amach as Coláiste na nGardaí i mbliana agus é lonnaíthe in Inis, Co an Chláir



I nDún na nGall i nbliana ó chlé:
Mairéad Nic an Iomaire, Bridie Ní Dhonncha agus Feidhlim Ó Cualáin



Mairéad Nic an Iomaire, as Roisín na Mainioch ag fáil céim Ollscoile agus a tuismitheóirí Colm agus Mary Ann léi.




Dara Ó Cualáin as Cill Chiaráin.
Bhuaigh sé duais náisiúnta i gcomórtas craoltóireachta ar chluichí Gaeleacha.




Aisling Seoige, Aoibhe Seoige, Róisín Ní Chlochartaigh agus Eabhaoin Seoige.


Loch Con Hortha 1946

NOLLAIG MHAITH DHIBH
AGUS BLIAIN NUA FAOI MHAISE.



# GERRY KING –

## Comhairleoir Contae.

*Beannachtaí na Nollag do mhuintir Chill Chiaráin, Carna, Ros Muc agus Chamais agus Chonamara uilig.*

---

Tuigim bhur gcás sa gceantar sin uilig agus
déanfaidh mé mo dhícheall dhibh.

**Teagbháil: 086-1798749 agus gerryking@cllr.galwaycoco.ie**



# Mylotte's

Carna
Siopa Grósaera
**Téil: 095-32256**
**Faic: 095-32951**

***Ann Mylotte Adhlacóir***
***&***
***Teach Tórraimh***



**Socraithe Iomlán sochraide**
**agus creimeadh**
**Teach Tórraimh lonnaithe**
**cóiriúil don séipéal.**

*Nollaig mhaith go chuile dhuine, gach rath ar an Iris*

# Pósadh i 1964 i gCarna



**Joe Ó Conghaile as an Aird Thiar agus Nóra Ní Chuirrín as Carna a phós i dTeach an Phobail i gCarna ar an 3ú lá de Mheitheamh, 1964.**
Ar chlé, tá Pádraic Ó Conghaile, deartháir le Joe agus ar dheis tá Barbara Keane (Ní Chuirrín) deirfiúr le Nóra. Sin iad an bheirt a sheas leis an lánún nua-phósta.

# Ceangal idir an dá thaobh den chontae - na 1970óidí



Is breá a bhreathnaigh siad! Breathnaíonn fós!
**Pádraic Ó Loideáin** as Carna (Pádraic Mhike) agus **Ann Starr** as an Ghráig (Woodford). Cónaíonn siad i sráidbhaile Charna.



é
@
Is í ár dteanga féin í.
Coigil aithinne d'aislinge:
scaradh léi is éag duit.
Foras na Gaeilge
BAILE ÁTHA CLIATH · BÉAL FEIRSTE · RÁTH CHAIRN · DÚN SEACHLAINN · GAOTH DOBHAIR
forasnagaeilge.ie
gaeilge.ie

# Teach Altranais Charna
## *Nursing Home*

**Carna, Conamara, Co na Gaillimhe. Teileafón: 095-32854/32855.**

***Compóird agus aire don chéad scoth.***
***Suite ar chiúmhais na mara.***



STIÚRTHÓIRÍ:
**Dr Micheál Ó Cathasaigh,** M.B., B.Ch., B.A.O., D. Ch., R.C.O.G., D.G.M.,
D.Obs, M.R.C.G.P., M.I.C.G.P.,
Dip. Family Planning, Dip. Dermatology.
**Sally Uí Chathasaigh,** S.R.N.

***Email:***
***info@carnanursinghome.com***

***VHI, BUPA APPROVED***

# NOEL GREALISH T.D.

**OIFIG TOGHCHEANTAIR**
**BRIARHILL BUSINESS PARK**
**BRIARHILL**
**GAILLIMH**

**T: 091 764807**
**F: 091 764974**
**E: noel.grealish@oireachtas.ie**



# Tá Conamara togha ach droch rath ar na míoltóga beaga.
## (Connemara is great except for the midges!)

*le Tommy Cloherty*

D'fhill Tommy Cloherty chun cónaíthe ar an Aird Mhóir dhá bhliain ó shin. Ansin atá a dhúchas agus chaith sé cupla bliain ann ina óige sul a ndeachaigh sé ar ais go Londain. Tá sé féin agus a bhean, Kim, socruithe síos ar an Aird Mhóir anois. Tá Tommy ag teacht isteach go maith ar an nGaeilge labhartha ach luíonn sé le réasún nach bhfuil se ábalta ar Ghaeilge scríofa.
Seo iad a chuid smaointe théis dhá bhliain ar an Aird Mhóir -

So here we are, two years in, and still here to tell the tale. The first year after moving here from London was a pretty weird one, but things began opening up tentatively last year, so I guess it would be fair to say life has started to feel a bit more normal; we went to a family wedding in Westport at the end of June, which was the first time we've been "out-out" since moving over here! There have been a couple of funerals and local events, but it was really the first time we'd done anything (and connected with loads of my extended family on my mum's side from Leitir Mór) that we all used to take so much for granted prior to 2019. It's been great getting out and about, especially across the bay to catch up with uncles and aunties I haven't seen for years – there were twelve children in my dad's family and eleven in my mum's, so I don't think I'll ever get round all those who are still with us, but I'm making progress! Just being able to visit people is something I think we all took for granted before the pandemic.



**Tommy Cloherty**

What's been going well? For starters, there's the fact that I'm writing this in the middle of a heatwave – something I never thought I'd hear myself saying in Ardmore! Especially compared to some places around the world – I was in London last week and was so shocked to see how dry the "green and pleasant land" is, I had to take a photo from the plane to prove to myself how bad it was; it was baking and sticky, so I was delighted to get back to our gentle Atlantic breezes.

Connemara sunsets, changing from minute to minute never mind day to day, are like nowhere else. I go jogging a few times a week and early morning is the only time for it in my opinion; it's cool and completely still apart from the donkeys calling out to each other or the dawn chorus, and to be out and about when the sun rises over the distant hills is something else!

There have been enough dry days for the turf to be home and stacked for another year without too much bother.

It's been brilliant going to see new places at this time of year, such as the guided tour of the Mace Head weather station (where I learned that we're blessed with the cleanest air in the Northern hemisphere here!), the Cashel Festival where once again, the weather held out so we got some stunning views from the top of Cashel Hill, on a walk courtesy of Lesley Emin from The Company of Walkers (thecompanyofwalkers.com) who's a bubbly and knowledgeable local guide.



View from Cashel Hill

## NETWORKING, MEETINGS AND THE MIDGES!

I'm also really enjoying getting out and about for work – meetings, networking, and so on are so much better in person than on Zoom – even though I personally don't think I'll ever go back to the previous practice of travelling a couple of hours every day to sit in an office to attend a load of back-to-back meetings. That said, the drive to Galway or Clifden is nothing like the commute on the Tube or bus in London rush hour traffic - I'd got so fed up, I would have been happy to never drive again in London, but it's still an absolute pleasure driving here with the Twelve Bens and Maamturks as the backdrop and montbretia and fuchsia left, right and centre. No wonder people come from all over the world to take in this scenery!

We've begun a few growing experiments indoors (ate our first tomato yesterday!) and have been delighted at how easily garlic, rocket, pumpkin, peppers and other veg have grown from seed – I'd never have expected them to take so well to the conditions here, but they're doing really well.

Is there anything I don't like about being here? Míoltóga! They have been brutal over the last couple of days – even the days on the bog weren't as bad as this week (I'm writing this in mid-August), in fact, I really enjoyed the days doing up the turf on the mountain by the mast, with the breeze and the 360-degree views. I'm covered in bites and the heat this week is just making them itch more.

Apart from that, I'd say the silence you can sometimes get when you're waiting to hear from some (not all) tradespeople. I know things are really hectic for builders, plumbers, delivery people, and the like, but it is frustrating, to say the least sometimes when we've waited all day for someone to turn up, or are waiting for a quote, drawing, letter or item to be delivered…and nothing; I call a couple of times and then when I eventually get through to the person, they usually say something along the lines of: "I'll be with you in half an hour," only to arrive two hours later without an explanation or bother. I guess we must have got spoiled living in London, and the positive side of it is that people are nowhere near as stressed here as they are in the big city, but it sure is a lesson in patience! And I have to add that there have been a couple of people who have been the complete opposite; reliable, prompt, communicative and helpful, so the same can't be said of all tradespeople!

In conclusion, while there may be a few minor things that niggle me every now and again, there's nowhere on this planet I'd rather be than an Aird Mhór, with its midges and clean air. I've been back to visit London several times since coming home, and every time realise that it was the right move at the right time for us. Is áit álainn ar fad é, Conamara!

# Tí Mhóráin – Carna

**An Siopa.**

*Siopa a bhí i gcónaí i gcroílár bhaile Charna agus atá ag freastal ar an bpobal i gcónaí.*

**Oscailte seacht lá na seachtaine**

*Guíonn muid Nollaig mhaith oraibh uilig*

*agus athbhliain faoi mhaise freisin.*

*Marion Uí Loideáin agus Máirín Uí Chualáin.*



# AN SEANADÓIR SEÁN KYNE


Bóthar an Spidéil, Maigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe J91 TY84

FÓN: +353 (0)91 868 111
R-PHOST: SEAN.KYNE@OIR.IE

WWW.FACEBOOK/SEANKYNETD
WWW.SEANKYNE.IE
TWITTER@SEANKYNETD

FINE GAEL

# I gCuimhne ar an Sean Dream



**Joe agus Bridget Connolly leis an tAthair Marty**



**Bridget McDonagh Connolly agus Margie Connolly Clark**

Thug Jack Connolly, fear óg as Dorchester i mBoston, cuairt ar Ionad na nImirceach níos túisce i mbliana. Mar a gheall sé, chuir sé cupla pictiúir ar ais.

*Arsa seisean:*
"A photograph of my great-grandmother, Bridget McDonagh Connolly (1885-1952) of Ard West and of my great-grandfather, Joseph B. Connolly (1885-1967) of Mweenish. They would both end up emigrating to South Boston where they married before moving to Dorchester. The top photo is of Joseph and Bridget Connolly with their son, Fr. Martin Connolly, when he was ordained a priest. In the 1960s and 1970s, he would come to Carna every summer to visit family and say the Mass out on the island on 16th July"

**Jack Connolly - Dorchester, MA**

# Abbey

School of Motoring

Galway • Clifden

Manual & Automatic Cars available

(091) 592040 • (087)7699222

Gift Vouchers available

# CLIFDEN SUPPLY CENTRE

Builders Providers and General Merchants.

**An Clochán**

**095-21476**

**E-Mail: clifdensupply@eircom.net**

*Nollaig Mhaith agus athbhliain faoi mhaise agaibh uilig.*

**Clifden Supply Centre, Galway Road, Clifden.**

# Tobar an tSean nóis;

**(Mairéad Uí Dhomhnail, Muighros)**

Ta tobar an tsean-nóis í gCarna, `s é  dul thar maoil,
ní theastaíonn aon taoscadh uaigh ná aon aol.
Tá a stór chomh saibhir sin go bhfuil ar áird an tsaoil,
dúirt daoine go dtriomodh sé ach beag an baol.

******

Tá  sé ag brúchtaoil le ceol `s le hamhráin bhinne,
`s tá a chuid fréamhacha ag sní ar fud na  cruinne.
An domhan mhór ag tarraingt as ʻs ní haon ionadh,
ní féidir é a fholmhú, ach go síoraí seasta ag líonadh.

******

Thuig Delargy ón gCoimisiún, an saibhreas a bhí againn,
`s chuir sé an bailitheoir, Seamus Ennis, ar a rothar, chugainn.
Chás sé le ceoltóirí, seanchaithe, `s scéalaithe na háite,
`s thaifead sé, oíche is ló, go raibh a thréimhse  tráite.

******

Fuair na gasúir ón gcliabhán é, go suaimhneach socair   réidh,
bhí sé go smior ins na daoine `s mar chuid den obair lae.
Cothaíodh an sean-nóis ó bhéal go béal, ón athair is ón máthair,
is mhair sé beo ó ghluain go gluain, mar atá ainn faoi láthair

******

Tá  na hamhráin chaointe ann, agalamh beirte `s amhráin ghrá,
lúibíní is amhráin bádóirí agus na céadtha scealta breá.
Tá scealta sí `s tabhaisiúil ann, seanchas `s deá-chainteanna,
gan caint ar portaireacht bhéil, damhsa agus sean-phaidireacha.

******

Gan tobar an tsean-nóis, cá mbeadh Oireachtas na Gaeilge,
nach iad fonadóirí chumasach Charna a bhí in ann chuige,
le togha na n-amhrán  bhreátha a bhainfeadh deoir as do shúile,
is gur thug siad an sway leo níos mo aon dream eile.

******

Thug Colm Ó Caodháin go Ennis é, `s Joe Einniú chuig na Stataí,
thug Máire an Ghabha go trí ghlúin é is neart eile ar na cartaí.
Fuair a chlann mhac ó Sheáin Jack é is rinne Josie eachta,
gan caint ar Johnny Mháirtín atá fós i ndiadh an chéachta.

******

Is as a tugadh amhráin d`oicheanta áirneáin is Phléaráca,
don Time, is an fleadh cheoil agus fuílleach fós fágtha.
Tá sé ansin  ag ceiliúradh ár mbaiste, `s na caointe lá ár mbáis,
`s nach brónach é an t-amhrán faoi Chríost le linn a pháis.

**Costcutter**
Proud to be local

# Tigh Leavy



**Siopa Grósaera**
**Búistéara / Fíon**



**Aird Mhóir**
**Fón/Facs: 095-32230**

Seolann muid beannachtaí na Nollag chuig ár gcustaiméaraí ar fad



# Lough Inagh Lodge

**Recess, Connemara, Co. Galway**

**Scenic Walks, Turf fires, Good food, Great Value.**



LOUGH INAGH LODGE
RECESS • CONNEMARA
SINCE 1880

**The lodge in the heart of Connemara.**

**095 34706/ Inagh@iol.ie**

**www.loughinaghlodgehotel.ie**

# Fear Foraoise agus Giolla.

Caoimhín Ó Chaonaigh, Gabhla, anseo, atá mar Ghiolla le Óstán Caisleáin Baile na hInse le fada an lá.  Thosaigh Caoimhín amach sna seascaidí mar Ghiolla agus é ag cuidiú le daoine a bhí gann ar scileanna iascaireachta. Thug sé eolas dóibh faoin iascaireacht agus faoin abhainn. D'éirigh sé as sin théis do fhear ó thionscail na gcrann teacht chuige agus é ar an "beat" lá, ag tairiscint post buan dó ar obair fhoraoiseachta. Mar a tharla sé, blianta ina dhiadh sin, timpeall 1999/2000 bhí sé ar cuairt i teach nuair a tháinig fear isteach a bhí taréis post a fháil i Baile na hInse mar bainisteoir ar an Iascaireacht.

Théis cómhrá faoin gcleachtadh a bhí ag Caoimhín ar abhainn Baile na hInse, agus ar an iascaireacht, d'iarr sé ar, a mbeadh suim aige dul ar ais mar Ghiolla arís̄t. Agus tá Caoimhín ann chuile seasúr iascaireacht ó shin, Márta go deireMí Méán Fómhar chuile bhliain, de réir mar a bhíonn sé ag teastáil.

Seo é Caoimhín i 2015 agus breac aige ó Abhainn Bhaile na hInne a raibh 14 punt meáchain ann.



# Teach Ghlinnsge

Bar/Restaurant and Craftshop



*Nollag Shona do gach duine*

**Ó Mhuintir Chlochartaigh**
**Fón: 095-32846/32279**



Thoughtful things for your Home.

## Lydon's – Carpets and Flooring.

## Moycullen.

Large selection of carpets, vinyls, semi solid and laminated Floors.

Fitting and delivery available.
Compórd agus teolaíocht sna carpets seo!

**Fón: 091 - 555962**
**lydonscarpets@gmail.com**

Síos go básta sna carpets!

**Teach & Feirm Dan O' Hara**
**Dan O' Hara Homestead**
**An Chlocháin**



**The Story of a Man - The Story of a Place**
**Scéal fir - Scéal a áit ducháis**

- Stair Chonamara /History of Connemara
- Siopa ceardaíochta/Craft Shop
- Bialann/Restaurant

**www.connemaraheritage.com**
**danohara@eircom.net**
**Tel 095 21246**

*Scoil Phobail Mhic Dara*
*Carna*
*Fón: 095-32245*
*Suíomh gréasáin: www.scoilphobailmhicdara.com*
*Ríomhphost: eolas@spmd.ie*

ag cur oideachas chuimsitheach dara leibhéal ar fáil

Guíonn foireann Scoil Phobail Mhic Dara
beannachtaí na Nollag agus na hathbhliana
ar an bpobal uilig.

**KEANE COMPUTER SERVICES**

Market Street
Clifden
H71 XA52

**085-7779018**

Bíonn margaí maithe ag an gCathánach ar Shráid an Mhargadh!

Savings on computers – Repair to Smart Phone – Céad Fáilte anseo!

**Nick Keane.**

T. Ó Máille Teo

**Ros Muc.**
**Co na Gaillimhe.**
**Telefón: 091-574101**



**Earraí Groséara - Crua Earraí**
**Éadach agus Ábhar Títhe**

*Go n-éirí go geal leis an gCoiste ina gcuid oibre.*

*Nollaig Shona do chuile dhuine agaibh.*

# An t-asal
## – ainmhí beag cróga na tuaithe.

*le Seosamh Ó Cuaig.*

Dream a rinne achainí ar son na n-asal a ghoin m'aire an lá faoi dheireadh. Donkey Sanctuary Ireland an teideal atá orthu. Tá 1,800 asal faoina gcúram a mbeadh drochbhail orthu murach iadsan a bheith ann le haire a thabhairt dóibh.

Deir an dream seo go bhfuil níos mó faillí ná riamh déanta ar chuid de na hasail le tamall anuas, go mór mór in iarthar na hÉireann.

Shílfeá go mbeadh ómós faoi leith againne don asal sa taobh seo den domhan mar gur mhaith a d'fheil sé dhúinn san am a caitheadh.

I gcléibh ar an asal a thugadh muid móin den phortach agus feamainn as an gcladach. Cén bhrí ach nuair a chuirtí an t-asal faoi cháirrín le hualaí a iompar ó áit go háit.

Seo é an t-am de bhliain is géire a dteastaíonn aire ón asal, a deir Donkey Sanctuary Ireland. Ainmhí fuar é, ní shileann an braon báistí de agus is maith a fheileann foscadh dó.

Is dócha nach bhfuil asal is cáiliúla i litríocht na Gaeilge ná an t-asal beag dubh a ndearna Pádraic Ó Conaire trácht air.

Déarfadh daoine go leor nach raibh asal ar bith aige ach is cosúil gur chreid fear na scannán as Meiriceá Orson Welles go raibh. Deirtear go ndeacha sé féin ag taisteal trí Chonamara ar cháirrín asail ag aithris ar an gConaireach.

Seo é an cur síos a rinne Pádraic Ó Conaire ar an asal beag dubh.

"I gCinn Mhara bhíos nuair chuireas aithne ar m'asal beag dubh i dtosach. Lá aonaigh a bhí ann, agus bhí sé ina sheasamh ansin cois claí agus a thóin le gaoth, gan aird aige ar an saol ná ag an saol air. Ach chuir mé féin suim ann ón tús. Bhí asal uaim, bhíos tuirseach den tsiúlóid—nach n-iompródh seisean mé féin agus mó mhala agus mó chóta mór, agus gach aon tsórt? Agus cárbh fhios nach bhfaighinn saor go leor é?"



**Seosamh Ó Cuaig.**

Luaigh Máirtín Ó Cadhain an t-asal sa gcur síos a rinne sé ina léacht "Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca" ar na cineálacha daoine a bhí sa bpobal inar tógadh é. Seo mar a mhínigh sé é:

"Bhí an leadaí agus an bradaí ann, an fear a chuimhneodh dá bhfaigheadh sé t'asal ina gharraí go raibh asal sa stábla agus Críost dhá bhreith ann. Agus an ceann eile dá ndeireadh an t-asal suas lena bhéal gurb air féin thar asail an domhain agus na staire a bhí Críost ag marcaíocht ag dul isteach go Ierusalem, go dtiomáinfeadh sé táirní cruithe capaill thríd an droim aige, ainneoin sin."

Níor chuala mé ariamh gur chuir aonduine táirní trí dhroim asail ach is cuimhin liom go maith an t-am a gceanglaítí canna stáin de dhrioball asail agus a ligtí soir nó siar an bóthar sna feire glinntí é agus é lionraithe ag an torann.

Dá mbeadh caint ag na hasail bheadh scéal cráite go leor le n-inseacht ag cuid mhaith acu. Tá cur síos sa Sean-Tiomna ar asal a raibh an bua sin aige. Seo mar a tharla:

Ansin d'oscail an Tiarna béal an asail agus dúirt sé le Balám: "Cad tá déanta agat orm, a rá is gur bhuail tú mé trí huaire mar seo?" Dúirt Balám leis an asal: "Tá tú ag déanamh ceap magaidh díom! Nár bhreá liom claíomh a bheith agam i mo ghlaic, mar go mbeifeá marbh agam faoin am seo!" Dúirt an t-asal le Balám: "Nach mise d'asal? Nach orm a rinne tú marcaíocht ó d'óige go dtí seo? I gcaitheamh an ama sin go léir ar theip mé riamh ort ag freastal ort?" "Ní dhearna tú," ar sé.



**Droch rath ar an 'wire' sin.
Bheadh seans againn a dhul i ngarraí na comharsan marach é!**




# Seó 1939



*Iad gléasta i bhfeisteas na mblianta sin … ag Seó Chapaillíní Chonamara i gCárna i 1939. Ó chlé: Beairtle Guairim (Beairtle Rua) as Leitir Árd; Pádraig Mac Donnchadha (Pat Bhilly) as Coillín; Bean Mhic an Iomaire as Fínis; Bean Phádraig Mhic an Iomaire as an gCoillín agus Mairéad Bhreathnach (Margaret Cheaite Bhreathnaigh) as Caladh bhFuighinse.*

AN CUMANN LUTHCHLEAS GAEL

CARNA / CAISEAL

*Beannachtaí na Nollag*
*ó*
*CLG Carna/Caiseal*

Is cumann Peile i nIarthar Chonamara muid ag freastal ar cheantar Iorras Aithneach, an Chaisil & An tSraith Salach.

Cuireann muid foirne chun páirce síos go dtí 8 mbliana d'aois i rith na bliana.

Míle buíochas do chuile dhuine atá ag treanáil ghasúir agus ag díol agus ag ceannacht 'Lotto Carna / Caiseal' i rith na mbliana.

*Carna / Caiseal ABÚ*

Nioclás Ó Conchubhair Teo
Homevalue

**Leitirmóir, Co. na Gaillimhe**
**Fón: 091-551 114 Faics: 091-551 258**

**Rogha agus Seirbhís den Scoth**
*Quality Choice Service*

**Stór Nua Oscailte anois i gCasla**

**Fón: 091-506111**
**Faics: 091-506044**

***Ábhar Tithíochta, Pluiméireacht, Leictreach,***
***Meaisín Níochán, Soirn, Crua Earraí,***
***Péint & Srl***

Tuismitheoirí na Gaeltachta

Príomhoifig: SPLANC!
Aonad 3 B&C,
Páirc Gnó na Ceathrún Rua,
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe. H91 Y0R2
Fón: 091 869571
eolas@tuismitheoiri.ie
www.tuismitheoiri.ie

An bhfuil tú ag tógáil do chlann le Gaeilge nó ar mhaith leat do chlann a thógáil le Gaeilge?
An bhfuil páistí agat faoi 5 bhliana d'aois?
An dteastaíonn uait tuilleadh Gaeilge a labhairt sa mbaile?

**Tá tacaíocht ar fáil:** Déan iarratas ar an bPacáiste Tacaíochta Teaghlaigh.

Seol ríomhphost chuig teanga@tuismitheoiri.ie agus seolfar an fhoirm iarratais ar ais chugat. Roinnfidh Tuismitheoirí na Gaeltachta leabhair, dlúthcheirníní chomh maith le comhairle phraiticiúil sna pacáistí sa chanúint a bhíonn á chleachtadh agaibh sa mbaile. Beidh muid i dteagmháil leanúnach le gach duine a chláraíonn linn agus scaipfear eolas, comhairle agus tacaíocht oraibh.



Is muide an chéad ghlúin eile. Bígí linn!



Siamsán na nÓg • Suathaireacht do Leanaí • Amharclann na nÓg • Litir chuig Santaí • Áirneán na nÓg • Leabhra sa bPobal
Cinema Gaelach • An Pota Stóir • Siopa Leabhar Gaeilge na nÓg • Club Leabhar • Ciorcal Léitheoireachta • Gligíní
Scéim na nEalaíon Béil • Teacht in Inmhe • Cúrsaí Réamhbheirthe • Fóram do Thuismitheoirí Gaeltachta • Campaí Spraoi
Ionadaíocht • Abhchóideacht • Comhairle • Tacaíocht • Taighde • Feasacht



**Gach rath agus beannacht ar Leabhar Iorras Aithneach 2022**

# Éamon Ó Cuív T.D.

**Oifig Dáilcheantair,**
**Sráid Tobar an Iarla, Gaillimh**

**Constituency Office,**
**Flood Street, Galway**

*********

*Fón / Phone: 091 562846*
*Ríomhphost / Email: eamon.ocuiv@oireachtas.ie*
*www.eamonocuiv.ie*

# Inniu agus Inné



**Ag seoladh suíomh Diaspóra na Gaeltachta in Ionad na nImirceach i gCarna - baill de Choiste an Ionaid agus cuairteoirí.**

*Ó chlé:* Mary Uí Chathain (Bord an Údaráis), Máirtín Ó Catháin (Cath. Ionad Imirce), Máirtín Ó Gríosa, Susan Uí Chatháin, Eileen Davis, Michael Dunworth, Seosamh Ó Cuaig, an Comhairleoir Contae Eileen Mannion, Micheál Ó hÉanaigh (Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta), Martina Uí Chuaig, Gormfhlaith Ní Thuairisc (Bainisteoir Cumarsáide agus Eolais an Údaráis) agus Roibeárd Ó hÉilí.



**Foireann peileadóirí ban Scoil Phobail Mhic Dara ós cionn scór blianta ó shin agus an Príomhoide, Roibeárd Ó hÉilí in éineacht leo.**

# Scoil Phobail Mhic Dara – Leathchéad Bliain ar an bhfód.

## - Forbairt mhór ceadaíthe anois.

*le Dara ó Maoilchiaráin*

Tá Scoil Phobail Mhic Dara ag ceiliúradh leathchéad bliain mar scoil phobail i mbliana. Dar ndóigh bhí oideachas dara leibhéal ar fáil do dhéagóirí Iorrais Aithneach, an Caiseal agus Ros Muc le blianta fada roimhe sin. Bhí Siúracha na Trócaire i Meánscoil Sheosaimh ar shuíomh na scoile ina bhfuil muid inniu agus ag Gairmscoil Mhic Dara san áit ina bhfuil Áras Shorcha Ní Ghuairim anois. I 1972 bhí Scoil Phobail Mhic Dara ar cheann den chéad trí phobalscoil a bunaíodh sa tír.

Don chéad sé bliana déag bhí an scoil lonnaithe idir suíomh na Gairmscoile agus suíomh na Meánscoile agus na scoláirí ag siúl soir agus siar ag am lón chun freastal ar ranganna. Táim cinnte gur iomaí scéal atá ann agus gur iomaí braon baistí a bualadh ar na scoláirí ar a dturas laethúil! I 1988 bhí athchóiriú déanta ar shuíomh na meánscoile, síneadh curtha leis an bhfoirgnimh agus seomraí feistithe amach go nua-aimseartha do na hábhair éagsúla. Bhí sé iontach go raibh halla spóirt mar chuid de na háiseanna nua! Tá forbairt mhór eile ceadaithe don scoil anois agus foireann deartha ag forbairt smaointí agus pleananna faoi láthair. Tá seomra Grafaice, seomra Ilmheánach, seomra Ceoil, dhá sheomra ranga ginearálta agus aonad le dhá sheomra do scoláirí le riachtanais speisialta ceadaithe sa bhforbairt agus beidh sé seo uilig ceangailte leis an bhfoirgneamh atá ann cheanna féin. Cuirfidh an fhorbairt seo athrú agus méadú damanta ar an scoil ó thaobh compord agus áiseanna de!

### Méadú ar an líon ábhar sa Scoil.

Cé go raibh rogha mór ábhair ar fáil do scoláirí sa Scoil Phobail ón tús, tá leathnú curtha ar an méid ábhair atá an scoil ag cur ar fáil do scoláirí anois agus muid ag díriú isteach ar na réimsí ina bhfuil suim agus scileanna faoi leith ag scoláirí iontu. Tá Ceol leabaithe go maith mar ábhar le roinnt blianta anuas agus tá Eolaíocht Talmhaíochta mar cheann de na hábhair eolaíochta atá scoláirí ag cur an-suim ann le cúpla bliain anuas. Tá sé an-deacair ag scoil bheag réimse leathan ábhair a chur ar fáil ach ó tháinig an Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta isteach tá deis ag scoileanna Gaeltachta ábhar nó dhó a bheith ar fáil ar líne, ceangailte le múinteoir i scoil eile Gaeltachta. I mbliana tá Ceimic dhá mhúineadh do scoláire sa Cúigiú Bliain trí ranganna ag teacht beo ó scoil sa Daingean i gCo. Chiarraí ar scáileán agus trí ríomhaire glúine atá ag an scoláire. Bíonn múinteoir sa seomra anseo freisin chun tacú leis an rang más gá. Fágann sé sin muid i mbliana go raibh rogha de sé ábhar déag ag scoláire le piocadh as, ach is leor do dhuine ar bith staidéar a dhéanamh ar seacht nó ocht gcinn ar a mhéid don Ardteistiméireacht.



**Dara Ó Maoilchiaráin, Príomhoide,**
Scoil Phobail Mhic Dara, Carna.

Is iomaí athrú atá tagtha ar an saol sa leathchéad bliain sin agus bí cinnte gur iomaí athrú mór eile atá amach romhainn. Dá ndéarfá leathchéad bliain ó shin go mbeadh scoláirí ag freastal ar ranganna scoile ar scáileán, ina gcuid seomraí codlata agus ag seoladh obair bhaile ag múinteoirí "tríd na clabhtaí", bheadh imní ag daoine duit! Is le tús an phaindéim domhanda Covid 19 in 2020 a tharla sé seo agus cé gur mhaith ann é ag an am, ní raibh sé nádúrtha. Anois, in 2022 tá muid ag foghlaim chun

maireachtáil leis an víreas agus buíochas le Dia, scoileanna ar ais mar ba cheart, lán le scoláirí agus straois gháire le feiceáil ar a n-aghaidh agus iad ag fás agus ag forbairt. "Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine" agus ceapaim gur mheabhraigh an cúpla bliain deireadh é sin dúinn ar fad!

## Cuid den phobal í an Scoil.

Leis na hathruithe uilig atá tagtha ar Scoil Phobail Mhic Dara agus an saol le leathchéad bliain, níl mórán athrú tagtha ar ról na scoile agus na riachtanais atá ag an aos óg atá ag freastal uirthi. Tá athrú tagtha ar a bhfuil ag daoine óga an lae inniu, na deiseanna atá acu agus tuiscint níos fearr sa chóras oideachais ar éagsúlachtaí chuile scoláire. Fós, tá na bunriachtanais céanna ag chuile thuismitheoir agus scoláire. Teastaíonn ón scoil timpeallacht ina n-airíonn gasúir sábháilte agus compordach a chruthú, deis a thabhairt do ghasúir foghlaim agus forbairt sa mbealach a fheileann iad féin agus a bheith suaimhneach ina n-intinn go bhfuil daoine ag faire amach dóibh ag amanna deacair agus brónach. Thar aon rud tá sé tábhachtach go n-airíonn siad nach bhfuil siad ina n-aonar, ach mar chuid de phobal amháin atá ag comhoibriú le chéile. Bhí leathchéad bliain ó shin, tá inniu agus beidh i gceann leathchéad eile, na blianta déaga deacair ar aon aos óg agus an jab is tábhachtaí dúinn mar scoil ná a bheith leo ar an aistear seo.

Is iomaí dúshlán a bhí roimh Scoil Phobail Mhic Dara thar na leathchéad bliain atá caite, ganntanas múinteoir, ganntanas scoláirí, ganntanas spáis, ganntanas airgid, ceist na Gaeilge agus neart eile, ach is ar na deiseanna agus buanna a theastaíonn díriú orthu agus muid ag ceiliúradh. Tá agus bhí scoláirí den scoth agus foireann den scoth, ag freastal ar an scoil chuile lá. Tá agus bhí tuismitheoirí agus Bord Bainistíochta láidir, glórach, tacúil againn i gcónaí agus bhí muid in ann brath ar ghnóanna agus pobal na háite chun cuidiú linn nuair a theastaigh. Tá freastal maith déanta ag Scoil Phobail Mhic Dara ar cheantar Iorrais Aithneach agus níos faide ó bhaile le leathchéad bliain agus tá muid réidh chun tabhairt faoin leathchéad bliain amach romhainn.



**Múinteoir ag an ngeata.**
Seán Ó Ceoinín as Roisín na Mainíoch ag geata na sean scoile i nGlinnsce roimh dhúnadh na scoile sin i 1962.




**Spraoí ar an turas don Iodáil, buachailí as Scoil Phobail Mhic Dara ligthe amach.**
- Stephen Breathnach, MacDara Ó Maoláin, Máirtín Ó Cuirrín agus Dara Ó Cualáin

# Leathscór Bliain ó shin - Debs 2012

## Debs 2012



**Ó chlé:** Breandán Ó hIarnáin (Roisín na Maithníoch), Helen Ní Ghuairim ( Roisín na Maithníoch) Christina Ní Ceanneabháín (Coile Sáile), Lisa Ní Fhlatharta (Bantrach Ard) agus Séamús Ó Neasa (Coill Sáile).



**Ó chlé:** Cian Ó Suilleabháin (Glinnsce) agus Bríd Ní Ghríofa (Maoinis).



**Ó chlé:** Pierce Mac Donnacha (Cill Chiaráin) agus Sarah Ní Cheanneabháin (Cill Chiaráin).

# Bliain mhaith acu i 2022



**Sna Boston Police.**
T.J. Flaherty sa lár an lá ar ceapadh é ina phóilín cathrach i mBoston i mbliana.
Tá a dheartháir, Dara ar dheis do T.J. agus Kathleen Dara Beag ar dheis uilig.
Ar thaobh na láimhse clé tá Cóilín Dara Beag, athair na bpóilíní, agus Della Dara Beag lena thaobh.



Ella Ní Mhadaoin as Cill Chiaráin - imreoir le fóirne faoi aois na Gaillimhe

## Comhar Naíonraí na Gaeltachta

**Ag soláthar seirbhísí luathbhlianta den scoth trí Ghaeilge sa Ghaeltacht**

**Comhar Naíonraí na Gaeltachta**
Aonad 3B, Páirc Gnó na Ceathrún Rua,
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe,
H91 YN1Y.

Fón: 091-595337
R-phost: eolas@cnng.ie
www.comharnaionra.ie

## Passport Online

The fastest and cheapest way to get your first Irish passport or renew your passport.




Clifden Pharmacy

Phone: 095-21821
E-mail:
clifdenpharmacy@outlook.com

Passport Online is for all passport applications, including first time applicants and renewals, in:

- Ireland,
- Northern Ireland,
- Great Britain,
- the European Union,
- European Economic Area,
- Switzerland.

*For your medical supplies and cosmetic products, Christmas presents and licence photographs.*


*Friendly and efficient service from Noreen Casey and her team.*

Nollage faoi shéan agus faoi mhaise agaibh uilig.

**WWW.DFA.IE/PASSPORTONLINE**



Free WiFi
TIGH MHEAIC
BEÁR & BIALANN
DEA-BHIA GACH LÁ GO DTÍ 9i.n.
CÓISIR AGUS LÓNADÓIREACHT BAILE
SERVING GOOD FOOD UNTIL 9pm EVERY DAY,
ALL YEAR AROUND (!)
FRESH COFFEE (!)
TAKE AWAY FOOD (!)
HOME CATERING FOR
FUNCTIONS & PARTIES
CEOL, DAMHSA & SIAMSAÍOCHT ☺
Fón: 095 32730 / 087 2826244
tighmheaic@gmail.com

Cogaslann Agatha
Poitigéir Teaghlaigh Áitiúil
Agatha Bn Ui Mhisteil
An Cheathrú Rua, Co. Na Gaillimhe
Fón: 091 595154
cogaslannagatha@gmail.com
Carna, Co. Na Gaillimhe
Fón: 095 32680
Comhairle Poitigéara
Pharmacist Advice
Oidis
Prescriptions
Áilleacht & Íocshláinte
Health & Beauty

# 30 Bliain ó shin - Iorras Aithneach 1992

## Bhailigh Scoil Phobail Mhic Dara, Cárna £1,200 do Somalia





**Seaimpíní** Rónán Ó Cualáin

*An- bhliain ag peileadóirí óga Iorras Aithneach. Seo í an fhoireann a bhua craobh an Chontae faoi-14 in Uachtar Ard i Mí Lúnasa, 1992.*

*An líne cúil (ó chlé): Séamus Ó Méalóid, Seán Ó Flatharta, Pól Ó Féinneadha, Marcus Mac Fhlannchadha, (Caiptín), Seán Ó Cualáin, Réamonn Mac an Iomaire, Rónán Ó Dubhda, Maitias Ó Cathasaigh.*

*Líne tosaigh (ó chlé): [redacted], Seán Ó Cathasaigh, Ciarán Ó Madaoin, Máirtín Ó Flatharta, Séamus Ó Catháin, Éamonn Ó Cualáin, Seán Mac Donnchadha, Seán Mac an Iomaire.*

# *Seainpíní na gCurrachaí 2022*








Ar barr, ar chlé (ó chlé): **Máire Bríd Bhreathnach, Róisín Éinniú agus Bernie Seoige a bhuaigh Craobh na hÉireann i gCloch na Rón i mbliana.**

Ar barr, ar dheis (ó chlé): **Máirtín Éinniú, Michael Sullivan agus Eoinín Honan a bhuaigh Craobh na gCurrach i mbliana.**

Lár, ar chlé: **Deartháir agus deirfiúr Róisín agus Máirtín Éinniú, beirt atá ábálta ar na maidí rámha.**

Íochtar, ar chlé (ó chlé): **Máirtín Éinniú, Micheál Éinniú, Seán Lydon (úinéir na curraigh) agus Noel Ó Gríofa.**

Íochtar, ar dheis (ó chlé): S**eán Éinniú, Máirtín Ó Maoilchiaráin, Micheal Ó Maoilchiaráin agus Joe Rua Seoige.**





SCEIRDE ROCKS WINDFARM
Feirm Ghaoithe Charraigeacha Sceirde




# Scéim Ghaoithe na Sceirde

## Comhphobail a chumhachtú le fuinneamh in-athnuaite.

- Bonneagar den chéad scoth ar chósta thiar na hÉireann
- Cuirfear dóthain leictreachais ghlain ar fáil do níos mó ná 350,000 teach
- Pobail á neartú de thoradh ciste sochair ar fiú roinnt milliún euro é
- Tacú le spriocanna náisiúnta maidir leis an athrú aeráide
- Slándáil agus iontaofacht fuinnimh a sholáthar

www.sceirderockswindfarm.com

FUINNEAMH SCEIRDE TEO

CORIO